RSA



# Tuarascáil Bhliantúil an RSA 2011

An tÚdarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre
Road Safety Authority

Tuarascáil Bhliantúil an RSA 2011

Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh

# Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh



**Don séú bliain as a chéile, rinneadh laghdú ar líon na ndaoine a maraíodh ar bhóithre na hÉireann a thaifeadadh i 2011. Don ceathrú bliain as a chéile, go deimhin, d'éirigh linn an líon is ísle de bhásanna ar na bóithre a bhaint amach ó taifeadadh na chéad taifid i 1959**

Tháinig feabhas freisin ar stádas na hÉireann ag leibhéal an AE, ag léim thar an nGearmáin, chun a bheith ar an séú tír is sábháilte san Aontas. Mar a chuir mé in iúl cheana, áfach, tá bearna mhór fós idir an tír seo agus na tíortha leis na bóithre is sábháilte san Eoraip. Tugaimid tíortha 'SUN' (SRÍ) orthu agus cuimsíonn siad: an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Ísiltír. Cé go bhfuil feabhas ag teacht ar shábháiteacht na mbóithre in Éirinn, is fíor a rá go raibh an ráta báis ar bhóithre na dtíortha seo cosúil le seo cúig nó sé de bhlianta ó shin. Mar sin féin, is feabhas é ar an leibhéal uafásach sléachta a chonaiceamar corradh le deich mbliana ó shin. Is é mo thuairim dhaingean gur féidir linn na bóithre is sábháilte ar domhan a bheith againn in Éirinn roimh 2020.

Shroich an RSA cúpla cloch mhíle shuntasach i 2011. Bhí seoladh an chláir nua, Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT), ar cheann de na hathruithe ba thábhachtaí, ó tugadh isteach an tástáil tiomána. Éilíonn an clár seo ar thiománaithe faoi oiliúint ceachtanna tiomána riachtanacha a ghlacadh do charranna agus veaineanna éadroma. Is ceann de raon bearta é ORT a d'fhógraíomar mar pháirt de chóras Cheadúnú Céimnithe do Thiománaithe (CCT) a fheabhsóidh an tslí a dhéantar tiománaithe a oiliúint, a thástáil agus a cheadúnú in Éirinn. D'imigh an lá a dtiocfadh le duine tiomáint a fhoghlaim nó tástáil tiomána a ghlacadh gan teagasc éigin foirmiúil a fháil. Táim dóchasach go mbeidh éadáil shuntasach maidir le sábháilteacht ar bhóithre mar thoradh ar an mbeart seo go ceann blianta fada amach romhainn.

Seoladh feachtais nua fheasachta freisin i 2011 a bhain le tiomáint ar mhótarbhealaí agus an chontúirt a bhaineann le tiomáint faoi thionchar cannabais. Shonraigh an RSA seoladh 'Deichbhliain Ghníomhaíochta do Shábháilteacht ar Bhóithre na NA' a bhfuil sé d'aidhm aige 5 mhiliún beatha a shábháil ar bhóithre an domhain sna deich mbliana amach romhainn. Seasann seo do laghdú iomlán de 50% den líon tuartha bás ar domhan faoin mbliain 2020. Faoi láthair, maraítear 1.3 milliún duine agus gortaítear 50 milliún mar thoradh ar imbhuailtí ar bhóithre an domhain gach bliain.

Cuimhneofar ar 2011, áfach, mar an bhliain a ndeachamar i ngleic sa deireadh leis an gcrá croí a bhaineann le tiomáint faoi thionchar na dí. Ar dtús, deonadh cumhachtaí nua don Gharda Síochána, chun tástáil alcóil shainordaitheach a chur ar thiománaithe ar láthair na tuairte nuair a gortaíodh duine éigin, nó ar thiománaí a gortaíodh agus a tugadh chun na hotharlainne. Sa dara cás, tá ár dteorainneacha maidir le tiomáint faoi thionchar na dí anois ar aon dul le leibhéil na hEorpa, ó thit siad ó 80 milleagram (mg) go 50 milleagram (mg) do na tiománaithe uilig agus ó 80 milleagram (mg) go 20 milleagram (mg) do thiománaithe faoi oiliúint, tiománaithe nuacháilithe (ar feadh thréimhse dhá bhliana tar éis dóibh éirí leo sa tástáil tiomána) agus tiománaithe gairmiúla mar thiománaithe bus, feithiclí earraí agus feithiclí seirbhíse poiblí (FSP).

Sábhálfaidh na bearta seo beatha daoine agus cuirfidh siad cosc ar a lán gortuithe tromchúiseacha. Ní fhéadfaí iad a chur i gcrích in aon chor, áfach, gan tacaíocht ón bpobal. Féadaimid a bheith buíoch go gceapann an formhór mór de mhuintir na tíre seo anois gur iompraíocht mhilleánach shóisialta a bheith ag tiomáint faoi thionchar na dí.

**Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh**

Tá roinnt de dhúshláin mhóra roimh an RSA sa bhliain atá amach romhainn. Is é an chéad cheann ná 'Tionscadal Claochlaithe an Cheadúnais Thiomána', nuair a thabharfar isteach ceadúnas tiomána i bhfoirm cárta plaistigh in Éirinn. Tugann Treoir ón AE sainordú gur ceadúnais chártaí phlaisteacha a bheidh sna ceadúnais nua uilig a eiseofar tar éis Eanáir na bliana 2013. Tá go dtí 2029 ag Éirinn chun an próiseas a chur i gcrích.

Tionscadal tábhachtach eile is ea an clár leasaithe a chur i bhfeidhm, an fhreagracht maidir leis an tástáil ród-acmhainneachta bhliantúil, a dhéantar ar fheithiclí earraí agus ar fheithiclí do phaisinéirí, a aistriú ó Údaráis Áitiúla go dtí an RSA. Ba í tragóid tuairte bus Bhaile an Cheantaigh ba bhunús leis an tionscadal an-suntasach seo.

Is é an cúram is mó don RSA i 2012, áfach, ná an chéad Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre eile a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Rialtais lena fhormheas. Chun é seo a chur i gcrích, beidh inchur ó na daoine uilig a bhfuil bun acu i sábháilteacht ar bhóithre de dhíth orainn. Is é mo mhian macánta go mbeidh baint ag gach dream de shochaí na hÉireann leis an straitéis seo, ionas go mbeidh leas dílsithe ag gach duine chun a chinntiú go n-éireoidh leis.

Mar oifigeach cuntasaíochta, is cúis áthais dom a thuairisciú go raibh barrachas buiséid ag an RSA i 2011 agus chuamar níba ghiorra d'fhéinmhaoiniú. Tugann na cuntais bhliantúla agus iniúchóireacht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste achoimre ar chur chuige Bhord agus Fheidhmeannais an RSA maidir leis an luach is fearr a chur ar fáil, agus ar ionracas agus maoirseacht airgid poiblí. I mo ról mar oifigeach cuntasaíochta glacaim freagracht as úsáid chuí a bhaint as an €12.039 milliún de mhaoiniú ón Státchiste a cuireadh ar fáil don Údarás i 2011. Tá cuntais airgeadais an RSA mionsonraithe ag deireadh na tuarascála seo.

Is mian liom aitheantas a thabhairt don tsárobair a rinne foireann an RSA chun táirgiúlacht a mhéadú, feidhmeanna nua a ghlacadh as láimh agus caighdeán a seirbhísí a fheabhsú. Táim bródúil go áirithe as ár bhfoireann agus a gcumas aghaidh a thabhairt go díreach ar dhúshláin nua agus gan dearmad a dhéanamh choíche go bhfuil siad de shíor ag obair chun beatha daoine a shábháil i ngach rud dá ndéanann siad laistigh den RSA.

Táim faoi chomaoin ag a lán eagraíochtaí a thug tacaíocht dúinn agus sinn ag iarraidh ár n-aidhmeanna maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn agus ar aghaidh i 2011 agus táim ag súil go mór le leanúint leis an dlúthcheangal oibre sármhaith rathúil arís i 2012.

Caithfidh mé, áfach, buíochas ar leith a ghabháil lenár gcomhpháirtithe straitéiseacha: An Garda Síochána, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, an Lia-Bhiúro um Shábháilteacht ar Bhóithre, Údaráis Áitiúla agus an Roinn Iompair. Is mian liom aitheantas a thabhairt do laochra gan iomrá shábháilteachta ar bhóithre, foireann tosaigh an Gharda Síochána, foirne dóiteáin, altraí, dochtúirí agus dóibh siúd a bhíonn ag plé le hathshlánú na ndaoine a ghortaítear ar na bóithre.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil leis an bpobal úsáidte bóithre in Éirinn as a misneach agus as an dea-shampla a thug siad do dhaoine eile. Shonraigh tíortha eile an sampla seo, agus dá thoradh sin tháinig siad chugainn le fáil amach conas a chuireamar é i gcrích. D'inis mé dóibh go mbaineann sé sa deireadh le glacadh le freagracht aonair; d'inis mé dóibh gur sibhse a bhain seo amach dúinn.

Fanaigí sábháilte ar an mbóthar.

**An tUasal Noel Brett**



# Ráiteas an Chathaoirligh

**Ba í 2011 an bhliain ba shábháilte ar bhóithre na hÉireann ó tosaíodh ag coiméad taifead. Ach ní cúis cheiliúrtha í. Cé gur éirigh linn líon na mbásanna a laghdú don séú bliain as a chéile, is fíor a rá gur chaill 186 duine a mbeatha ar ár mbóithre anuraidh.**

Seo an rud a spreagann mise, an Bord, ár bPríomhfheidhmeannach agus foireann an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre. Tá súil agam go n-aontaíonn sibh linn. Trí seo a dhéanamh, tá an tsochaí ar cur in iúl nach dtiocfaidh an lá choíche a n-aontóimid ar leibhéal inghlactha básanna agus gortuithe de thoradh thuairteanna ar bhóithre, mar ar chúl gach staitistic, tá fíordhuine. Duine le clann, cairde agus pobal croíbhriste faoin té a cailleadh.

I mí na Samhna seo caite, chruthaigh an RSA Balla Cuimhneacháin ar a leathanach Facebook i gcomharthú ar an 'Lá Cuimhneacháin Domhanda d'Íospartaigh um Thrácht ar Bhóithre'. Ón uair sin, chuir 587 duine teachtaireacht suas in ómós do dhuine muinteartha a maraíodh ar an mbóthar.

Mholfainn daoibh dul isteach ann, chun do theachtaireacht féin a chur suas nó na nótaí coscracha a fágadh ann a léamh. Níl le rá ag cuid acu ach d'ainneoin gur cailleadh cara, gaol nó comhleacaí leo, nach bhfuil siad leagtha i ndearmad. Tá cuid eile níos pearsanta agus an-truacánta le léamh.

Is léir ó na focail atá scríofa nár tháinig aon laghdú ar an bpian agus ar an bhfulaingt a bhain lena mbásanna le himeacht aimsire agus go bhfuil siad go hamh inniu agus a bhí siad nuair a tharla an tragóid. Is iad siúd i gcuimhneachán ar pháiste a maraíodh ar an mbóthar na cinn is deacra a léamh.

Agus tú ag léamh na dteistiméireachtaí gairide, déanann tú iarracht na daoine seo a fheiceáil i d'intinn, cén saghas daoine iad agus cad ann a chur siad spéis. Fíordhaoine ba ea iad a raibh dóchas agus aislingí acu, daoine a raibh todhchaí acu. Ansin tuigeann tú faraor go bhfuil siad imithe uainn, gur giorrú a saol go tragóideach. "Tógtha uainn i bhfad ró-luath" an deireadh a chuirtear le cuid mhaith de na nótaí a chuirtear suas.

Ag léamh na dteachtaireachtaí dúinn, cuirtear ina luí orainn méid na tragóide a d'fhulaing líon ró-mhór de theaghlaigh na tíre seo de thoradh tuairteanna ar bhóithre. Cuireann sé i gcuimhne dúinn cé chomh tanaí is atá na snáithí a cheanglaíonn ár mbeatha, snáthai beatha a d'fhéadfaí a ghearradh i bpreabadh na súl ar an mbóthar. Is é an fáth go bhfuil an Balla Cuimhneacháin ann ná chun a chinntiú nach ligfimid iad siúd a maraíodh ar na bóithre i ndearmad. Ní staitisticí iad, is fíordhaoine iad agus chun urraim a thabhairt dóibh, níor cheart dúinn ligeann dá mbásanna bheith in aisce.

Agus mé ag léamh tríd an gcéad Straitéis Sábháilteachta ar na Bóithre de chuid an Rialtais, a foilsíodh i 1998, le déanaí, thug mé faoi deara gur tugadh isteach an Straitéis mar go rabhthas imníoch go raibh taifead sábháilteachta ar bhóithre na hÉireann ag meathlú i gcomparáid le tíortha eile de chuid an AE. Thug sé an tuar scáfar seo freisin: *"In éagmais polasaithe agus bearta nua, treisithe... is dócha go n-ardóidh líon na mbásanna ar na bóithre ó 472 i 1997 go 550 ar a laghad i 2002."*

**Ráiteas an Chathaoirligh**

Mar thoradh ar bhur n-iarrachtaí agus a n-iarrachtaí siúd atá bainteach le sábháilteacht ar bhóithre, níor tháinig an tuar faoin tairngreacht seo.

Is deacair a chreidiúint ach siar sa bhliain 1997, chailltí 60 gluaisrothaí ar an meán ar na bóithre gach bliain, an dara ráta de bhásanna gluaisrothaithe ba mhó san AE. Chailltí 115 choisí gach bliain, an tríú ráta de bhásanna coisithe ba mhó san AE. Déanta na fírinne, i mblianta tosaigh na 1980óidí, chailltí corradh le 200 coisí gach bliain, líon níos airde ná líon iomlán na ndaoine a maraíodh i 2011 ar fad.

Ainneoin go ndearnadh faillí i sábháilteacht ar bhóithre ar feadh na mblianta fada, d'aisiompaigh sibh é sin go sonraíoch toisc nár ghlac sibh le 'gnó mar is gnáth" mar chúinse.

Ainneoin gur cailleadh 186 bhall dár bpobal i 2011, caithfear a aithint gur bhain sibh oiread amach i dtréimhse sé bliana agus a bhain tíortha eile amach i 20 bliain.
Is í seo an urraim is mó gur féidir linn a thabhairt dóibh siúd a fuair bás ar ár mbóithre agus dá dteaghlaigh.

Roghnaigh sibh glacadh go fonnmhar le cultúr sábháilteachta ar bhóithre. Is páirt daoibh féin an dearcadh agus an t-iompar dearfa ar na bóithre anois. Is féidir leat féin seo a fheiceáil gach uair dá mbíonn tú ag taisteal ar bhóthar. Bíonn daoine ag siúl, ag bogshodar nó ag rothaíocht agus seaicéid shofheicthe a gcaitheamh acu. Níor tharla a leithéid seo deich mbliana ó shin.

Bhí na figiúir a d'eisigh Cumann Príomh-Oifigigh Dóiteáin na hÉireann le déanaí spreagúil freisin mar gur thaispeán siad gur chuidigh tionscnaimh shábháilteachta leis an laghdú de 24% a tháinig ar líon na nglaonna amach go tuairteanna i 2011.

Is cúis áthais gur thit líon na mbásanna ar na bóithre don séú bliain as a chéile agus don cheathrú bliain i ndiaidh a chéile gur thit líon na mbásanna ar na bóithre go dtí an leibhéal is ísle ó rinneadh básanna ar bhóthair a thaifeadadh den chéad uair i 1959.

Tá an iomarca daoine,áfach, a marú agus a dtromghortú ar ár mbóithre. Níl aon amhras ach nach ndéantar líon suntasach de na tromghortuithe a thuairisciú ar chor ar bith. In aghaidh gach duine a maraítear, is dócha go dtromghortaítear deichniúr. Is cinnte go mbeidh orainn díriú ar seo agus sinn ag pleanáil forbairt na chéad Straitéise sábháilteachta ar bhóithre eile de chuid an Rialtais a chlúdaíonn an tréimhse ó 2013 go 2020.

Ní bheimid chóiche in ann na daoine a shábhálamar lenár n-iarrachtaí le roinnt blianta anuas a aithint. Ní bheigh 'Balla' choíche ag ceiliúradh na ndaoine a mhair. Ach mar a deir ár bhfógra, tá go leor fíordhaoine sábháilte againn le baile mór a líonadh. Líonaimis a thuilleadh bailte móra, mar sin.

**An tUasal Gay Byrne**

## Clár Ábhair


| | | |
|---|---|---|
| 02 | | Ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh |
| 04 | | Ráiteas an Chathaoirligh |
| 09 | 01 | Réamhrá |
| 17 | 02 | Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe |
| 29 | 03 | Sábháilteacht ar bhóithre, Taighde agus Oideachas do Thiománaithe |
| 67 | 04 | Caighdeáin Fheithiclí agus Forfheidhmiú |
| 85 | 05 | Seirbhísí Corparáideacha |
| 95 | 06 | Aguisín |

1

# Réamhrá

## Bunú

Is comhlacht reachtúil é an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) a bhunaigh an tAcht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Dílsíodh an RSA ar an 13 Meán Fómhair 2006 trí Ionstraim Reachtúil (I.R) Uimhir 477 de chuid 2006.

## Ár Misean

Is í aidhm an RSA beatha daoine a shábháil agus gortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú. Is í Ag Obair chun Beatha Daoine a Shábháil an sprioc shonraithe lenar ghlac Bord an RSA.

## Feidhmeanna

Tá na feidhmeanna as a bhfuil an RSA freagrach leagtha amach san Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 2006. Cuimsíonn siad tástáil agus oiliúint tiománaithe, caighdeáin fheithiclí agus feidhmeanna áirithe forfheidhmithe, cur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre .

Tá na feidhmeanna seo sannta faoi na stiúrthóireachtaí seo leanas:


Tástáil agus Ceadúnú na dTiománaithe
Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas do Thiománaithe
Forfheidhmiú agus Caighdeáin Fheithiclí
Faigheann gach ceann acu tacaíocht ó Sheirbhísí Corparáideacha




## Athbhreithniú Sábháilteachta ar Bhóithre 2011


Chaill 186 daoine san iomlán a mbeatha. Léiríonn seo titim de 60.6% i líon na mbásanna ar bhóthair i gcomparáid le 1997 nuair a chaill 472 duine a mbeatha ar bhóithre na hÉireann. Ba í 2011 an bhliain ba shábháilte ar bhóithre na hÉireann ó thosaigh na taifid i 1959. Léirithe mar mheán míosúil, ba é líon na mbásanna i 2011 ná 16 gach mí. I 2006, 30 a bhí i gceist, 28 i 2007, 23 i 2008, 20 i 2009 agus 18 i 2010. Is é príomhchuspóir Straitéise Sábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais 2007-2012 ná líon na mbásanna ar na bóithre a laghdú go líon nach mbeidh níos mó ná 60 bás in aghaidh gach milliún den daonra faoi dheireadh na bliana 2012. Is ionann seo agus meánlíon de 21 bás ar na bóithre sa mhí nó 252 sa bhliain.

## Básanna Úsáideoirí Bóithre ar Bhóithre 2011



## Sábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann i gComhthéacs, 1959 — 2011




## Básanna ar Bhóithre de réir Modha Taistil, 2001 — 2011

| Cineál Úsáideora Bóthair | 2001 | 2002 | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Coisithe | 89 | 86 | 64 | 70 | 74 | 73 | 81 | 49 | 40 | 44 | 45 |
| Rothaith | 12 | 18 | 11 | 11 | 10 | 9 | 15 | 13 | 7 | 5 | 9 |
| Gluaisrothaithe | 50 | 44 | 55 | 50 | 56 | 29 | 33 | 29 | 25 | 17 | 17 |
| Úsáideoirí Carranna | 230 | 200 | 172 | 208 | 222 | 226 | 171 | 160 | 146 | 130 | 95 |
| Úsáideoirí FSP | 0 | 1 | 0 | 0 | 6 | 3 | 1 | 0 | 1 | 1 | 1 |
| Feithiclí Earraí | 26 | 20 | 27 | 25 | 22 | 18 | 32 | 20 | 17 | 10 | 16 |
| Daoine Eile nó Anaithnid | 4 | 7 | 6 | 10 | 6 | 7 | 5 | 8 | 2 | 5 | 3 |
| Iomlán | 411 | 376 | 335 | 374 | 396 | 365 | 338 | 279 | 238 | 212 | 186 |


## Ionad na hÉireann maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre i gcoibhneas le Tíortha Eile

Ón mbliain 2001 tháinig feabhas mear ar shábháilteacht ar bhóithre na hÉireann, le titim de 55% ar bhásanna faoi 2011. Tá Éire sa 6ú áit as 27 mBallstát den AE i dtaca le básanna ar bhóithre in aghaidh milliúin de dhaonra, de réir na tuarascála is déanaí de chuid an LETE: "Tús Dúshlánach i dtreo Sprice Sábháilteachta ar Bhóithre an AE 2020".

Sa bhliain 2011, chláraigh 18 as na 31 tíortha ar a ndearna Clár UAP an LETE monatóireacht titim i líon na mbásanna ar bhóithre i gcomparáid le 2010. Tá **an Iorua** ag barr an rangaithe seo le laghdú de 20% de laghdú ar bhásanna ar bhóithre. Bhain **an Laitvia**, **an Spáinn**, **an Bhulgáir** agus **an Rómáin** laghduithe de 18%, 17%, 15% agus 15% amach faoi seach. Tá **an Ungáir**, **an Ghréig** (-14%), **an Danmhairg** (-13%), **Éire** agus **Poblacht na Seice** (-12%) go gar ina ndiaidh.

Faraor, aisiompaíodh an treocht dhearfa i laghdú básanna ar bhóithre i 13 thír. Bhí méadú de 28% san Eastóin i gcomparáid le 2010, agus méadú de 20% sa tSualainn, 18% sa Chipir agus 13% i Málta. Chláraigh curaidh shábháilteachta ar bhóithre eile, **an Ísiltír**, **an Ghearmáin** agus an RA méadú i líon na mbásanna ar bhóithre tar éis blianta le laghdú marthanach.

Tá **an Laitvia** ag barr liosta na dtíortha maidir le laghdú líon na mbásanna ar bhóithre faoi seach ó glacadh leis an gcéad sprioc coitianta an AE de shábháilteacht ar bhóithre i dtaca le laghdú de 50% de bhásanna ar bhóithre. Bhain an Laitvia laghdú de 68% amach i mbásanna ar bhóithre ó 2001, **an Spáinn** 63% agus **an Liotuáin** 58%, agus **Éire** 55% agus is iad seo na tíortha eile ina raibh líon na mbásanna ar bhóithre i 2011 níos lú ná leath an lín i 2001.



## Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre, 2007 — 2012

Tá an tÚdaras um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach, de réir an Achta fán Údaras um Shábháilteacht ar Bhóithre, as Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre an Rialtais 2007 – 2012 a chur ar aird agus as tuairisciú go foirmiúil ar a cur i bhfeidhm. Sheol an Taoiseach, an tAire Iompair agus an tAire Dlí is Cirt an Straitéis i nDeireadh Fómhair na bliana 2007.

Is í príomhaidhm na Straitéise Sábháilteachta ar Bhóithre 2007 - 2012 ná imbhuailtí, básanna agus gortuithe ar bhóithre na hÉireann a laghdú de 30%. Tá sé d'aidhm aici Éire a thabhairt ar aon dul leis na tíortha a mheastar go bhfuil na bóithre is sábháilte ar domhan acu, mar an Ísiltír, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe. Is iad na ceithre heilimintí – Oideachas, Forfheidhmiú, Innealtóireacht agus Measúnú — creatlach pholasaí na Straitéise. Déanann an Straitéis foráil i leith 126 ghníomh ar leith thar thréimhse sé bliana:

- Beatha daoine a shábháil agus tromghortuithe a chosc trí líon agus déine na n-imbhuailtí ar an mbóthar a laghdú.
- Éire a thabhairt ar aon dul le tíortha dea-chleachtais maidir le sábháilteacht ar bhóithre
- Gortuithe a laghdú 25% ar a laghad

## Painéal Comhairleach Polasaí don Údaras um Shábháilteacht ar Bhóithre




Bunaíodh Painéal Comhairleach comhdhéanta de shaineolaithe ar shábháilteacht ar bhóithre mar thacaíocht d'obair an RSA i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú bearta polasaí comhtháite i dtaca leis an straitéis.

**Déanfaidh an Grúpa Comhairleach:**

- Cumarsáid agus comhairliúchán idir páirtithe leasmhara a éascú
- Rochtain ar eolas agus taighde a chur ar fáil
- Lámh chuidithe a thabhairt don Údaras um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhforbairt, i gcur i bhfeidhm agus i measúnú a bpolasaithe.

**Folaíonn an Painéal Comhairleach Polasaí (PCP) na baill seo leanas:**

**Cathaoirleach**
an tOllamh Ray Fuller

**Baill**
Brian Kenny; an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil
Coimisinéir Cúnta John O'Mahony; an Garda Síochána
an tOllamh Fred Wegman; SWOV
an tOllamh Denis A Cusack; an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre
Conor Faughnan; Stiúrthóir Polasaí an AA
Harry Cullen; an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
Breda Naughton; an Roinn Oideachais
Howard Johnson; FSS
Michael Malone; CCMA
Doncha O'Sullivan; an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais

## Baill an Bhoird

**Ar an 13 Meán Fómhair 2011, chuaigh téarma chéad Bhord an Údaráis in éag. Rinne an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Bord an Údaráis nua a chomhdhéanamh, ó 14 Meán Fómhair 2011.**



An tUasal Gay Byrne, Cathaoirleach



An tUasal Aaron MacHale



Myra Garrett Uas.



An tUasal Ronan Melvin



Aine Cornally Uas.



An tUasal Eddie Rock



an Dr. Áine Carroll



An tUasal Sean Finan

## Foireann Bhainistíochta Fheidhmiúcháin



**An tUasal Noel Brett**
*Príomhfheidhmeannach*



**An tUasal Simon Buckley**
*Stiúrthóir Gníomhach, Seirbhísí Corparáideacha*



**An tUasal Michael Rowland**
*Stiúrthóir; Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe*



**Denise Barry Uas.**
*Stiúrthóir; Forfheihmiú agus Caighdeáin Fheithiclí*



**An tUasal Declan Naughton**
*Stiúrthóir; Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe*

2

# Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

Tá an Stiúrthóireacht um Thástáil agus Cheadúnú Tiománaithe freagrach as an gcóras tástála tiománaithe agus as bainistíocht an chórais cheadúnaithe tiománaithe. Is é cuspóir na Stiúrthóireachta ná a chinntiú go ndéanann an tslí a bhfoghlaimíonn tiománaithe tiomáint agus na rialacha faoina leanann siad den tiomáint úsáid an bhóthair níos sábháilte do chách.

Siad na cúraimí ar leith as a bhfuil an Stiúrthóireacht freagrach ná

**Soláthar na seirbhíse tástála tiománaithe**
**Maoirseacht an chórais ceadúnaithe tiománaithe**
**Maoirseacht sholáthar na seirbhíse Tástála Teoirice do Thiománaithe**
**Bainistiú chóras na bpointí pionóis**



Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

## Seirbhís Tástála Tiománaithe

Is é cuspóir na seirbhíse tástála tiománaithe ná tástáil tiomána chóir éifeachtúil a sholáthar de réir Threoir an AE agus reachtaíochta náisiúnta. Soláthraítear tástálacha ó 51 ionad tástála ar fud na tíre. Tá an RSA tiomanta do mheántréimhse náisiúnta feithimh de 10 seachtaine a choiméad do chustaiméirí agus baineadh seo amach ar fud 2011. I rith 2011, fuarthas 147,108 iarratas. Ag deireadh 2011,ba í an mheántréimhse náisiúnta feithimh ná 7.9 seachtaine agus as an 26,903 duine ag feitheamh ar thástáil, rinneadh coinne do 15,444 duine, ní raibh 859 duine le fáil do choinne tástála agus bhí 10,600 ag feitheamh ar dháta coinne. Léiríonn an tábla thíos tréimhsí feithimh ar an 31.12.2011.

## Meántréimhse Feithimh do Charranna ar an 31 Nollaig 2011

| Réigiún/Ionad Tástála | Meántréimhse Feithimh i Seachtainí | Réigiún/Ionad Tástála | Meántréimhse Feithimh i Seachtainí |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Luain | 9 | Baile Locha Riach | 10 |
| Béal an Átha | 8 | Mala | 6 |
| Biorra | 8 | Muineachán | 8 |
| Bun Cranncha | 10 | an Muileann gCearr | 6 |
| Ceatharlach | 8 | an Nás | 10 |
| Cora Droma Rúisc | 7 | an Uaimh | 6 |
| An Cabhán | 8 | an Caisleán Nua Thiar | 6 |
| Baile an Teampaill | 8 | Port Laoise | 7 |
| An Clochán | 10 | Ráth Eanaigh | 8 |
| Cluain Meala | 8 | Ráth Garbh | 8 |
| Corcaigh | 7 | Ros Comáin | 7 |
| Dún na nGall | 9 | Sionainn | 7 |
| Dún Dealgan | 7 | an Sciobairín | 6 |
| Dún Garbháin | 8 | Sligeach | 8 |
| Inis | 7 | Tamhlacht | 8 |
| Fionnghlas | 7 | Durlas | 9 |
| Gaillimh | 8 | Tiobraid Árann | 8 |
| Guaire | 10 | Trá Lí | 6 |
| Cill Chainnigh | 9 | Tuaim | 10 |
| Cill Airne | 6 | an Tulach Mhór | 8 |
| Cill Rois | 8 | Port Láirge | 7 |
| Leitir Ceanainn | 7 | Loch Garman | 7 |
| Luimneach | 7 | Cill Mhantáin | 9 |
| an Longfort | 10 | **Iomlán** | **7.9** |

## Torthaí de réir Catagóra Tástála Eanáir go Nollaig 2011

| Cineál Tástála | Tástálacha Iomlán | Pas | % | Teip | % | As Láthair | % | Níor Tástálaíodh | *% | Éiríodh As | % |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| A – Gluaisrothar | 3,947 | 2,092 | 69.18% | 932 | 30.82% | 613 | 15.53% | 160 | 4.05% | 150 | 3.80% |
| A1 – Gluaisrothar Beag | 373 | 69 | 36.13% | 122 | 63.87% | 123 | 32.98% | 36 | 9.65% | 23 | 6.17% |
| B – Mótarcharr/Veáin Éadrom | 141,773 | 55,305 | 48.60% | 58,496 | 51.40% | 18,454 | 13.02% | 5,901 | 4.16% | 3617 | 2.55% |
| C – Trucail | 4,794 | 2,865 | 67.71% | 1,366 | 32.29% | 409 | 8.53% | 79 | 1.65% | 75 | 1.56% |
| C1 – Trucail Éadrom/Veáin Mór | 227 | 119 | 72.12% | 46 | 27.88% | 38 | 16.74% | 18 | 7.93% | 6 | 2.64% |
| Cpc Tástáil Phraiticiúil (Bus) | 858 | 788 | 96.57% | 28 | 3.43% | 26 | 3.03% | 11 | 1.28% | 5 | 0.58% |
| Cpc Tástáil Phraiticiúil (Trucail/Alta) | 1,585 | 1,439 | 96.13% | 58 | 3.87% | 57 | 3.60% | 17 | 1.07% | 14 | 0.88% |
| D – Bus | 1,410 | 862 | 70.83% | 355 | 29.17% | 138 | 9.79% | 29 | 2.06% | 26 | 1.84% |
| D1 – Mionbhus | 751 | 440 | 70.06% | 188 | 29.94% | 64 | 8.52% | 42 | 5.59% | 17 | 2.26% |
| Eb – Mótarcharr/Veáin Éadrom Agus Leantóir | 781 | 453 | 73.18% | 166 | 26.82% | 73 | 9.35% | 67 | 8.58% | 22 | 2.82% |
| Ec – Trucail Alta | 1,848 | 1,235 | 72.18% | 476 | 27.82% | 91 | 4.92% | 25 | 1.35% | 21 | 1.14% |
| Ec1 – Trucail Éadrom/Mór Veáin agus Leantóir | 9 | 8 | 88.89% | 1 | 11.11% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% |
| Ed1 – Mionbhus agus Leantóir | 7 | 6 | 85.71% | 1 | 14.29% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% | 0 | 0.00% |
| M – Móipéid | 41 | 5 | 33.33% | 10 | 66.67% | 15 | 36.59% | 7 | 17.07% | 4 | 9.76% |
| W – Feithicil Oibre/Tarracóir | 27 | 10 | 66.67% | 5 | 33.33% | 10 | 37.04% | 2 | 7.41% | 0 | 0.00% |
| W – Work Vehicle/Tractor | 27 | 10 | 66.67% | 5 | 33.33% | 10 | 37.04% | 2 | 7.41% | 0 | 0.00% |
| **iomlán** | **158,431** | **65,696** | | **62,250** | | **20,111** | | **6,394** | | **3,980** | |

* Bíonn seo i gceist nuair a theipeann ar iarrthóir tástála coinníoll de chuid na tástála a chomhlíonadh m.sh. ceadúnas foghlaimeora as dáta

## Torthaí Tástála Tiomána de réir inscne do 2011

| Catagóir | Pasanna Daoine Fireanna | Teip | % Pasanna | Iomlán | Pasanna Daoine Baineanna | Teip | % Pasanna | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Iomlán | 37,553 | 31,995 | 54.00% | 69,548 | 28,143 | 30,255 | 48.19% | 58,398 |





## Torthaí Tástála Tiomána de réir Catagóra Aoise 2011

| Aoisghrúpa | Teip | Pas | Iomlán | % Pasanna |
|---|---|---|---|---|
| 16 — 21 blian | 17,960 | 23,553 | 41,513 | 57% |
| 22 — 25 blian | 10,402 | 12,601 | 23,003 | 55% |
| 26 agus os cionn | 33,888 | 29,542 | 63,430 | 47% |
| **Iomlán** | **62,250** | **65,696** | **127,946** | **51%** |

Tástáil Teoirice Tiomána
Driver Theory Test

Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

## Ceadúnú Tiomána

Tá córas ceadúnaithe coitianta ann ar fud Bhallstát an AE. Ciallaíonn sé seo go bhfuil ceadúnas tiomána Éireannach bailí i ngach Ballstát. Tá an RSA freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar oibríocht an chórais ceadúnaithe tiománaithe agus idirbheartaíocht ar chúrsaí ceadúnaithe tiománaithe ag leibhéal an AE san áireamh. Tá na húdaráis áitiúla (údaráis ceadúnaithe) freagrach as ceadúnais foghlaimeora agus ceadúnais tiomána a eisiúint trí ghréasán Oifigí Mótarchánacha (OM).

**Tugadh na bearta seo leanas isteach i 2011:**

- **Aibreán 2011 — ceachtanna éigeantacha do thiománaithe carranna faoi oiliúint**
- **Aibreán 2011 — méadú ar ról an tiománaí tionlacain (Urraitheoir) sa tréimhse foghlama tiomána**
- **Deireadh Fómhair 2011 — leibhéil níos ísle alcóil do thiománaithe faoi oiliúint agus do thiománaithe nua**
- **Deireadh Fómhair 2011 — athbhreithniú ar ábhar staidéir um thástáil teoirice tiománaithe**







## Ceadúnais Tiomána Reatha ar an 31 Nollaig 2011 de réir Cineáil i ngach cás Údarás Ceadúnaithe

| Ceadúnais na nÚdarás Áitiúil | Ceadúnas Foghlaimeora | Ceadúnais Bhliantúla | Ceadúnais Thríbhliantúil | Ceadúnais Tiomána 10 mbliana | Líon Iomlán na gComhairlí Contae |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceatharlach | 4,220 | 128 | 3,011 | 29,242 | 36,601 |
| an Cabhán | 4,533 | 97 | 3,946 | 34,126 | 42,702 |
| an Clár | 6,329 | 219 | 7,015 | 60,115 | 73,678 |
| Corcaigh * | 29,430 | 797 | 29,861 | 254,802 | 314,890 |
| Dún na nGall | 8,090 | 296 | 9,059 | 80,375 | 97,820 |
| Gaillimh * | 14,062 | 361 | 13,395 | 125,198 | 153,016 |
| Ciarraí | 8,141 | 192 | 9,434 | 74,098 | 91,865 |
| Cill Dara | 12,771 | 222 | 8,145 | 101,698 | 122,836 |
| Cill Chainnigh | 5,857 | 269 | 5,116 | 45,068 | 56,310 |
| Laois | 4,594 | 240 | 3,766 | 33,978 | 42,578 |
| Liatroim | 1,704 | 70 | 2,012 | 16,121 | 19,907 |
| Luimneach | 7,336 | 252 | 7,662 | 70,375 | 85,625 |
| an Longfort | 2,367 | 52 | 2,228 | 18,187 | 22,834 |
| Lú | 6,942 | 174 | 5,630 | 53,735 | 66,481 |
| Maigh Eo | 7,153 | 285 | 7,851 | 65,824 | 81,113 |
| an Mhí | 10,041 | 239 | 8,179 | 87,316 | 105,775 |
| Muineachán | 3,167 | 87 | 3,591 | 31,087 | 37,932 |
| Uíbh Fhailí | 4,410 | 146 | 3,736 | 35,372 | 43,664 |
| Ros Comáin | 3,464 | 113 | 4,329 | 31,950 | 39,856 |
| Sligeach | 3,421 | 159 | 4,119 | 33,291 | 40,990 |
| Tiobraid Árann Thuaidh | 4,231 | 154 | 4,539 | 35,946 | 44,870 |
| Tiobraid Árann Theas | 6,018 | 181 | 5,547 | 43,083 | 54,829 |
| Port Láirge | 3,368 | 96 | 4,055 | 32,409 | 39,928 |
| An Iarmhí | 5,169 | 171 | 4,429 | 41,080 | 50,849 |
| Loch Garman | 9,065 | 749 | 8,348 | 70,319 | 88,481 |
| Cill Mhantáin | 8,215 | 311 | 7,350 | 66,635 | 82,511 |
| **Comhairlí Cathrach** | | | | | |
| Baile Átha Cliath * | 80,390 | 2,126 | 61,891 | 526,750 | 671,157 |
| Luimneach | 3,471 | 85 | 3,071 | 22,204 | 28,831 |
| Port Láirge | 3,469 | 67 | 2,648 | 22,446 | 28,630 |
| Iomlán | 271,428 | 8,338 | 243,963 | 2,142,830 | 2,666,559 |
| **Athrú ó 31.12.10** | **-8,449** | **227** | **19,691** | **42** | **11,511** |

* Cathair agus Contae

GET THE POINT NOT THE POINTS!

## Coinbhinsiún Eorpach ar Dhícháiliúcháin Tiomána

Ó bhí an 28 Eanáir 2010 ann, tá Éire agus an RA ag oibriú an Coinbhinsiún Eorpach ar Dhícháiliúcháin Tiomána. Ciallaíonn sé seo gur féidir dícháiliúchán tiomána maidir le cion tráchta a rinne sealbhóir ceadúnais ar nó tar éis an dáta seo sa RA agus a bhfuil cónaí ar in Éirinn a aithint anseo agus ní bheidh an duine sin in ann tiomáint in Éirinn. Feidhmeoidh dícháiliúcháin a forchuireadh in Éirinn ar shealbhóirí ceadúnais lonnaithe sa RA sa Ríocht Aontaithe freisin.

## Fógraí faoi Dhícháiliúcháin Fhrithpháirteacha idir Éire agus RA, 2011

| Fógraí | Iomlán |
|---|---|
| De dhícháiliúcháin in Éirinn chuig an RA | 15 |
| De dhícháiliúcháin sa RA go hÉirinn | 0 |
| De dhícháiliúcháin i dTÉ go hÉirinnI | 92 |
| De dhícháiliúcháin in Éirinn go TÉ | 42 |
| **Iomlán** | **149** |

## Pointí Pionóis

Tugadh pointí pionóis isteach in Éirinn i 2002. Is é cuspóir an chórais ná iompar tiománaithe a fheabhsú agus sábháilteacht ar ár mbóithre a fheabhsú. Ag deireadh na bliana 2011, bhí 43 cion sa chóras pointí pionóis agus is cionta a bhaineann le sábháilteacht iad uilig. Tugadh isteach cion pointí pionóis a bhaineann le teorainneacha alcóil níos ísle i nDeireadh Fómhair na bliana 2011. Ón dáta sin i leith, má bhíonn an leibhéal alcóil sa cholainn (Tiúchan Alcóil san Fhuil nó TAF) idir 50mg agus 80mg, déanfar fógra um pionós socraithe a sheirbheáil ar an tiománaí agus gearrfar fíneáil de €200 agus trí phointe pionóis air. Gearrtar muirear seasta (fíneáil) ar fhormhór na gcionta pointí pionóis ach bíonn toghairm uathoibreach chun cúirte mar thoradh ar líon beag díobh gan an rogha fíneáil a íoc tugtha dóibh. Nuair a chuirtear i leith duine go ndearna sé cion, gheobhaidh sé Fógra Muirir Sheasta ó na Gardaí le 56 lá chun an fhíneáil a íoc. Mura bhfaightear aon íocaíocht laistigh den 56 lá, ansin déantar imeachtaí cúirte a thionscnamh. Cuirtear pointí pionóis ar a dtaifid ceadúnais tiomána siúd a íocann an muirear seasta agus a dtaifid siúd a chiontaítear i gcionta pointí pionóis sa chúirt. Méadaítear na pointí pionóis má chiontaítear duine sa chúirt, is é sin, faigheann an té a chiontaítear sa chúirt i gcion luais ceithre phointe agus dhá phointe a bhíonn i gceist nuair a íoctar muirear seasta.

Nuair a dhéantar pointí pionóis a thaifeadadh ar thaifead ceadúnais tiomána, eisítear fógra 28 lá sul a dtagann na pointí i bhfeidhm. Níl aon tionchar ag dátai an chiona, eisiúint an fhógra muirir sheasta, íocaíocht na fíneála nó dáta na cúirte ar an tráth a chuirtear pointí pionóis ar cheadúnas tiomána.

## Cionta a Thabhaíonn Pointí Pionóis

| Cionta a Thabhaíonn Pointí Pionóis | Pointí Pionóis ar Íocaíocht | Pointí Pionóis ar Chiontú | Muirear Seasta Méid € íoctha i 28 lá | Méid íoctha sna 28 lá ina dhiaidh sin |
|---|---|---|---|---|
| Feithicil (carr) a úsáid gan deimhniú tástála | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Tiomáint feithicle sula leigheasfar locht contúirteach | m* | 3 | Fíneáil Chúirte | |
| Feithicil a thiomáint sula leigheastar lochtanna baolacha | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Feithicil a úsáid gan deimhniú ród-acmhainneachta | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Droichid a thuartáil, srl | m* | 3 | Fíneáil Chúirte | |
| Fón Póca a bheith i do láimh agus tú ag tiomáint | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Scoitheadh baolach | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Loiceadh gníomhú de réir comhartha ó Gharda | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Loiceadh feithicil a stopadh roimh chomhartha stop/líne stop | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Loiceadh slí a ghéilleadh ag comhartha géill slí/líne géill slí | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Líne bhán leanúnach a thrasnú | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Iontráil tiománaí i limistéar de bhóthar le marcáil ghreanta, m.sh. lána laghdaithe carrbhealaigh | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Loiceadh géilleadh do shoilse tráchta | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Loiceadh géilleadh do rialacha tráchta ag crosaire comhréidh iarnróid | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Feithicil a thiomáint ar mhótarbhealach i gcoinne srutha tráchta | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Tiomáint ar an ngualainn chrua ar mhótarbhealach | 1 | 3 | 80 | 120 |
| FET a thiomáint ( faoi réir luasteorann de 80 ciliméadar san uair nó níos lú) ar an lána lasmuigh ar mhótarbhealach nó ar dhébhealach | 1 | 3 | 80 | 120 |
| Loiceadh tiomáint ar thaobh na láimhe clé den bhóthar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh géilleadh do riachtanais ag acomhail, m.sh. gan a bheith sa lána ceart ag casadh isteach ar bhóthar eile | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh géilleadh do riachtanais maidir le cúlú feithiclí m.sh. ag cúlú ó mhionbhóthar isteach ar phríomhbhóthar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint ar chosán | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint ar raon rothar | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh casadh ar chlé ag iontráil timpealláin | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint ar stiall mheánach m.sh. teorainn idir dhá dhébhealach | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh stopadh ag comhartha maoir scoile | 1 | 4 | 80 | 120 |
| Loiceadh stopadh nuair a iarann ball den Gharda Síochána ort stopadh | 2 | 5 | 80 | 120 |
| Loiceadh achar cuí a fhágáil idir tusa agus an fheithicil romhat | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Loiceadh géilleadh | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Tiomáint gan aird chuí | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Loiceadh cloí le comharthaí tráchta sainordaitheacha ag acomhail | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh cloí le comharthaí tráchta coiscthe | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh cloí le comharthaí fan ar chlé/fan ar dheis | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Loiceadh cloí le marcanna lána tráchta | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Iontráil mhídhleathach ar shráid aontreo | 1 | 3 | 60 | 90 |
| Tiomáint feithicle agus tú infheidhme | m* | 3 | Fíneáil Chúirte | |
| Feithicil a pháirceáil in ionad baolach | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Sárú dualgas nuair a tharlaíonn tionóisc | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Tiomáint róthapa | 2 | 4 | 80 | 120 |
| Tiomáint gan árachas | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Loiceadh tiománaí cloí le riachtanais criosanna sábhála sa tosach | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Loiceadh tiománaí cloí le riachtanais criosanna sábhála sa chúl do phaisinéirí faoi 17 mbliana | 2 | 4 | 60 | 90 |
| Feictear tiománaí ag tiomáint go míchúramach | m* | 5 | Fíneáil Chúirte | |
| Tiomáint faoi thionchar na dí (ag brath ar an leibhéal alcóil sa cholainn) | 3 | n/b | 200 | |

**12 Phointe Pionóis = Dícháiliúchán Uathoibreach!**

*** Láithreas Sainordaitheach sa Chúirt**

## Miondealú ar Phointí Pionóis de réir Cineáil Ciona agus Contae ar an 31 Nollaig 2011

| Contae** | Líon na dTiománaithe | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | 1pp | 2pp | 3pp | 4pp | 5pp | 6pp | 7pp | 8pp | 9pp | 10pp | 11pp | 12pp* | Iomlán |
| Ceatharlach | 85 | 5,173 | 25 | 1,148 | 18 | 316 | 6 | 61 | 4 | 19 | 1 | 3 | 6,859 |
| an Cabhán | 80 | 5,755 | 48 | 1,133 | 33 | 231 | 2 | 47 | 2 | 11 | 1 | 1 | 7,344 |
| an Clár | 102 | 11,405 | 50 | 2,390 | 52 | 526 | 20 | 124 | 8 | 22 | | 3 | 14,702 |
| Corcaigh | 1,260 | 36,130 | 499 | 7,125 | 396 | 1,484 | 106 | 337 | 49 | 93 | 12 | 20 | 47,511 |
| Dún na nGall | 103 | 10,259 | 51 | 1,706 | 57 | 365 | 10 | 62 | 5 | 13 | 3 | 4 | 12,638 |
| Gaillimh | 255 | 16,988 | 77 | 3,104 | 131 | 590 | 18 | 116 | 9 | 24 | 4 | 10 | 21,326 |
| Ciarraí | 88 | 9,444 | 32 | 1,612 | 23 | 303 | 5 | 83 | 4 | 8 | 1 | 1 | 11,604 |
| Cill Dara | 234 | 20,881 | 133 | 4,909 | 103 | 1,225 | 24 | 289 | 7 | 61 | 4 | 6 | 27,876 |
| Cill Chainnigh | 96 | 8,964 | 42 | 2,231 | 31 | 531 | 10 | 132 | 3 | 30 | 1 | 1 | 12,072 |
| Laois | 44 | 6,058 | 30 | 1,209 | 29 | 309 | 9 | 70 | 6 | 15 | 2 | 4 | 7,785 |
| Liatroim | 20 | 2,668 | 8 | 573 | 12 | 104 | 1 | 12 | 3 | 3 | | | 3,404 |
| Luimnigh Co.Ca. | 205 | 12,106 | 84 | 2,451 | 58 | 435 | 11 | 117 | 7 | 13 | 1 | 4 | 15,492 |
| An Longfort | 31 | 3,221 | 13 | 632 | 23 | 124 | 7 | 33 | | 6 | 1 | 1 | 4,092 |
| Lú | 118 | 8,613 | 50 | 1,624 | 47 | 294 | 12 | 62 | 4 | 10 | 2 | | 10,836 |
| Maigh Eo | 83 | 8,591 | 40 | 1,495 | 29 | 300 | 7 | 52 | 6 | 12 | | 1 | 10,616 |
| An Mhí | 309 | 16,111 | 177 | 3,417 | 114 | 751 | 34 | 176 | 11 | 49 | 2 | 8 | 21,159 |
| Muineachán | 60 | 4,316 | 24 | 687 | 27 | 127 | 23 | 1 | 2 | | | | 5,267 |
| Uíbh Fhailí | 48 | 5,891 | 23 | 1,274 | 31 | 234 | 9 | 62 | 1 | 15 | | | 7,588 |
| Ros Comáin | 63 | 5,625 | 24 | 1,158 | 13 | 209 | 3 | 42 | 1 | 6 | 1 | | 7,145 |
| Sligeach | 95 | 6,166 | 42 | 1,325 | 22 | 263 | 10 | 57 | 3 | 14 | 1 | | 7,998 |
| Tiobraid Árann Thuaidh | 56 | 6,145 | 27 | 1,255 | 37 | 260 | 6 | 65 | 1 | 8 | | 2 | 7,862 |
| Tiobraid Árann Theas | 129 | 6,985 | 53 | 1,391 | 34 | 278 | 4 | 65 | 7 | 7 | 2 | 1 | 8,956 |
| Port Láirge Co.Ca. | 72 | 5,970 | 20 | 1,230 | 7 | 261 | 5 | 70 | 3 | 11 | | 1 | 7,650 |
| An Iarmhí | 85 | 6,662 | 31 | 1,299 | 32 | 284 | 8 | 68 | 3 | 16 | | 2 | 8,490 |
| Loch Garman | 109 | 13,506 | 61 | 3,186 | 49 | 814 | 26 | 194 | 10 | 53 | 3 | 14 | 18,025 |
| Cill Mhantáin | 246 | 13,429 | 125 | 3,077 | 72 | 720 | 26 | 183 | 13 | 33 | 3 | 5 | 17,932 |
| Baile Átha Cliath Co.Ca | 4,189 | 87,804 | 1,802 | 18,906 | 1,074 | 4,323 | 333 | 1,111 | 144 | 271 | 47 | 49 | 120,053 |
| Luimneach Co.Ca. | 100 | 3,890 | 52 | 825 | 39 | 176 | 15 | 49 | 4 | 7 | | 3 | 5,160 |
| Port Láirge Co.Ca. | 25 | 4,195 | 16 | 1,036 | 13 | 232 | 3 | 71 | 2 | 5 | | 3 | 5,601 |
| Gan Uimhir Tiománaí | 5,208 | 214,865 | 1,296 | 50,187 | 31,403 | 18 | 2 | 4 | 1 | | | | 302,984 |
| **Iomlán** | **13,598** | **567,816** | **4,955** | **123,595** | **34,009** | **16,087** | **732** | **3,837** | **322** | **837** | **92** | **147** | **766,027** |

* Bíonn dícháiliúchán ar feadh sé mhí mar thoradh ar 12 phointe ** Tagraíonn Contae don chontae inar eisíodh an ceadúnas tiomána

## Miondealú ar Thiománaithe de réir Cineáil Ceadúnais

| Láncheadúnais | Ceadúnais Fhoghlaimeora | Gan Uimhir Tiománaír |
|---|---|---|
| 433,647 | 29,396 | 302,984 |

GET THE POINT NOT THE POINTS!

Tástáil agus Ceadúnú Tiománaithe

## Tástáil Teoirice Tiománaithe

Caithfidh an té atá ag iarraidh ceadúnais foghlaimeora den chéad uair tástáil teoirice a ghnóthú ar dtús. I measc na n-ábhar a scrúdaítear bíonn: eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre, cúrsaí teicniúla a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre, cúrsaí comhshaoil agus gnéithe dlithiúla den tiomáint. Tá tástála ar leith do bhusanna, trucailí, gluaisrothair, mótarcharranna agus feithiclí oibre. Bíonn ar thiománaithe gairmiúla busanna agus trucailí tástálacha teoirice ar leith a ghlacadh mar pháirt de Dheimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil do Thiománaithe (DIG do Thiománaithe). Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach ar an leabhar agus an CR-ROM den ábhar staidéir don Tástáil Teoirice Tiománaithe i 2011 le súil is go bhféadfaí an t-ábhar agus a éifeacht a fheabhsú mar ghléas foghlama. Tugadh aird ar chomhairle an Chumainn Disléicse agus Chumainn Bodhar na hÉireann agus an t-ábhar a athbhreithniú. Ní raibh aon athrú ar leagan amach na Tástála Teoirice Tiománaithe féin.

## Gníomhú um Tástáil Teoirice Tiománaithe i 2011

| | Gluaisrothar | Carr/Feithicil Oibre | Trucail | Bus |
|---|---|---|---|---|
| Tástála sceidealaithe | 5,207 | 104,039 | 6,634 | 2,540 |
| Tástála a stiúradh | 4,746 | 97,004 | 6,073 | 2,362 |
| Tástála a gnóthaíodh | 3,298 | 67,689 | 4,839 | 1,906 |
| Tástála teipthe | 1,437 | 29,086 | 1,207 | 449 |
| As Láthair | 461 | 7,035 | 561 | 178 |
| Tástála a stiúradh ar feitheamh | 11 | 229 | 27 | 7 |
| Tástála curtha ar ceal | 147 | 1,548 | 125 | 66 |
| Ráta gnóthaithe | 69.49% | 69.78% | 79.68% | 80.69% |



Tástáil Teoirice Tiomána
Driver Theory Test



# 3

# Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

Comhcheanglaíonn an Stiúrthóireacht um Shábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe na príomhrólanna a bhaineann le feasacht a fheabhsú, oideachas agus taighde chun daoine a chur ar an eolas agus scileanna cuí d'úsáideoirí bóthair a thabhairt dóibh ar feadh a saoil. Cabhraíonn agus oibríonn an Stiúrthóireacht leis na páirtithe leasmhara uilig a chláraigh don Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2007 go 2012 chun a chinntiú go mbainfear amach na gníomhartha sa straitéis.



## Fógraíocht

Forbraítear feachtais fheasachta maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre an RSA i gcomhairliúchán leis an nGarda Síochána agus a bplean póilíneachta bliantúil. Cinntíonn sé seo go mbíonn cur teachtaireachtaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre comhtháite le hiarrachtaí forfheidhmithe na nGardaí.

Sa bhliain 2011 lean feachtais an RSA a bhí treoraithe ag an Teilifís de bheith ag feidhmiú go láidir agus léiríonn taighde faoina n-éifeacht go mbrathann formhór na ndaoine go bhfuil siad riachtanach le dearcadh agus iompar ar na bóithre a athrú go dearfa. Go sonrach, i dtaighde neamhspleách a stiúraigh Behaviour & Attitudes ar son an RSA, fiafraíodh an cheist seo a leanas de 700 tiománaí cairr: Thit líon na mbásanna ar bhóithre anuraidh go dtí an leibhéal ba lú i 44 bliana. An dóigh leat go raibh tionchar nó nach raibh ag na toscaí seo a leanas ar shábháil beatha daoine ar bhóithre na hÉireann?

| | An-tionchar |
|---|---|
| Fógraí Teilifíse um Shábháilteacht ar Bhóithre | 54% |
| Forfheidhmiú na nGardaí | 46% |
| Pionóis a fhorchuir na cúirteanna | 45% |
| Dlíthe tráchta ar bhóithre | 40% |
| Tuairisciú nuachta | 39% |
| Innealtóireacht bóithre | 31% |
| Dearadh carranna agus gnéithe | 29% |
| Oideachas sna scoileanna | 28% |

Amharcann formhór na bhfreagróirí ar fhógraíocht um shábháilteacht ar bhóithre mar an toisc is mó tionchair maidir le beatha daoine a shábháil ar na bóithre le 54% ag tacú leis an dtuairim seo. Ardaíonn an leibhéal seo go 91% nuair a chuirtear iad siúd a dúirt go raibh 'Tionchar measartha' ag na fógraí san áireamh.

**Seoladh trí fheachtas feasachta nua um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2010. Orthu seo bhí:**

1. Feachtas nua 'Tiomáint ar Mhótarbhealach'
2. Feachtas 'Tiomáint Frithdhrugaí'
3. Feachtas le tacú le teorainn tiomána faoi thionchar na dí a ísliú

## ‘Tiománaí Níos Fearr Níos Sábháilte’ um Feachtas Tiomána ar Mhótarbhealach

Tá Feachtas ‘Tiománaí Níos Fearr Níos Sábháilte’ de fhógraí Teilifíse de chuid an RSA leagtha amach chun feasacht a chruthú faoi roinnt inlíochtaí tábhachtacha a mbíonn baint acu go coitianta le himbhuailtí marfacha nó tromchúiseacha.

Ar an Luan, 11 Aibreán 2011 sheol an RSA, an Garda Síochána, an tÚdaras um Bóithre Náisiúnta agus Comhlachas Gluaisteán na hÉireann feachtas feasachta nua i bPictiúrlann Tí Solais, Baile Átha Cliath. Tá fógra nua Teilifíse de 40 soicind lárnach don fheachtas.

Ón mbliain 2005, maraíodh nó tromghortaíodh beagnach 100 duine de thoradh imbhuailtí ar ghréasán mótarbhealaí na hÉireann. Díobh seo, d’éag ochtar agus tromghortaíodh 14 i 2010, an bhliain is measa ó 2007 nuair a maraíodh nó tromghortaíodh 26 dhuine.

Taispeánadh píosa scannáin TCI de thiomáint  bhaolach ar mhótarbhealaí na hÉireann ag an seoladh. Bhí an píosa scannáin seo  agus staitisticí imbhuailtí ar bhóithre feiceálach ar an teilifís agus sna meáin chlóite.

Léiríodh agus cuireadh ar an aer fógra raidió de 30 soicind i mí na Samhna le cur leis an bhfeachtas teilifíse agus teachtaireachtaí ríthábhachtacha a chur ar fáil faoi smacht lánaí agus an baol a bhaineann le feithicil a stopadh agus siúl ar mhótarbhealach. Bhí na teachtaireachtaí seo corpraithe freisin sna scáileáin an NRA maidir le cur teachtaireachtaí athraitheacha ar an ngréasán mótarbhealaí. Seoladh na fógraí raidió i gcomhoibriú leis an AA a d’fhoilsigh torthaí shuirbhé phoiblí a léiríonn go n-admhaíonn líon mór tiománaithe cairr go stopann siad ar ghualainn chrua mótarbhealaigh.



## Tiomáint Fhrithdhrugaí

Iarann fógra nua teilifíse an RSA de 50 soicind faoi thiomáint faoi thionchar cannabais — "Night Out" – ar úsáideoirí rialta cannabais amharc go géar ar an tslí a dtéann an druga i bhfeidhm orthu.

Téann cannabas i bhfeidhm ar do scileanna mótair, aireachtáil doimhneachta, breithiúnas, aga frithghníomhúcháin agus cinnteoireacht, i measc rudaí eile. Ní gá go mbeadh toradh marfach ar na héifeachtaí seo ar ghnáthóiche amuigh – rudaí iad ar nós poc aerhaca a chailleadh, tuisliú agus do bhróga a gceangal agat – rudaí gan morán dochair nach mbeadh baolach de ghnáth don úsáideoir nó na daoine timpeall air. Is féidir le torthaí na n-éifeachtaí seo ar an mbóthar, áfach, a bheith marfach.

Gluaiseann an fógra go mear, agus cuireann sé an lucht féachana trína chéile. Nuair a chaitheann tú cannabas, bíonn ort oibriú níos crua chun coiméad suas le hathruithe aireachtála agus imeachtaí a tharlaíonn timpeall ort. Taispeánann sé don lucht féachana go bhfuil rudaí simplí fiú níos crua, sa staid mhearaithe seo. De réir mar a leanann an fógra ar aghaidh, feicimid tragóid ag tarlú an oíche sin, agus fiafraítear den lucht féachanna – mura féidir leat liathróid bhollaí nó poc aerhaca a smachtú i gceart — an gceapann tú i ndairíre go bhfuil infheidhme chun tiomána?



## Ísliú Teorann Tiomána faoi Thionchar na Dí

I ndeireadh mhí Dheireadh Fómhair, sheol an RSA mórfheachtas eolais don phobal chun an pobal a chur ar an eolas faoi laghdú na teorann tiomána faoi thionchar na dí ó 0.8 milleagram go 0.5 milleagram do na tiománaithe uilig agus 0.2 milleagram do thiománaithe faoi oiliúint (agus ar feadh thréimhse dhá bhliain tar éis dóibh an tástáil tiomána a ghnóthú) agus tiománaithe gairmiúla ( busanna, trucailí agus tacsaithe). Chuimhsigh an feachtas fógra teilifíse 40 soicind, fógra raidió 30soicind, fógraíocht sna meáin chlóite náisiúnta, fógraíocht digiteach agus lasmuigh. Ina theannta sin forbraíodh rannóg thiomnaithe ar shuíomh idirlín an RSA le mioneolas a thabhairt do dhaoine faoi na hathruithe.

Bunaíodh **www.drinkdriving.ie** freisin le heolas fírinneach a chur ar fáil don phobal faoi thorthaí tiomána faoi thionchar na dí agus an ról a bhíonn aici i mbásanna agus tromghortaithe ar na bóithre. Admhaíonn an fógra teilifíse 'Kilkee' go dtáinig athrú ar an tslí a mbainimid úsáid as an mbóthar. I dteannta a chéile, rinneamar cinneadh in Éirinn dul i ngleic le básanna gan ghá ar na bóithre agus d'éirigh linn le chéile 1105 bheatha a shábháil sa deichbhliain seo caite. Díreach corradh le deich mbliana ó shin, níor ghlac ach tríocha faoin gcéad de dhaoine leis an tuairim nach féidir leat aon alcóil a ól agus tú ag tiomáint. Cuireadh an cheist chéanna anuraidh, agus d'aontaigh corradh le dhá oiread daoine leis an ráiteas seo.

Tá bealach fada curtha di ag Éire, d'athraigh dearcadh agus iompar, agus dá thoradh, shábháil sibh daonra bhaile mhór iomlán sa deichbhliain seo caite i gcomparáid leis na deich mbliana roimh sin. San fhógra, féachaimid ar bhaile mór Chill Chao ii gCo. an Chláir – baile mór le daonra beagán níos lú ná an lion a shábhálamar – 1024. Tá an teachtaireacht dhóchasach seo mar bhuíochas do mhuintir na hÉireann as athruithe a dhéanamh ar na bóithre, agus tá sé comhthráthach le laghdú leibhéal alcóil san fhuil do thiomáint faoi thionchar na dí. Táimid ag rá: 'Go raibh maith agaibh as ucht na hoibre maithe uilig go dtí seo. Ach, leis an reachtaíocht nua seo, beimid in ann fiú níos mó beatha daoine a shábháil.' Féachann an ghníomhaíocht san fhógra ar bhaile mór Chill Chaoi gan duine ná deoraí. Tá mothú meabhrach ann — beagnach ag smaoineamh cad leis a mbeadh sé cosúil dá n –éagfadh an míle duine seo. Cad a tharlódh dá gcairde? Teaghlaigh? Pobail? Agus an guthú ag labhairt linn, áfach, feicimid go bhfuil na daoine seo uilig i ndairíre anseo, agus saol iomlán saibhir a chaitheamh acu. Is ceiliúradh é an fógra ar an méid atá déanta again uilig ar na bóithre. Is ceiliúradh é ar shaol a d'fhéadfadh a bheith ar shlí eile. Fuarthas amach ó thaighde tagarmharcála roimh an bhfeachtas go bhfuil feasacht faoi athruithe dlí maidir le Teorainneacha Cion Alcóil san Fhuil tuairim is 70% don dá athrú. Tá tacaíocht láidir d'athruithe dlí BAC, le breis is 80% de thiománaithe ag tacú leo. Go suntasach, tá lion na ndaoine a aontaíonn leis an ráiteas: 'Níor cheart duit Choíche, Choíche Ól faoi Thionchar na Dí' anois ag 95%. Is éacht dochreidte é seo agus léiríonn sé go bhfuil neamhfhulaingt ar ól faoi thionchar na dí leabaithe go daingean i sochaí na hÉireann. Bhí an figiúr ag 62% an uair dheireanach a cuireadh an cheist seo, sa bhliain 2007. I dteannta leis na feachtais nua, ritheadh iad seo a leanas freisin i 2011;





## An Cód Sábhála

Rinneadh Feachtas Teilifíse maidir le Cód Sábhála an RSA, dírithe ar theagasc do pháistí conas an bóthar a thrasnú go sábháilte, a phlé go hoscailte ar an Teilifís agus i bPictiúrlanna ar feadh 2011. Cuimsíonn an feachtas dhá fhógra Teilifíse beoite de 20 soicind ar a dtugrar 'Jack' agus 'Annie'. Is í an phríomhtheachtaireacht san fheachtas ná: 'Tá an cód de dhíth ort chun an bóthar a thrasnú'. Cuimsíonn sé freisin leagan mínghearrtha de 40 soicind de dhamhsa ar stíl 'X Factor' de chuid an Chóid Shábhála a taispeánadh go hoscailte ar an Teilifís agus i bPictiúrlanna den chéad uair i 2011. Treoraíodh páistí, tuismitheoirí agus múinteoirí chuig suíomh idirlín an RSA freisin mar chuid den fhógraíocht, áit ar féidir leo an cluiche 'An Cód Sábhála' a imirt, agus léaráidí na gcarachtar cartúin a íoslódáil agus a dhathú. Taispeánann staitisticí gur éirigh thar barr leis an bhfeachtas le 37,000 cuairteoirí chuig rannóg an Chóid Shábhála de shuíomh idirlín an RSA le linn maidhme an fheachtais i mí na Bealtaine amháin.

## Feachtas Feasachta na gCeamaraí Sábháilteachta

TBhí feachtas 'Ceamairí Sábháilteachta' an RSA/Garda ar ais ar an aer le linn Aibreáin agus Lúnasa na bliana 2011. Chuimsigh sé seo an fógra teilifíse de 40 soicind, fógra Raidió agus fógraíocht ar líne. Bhí an feachtas seo tráthúil chun iarrachtaí forfheidhmithe Náisiúnta agus Eorpach dírithe ar thiomáint róthapa a chomhlánú.

Taispeánadh an fógra frithluathaithe 30" 'Mess" ar an teilifís le linn mhí Iúil. Léiríonn torthaí taighde maidir le hÉifeachtúil Feachtais, a rinne comhlacht taighde neamhspleách Behaviour and Attitudes a stiúradh, go dtugann 72% de dhaoine fásta aitheantas d'fheachtas na gceamaraí sábháilteachta – ardú de 9% ar an taighde rianaithe roimhe sin. Tá an t-ardú i bhfeasacht faoin taighde an-soiléir, go háirithe ina measc siúd faoi bhun 34 bliana d'aois.

Tá titim de 10% go 40% i líon na dtiománaithe uilig a deir go bhfuil sé sábháilte dóibh an luasteorainn a shárú ar bhóithre náisiúnta. I dtaca leis an dearcadh leitheadach faoi cheamaraí sábháilteachta, formhuinítear arís go hoscailte a ról i ndéanamh bóithre níos sábháilte agus i mbeatha daoine a shábháil.





## ‘Beatha Daoine Tuairteáilte’

Léirigh an RSA a bhfógraíocht an-rathúil teilifíse agus raidió ‘Crashed Lives’ go hoscailte in Earrach, Samhradh agus Geimhreadh na bliana 2011. Craoladh sraith bhunaidh 2007 d’eagarthóireacht teilifíse ‘Crashed Lives’ ar scáileáin theilifíse le linn mhí an Mhárta. Orthu siúd bhí ‘Erin’, ‘Emma’, ‘Fran’ agus ‘Micilin’. Léiríodh an dara sraith d’fheachtas an ‘Crashed Lives’ go hoscailte ar an teilifís le linn mhí an Mheithimh. Orthu siúd bhí eagarthóireacht ‘Conor’, ‘Sarah’, ‘James’ agus ‘Consultant’. Sa tríú tréimhse, craoladh na trí fhíorchuntas saoil ina raibh Siobhán O’Brien, Marjorie Flood agus Dr Áine Carroll sa tréimhse roimh Nollaig na bliana 2011. Is dócha gurbh é feachtas ‘Crashed Lives’ an feachtas ba mhó tionchair agus ba rathúil dár rith an RSA go dtí seo. Taispeánann torthaí taighde a rinne comhlacht taighde neamhspleách, Behaviour and Attitudes a bhí ag fiosrú éifeacht an fheachtais go; (mar thagarmharcáil go mbeadh scór feasachta idir 40% agus 50% mar ghnáthscór tionscail maidir le fógraí teilifíse).

**Tionchar an Fheachtais**
- **Mhaígh 88% dóibh siúd a ceistíodh go raibh tionchar ag an bhfeachtas orthusan. Ardaíonn seo go 90% i measc tiománaithe.**

**Éifeacht an Fheachtais**
- **Maíonn 94% go dtugann an feachtas orthu smaoineamh**

**Athrú Iompair**

- **Maíonn 88% gur athraigh siad a n-iompar i ndiaidh d’fheachtas Crashed Lives teacht chun tosaigh.**

**Na trí fáthanna a tugadh gur athraíodh iompar**
- **Smaoinigh 53% níos mó faoi thorthaí a bheith páirteach in imbhualadh**
- **Smaoinigh 47% níos mó faoi na torthaí a bheadh ar dhuine muinteartha a bheith páirteach in imbhualadh**
- **Maíonn 35% gur thiomáin siad níba chúramaí de thoradh a bheith ag féachaint ar an bhfeachtas**

Mar achroimre, bhí tionchar an-láidir ag feachtas ‘Crashed Lives’ le 94% d’fhreagróirí uilig ag maíomh go dtugann an feachtas orthu smaoineamh agus 88% a mhaíonn go bhfuil tionchar aige orthu.






## 'Underneath'

Taispeánadh an fógra teilifíse, 'Underneath' maidir le Sábháilteacht Ghluaisrothar an RSA a léiríodh i bpáirt le DOE i dTuaisceart Éireann ar scáileáin theilifíse i rith mhí Iúil agus mhí Lúnasa 2011.

## Na Meáin Shóisialta

Chruthaigh an RSA clár meán sóisialta trí úsáid a bhaint as Facebook, Twitter agus YouTube chun labhairt leis an bpobal le trí phriomhchuspóir a bhaint amach;

- Córas Forálimh Fíor-ama
- Cumarsáis Dhéthreo
- An Óige a Aimsiú

## Feidhmíocht Meán Sóisialta

Facebook: Leantóirí, 16, 308
Facebook: 'Is maith liom' (ar Bharúlacha), 3,994
Facebook: Barúlacha arna nGiniúint ag Úsáideoirí agus Nótaí ar Bhalla: 2,503
Facebook: Úsáideoirí Gníomhacha Laethúla ( líon na leantóirí Facebook atá gníomhach go laethúil): 25%
Facebook: Úsáideoirí Gníomhacha Seachtainiúla ( líon na leantóirí Facebook atá gníomhach go seachtainiúil): 37%
Facebook: Veist Shofheicthe in Aisce: Seoladh 3,739 Veist go 2,500 Leantóir
Facebook: Balla Cuimhneacháin: 4,005 Chuairteoir( laistigh de 3 seachtaine i mí na Samhna), 556 Íobartach Cuimhnithe ar an mBalla

Leantóirí Twitter: 653
Athbhíogaíl ar Bhíoga RSA: 272
Luadh '@RSAIreland' ar Twitter: 242
Líon ceisteanna ó chustaiméirí a láimhsíodh: 675



## Feachtas um Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe

An clár nua Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT), in Aibreán na bliana 2011, a éilíonn ar thiománaithe faoi oiliúint ceachtanna éigeantacha tiomána a ghlacadh d'fheithiclí i gcatagóir B (carranna agus veaineanna éadroma). Rinne an RSA fógra raidio de 30 soicind a léiriú is a chraoladh chun feasacht ORT a ardú agus craoladh é seo ar stáisiúin náisiúnta, áitiúla agus réigiúnta le linn Mhí Aibreáin agus arís i Mí na Samhna. Baineadh úsáid as leagain mhínghearrtha de 15 soicind de na fógraí mar 'réamhrollaí' ar bhreis agus 1 milliún fón cliste (iPhone agus Android) i rith Mhí Aibreáin/Mhí na Bealtaine agus Mhí na Samhna. Chuir an RSA feachtas fógraíochta digití i bhfeidhm don chlár ORT; chuimhsigh sé seo gnáthfhógraíocht meirge trí chainéil éagsúla mar Facebook, Boards.ie, RTÉ agus YouTube agus margaíocht ar innill chuardaigh. Chuimsigh sé freisin margaíocht innill cuardaigh'Google'. Rith an RSA fógraí preasa lándaite freisin sna nuachtáin náisiúnta uilig ag tús an Aibreáin, le feasacht a ardú faoin gclár ORT.Ritheadh fógraí preasa I bhfoilseacháin spriocmhargaidh m.sh. Hot Press. Cuireadh fógra dhá leathanach de ghné eolais faoi ORT agus Teagascóirí Tiomána Formheasta san Irish Independent ar an 23 Samhain agus 14 nuachtán réigiúnta san iomlán freisin. D'aimsigh an clúdach ilmheánach iomlán (an deis feiceáil nó léamh faoi ORT) 93% de na Daoine Fásta go léir.

## Córas Foláirimh Fíor-ama

Ceann de na príomhdhúshláin don RSA is ea an riachtanas frithghníomhú go han-tapa do choinníollacha a bhaineann le sábháilteacht ar bhóithre na hÉireann (ar nós coinníollacha aimsire) áit ar féidir leis na meáin shóisialta cumarsáid thraidisiúnta a chomhlánú. Úsáidtear cainéil meán sóisialta anois chun teachtaireachtaí a sheachadh ar an bpobal i bhfíor-am. Cruthaíodh córas foláírimh chun teachtaireachtaí do thomhaltóirí a sheoladh agus is foinse an-tábhachtach Twitter d'fholáirimh do thomhaltóirí ar chúrsaí a bhaineann le Sábháilteacht ar Bhóithre

## Cumarsáid Déthreo

Ba é an dara crann taca a bhí ag straitéis na meán sóisialta don Údaras um Shábháilteacht ar Bhóithre i rith 2011 ná na bealaí cumarsáide a oscailt do fhreagraí agus do pháirtíocht. San am atá caite, mar eagraíocht rialtais ag seachadadh teachtaireachtaí ar phobal ollmhór, rinne an RSA infheistiú i bhformaid níos traidisiúnta. Ní féidir le tomhaltóirí, áfach, labhairt ar ais ar chainéil thraidisiúnta na meán cumarsáide. Cuireann na Meáin Shóisialta ar chumas an RSA comhrá a bheith acu lena spriocéisteoirí duine le duine, trí phobal d'úsáideoirí bóithre a bhíonn go rialta ar Facebook agus Twitter.

## Ag Aimsiú an Aosa Óig

Tá crann taca deireanach na straitéise digití don RSA ríthábhachtach ar fad chun a thaispeáint cad chuige a bhfuil na meáin shóisialta ag croílár cumarsáide an RSA. Tá tiománaithe óga ar cheann de spriocghrúpaí an RSA chomh fada agus a bhaineann sé le seachadash teachtaireachta faoi shábháilteacht ar bhóithre. Chun a chinntiú go bhfuil an t-aos óg, go háirithe an spriocghrúpa fireann, páirteach go gníomhach sna teachtaireachtaí atá a seachadadh ag an RSA, baineadh úsáid as fógraíocht shóisialta. Trí Fheidhmchláir nuálacha Facebook, bhí sé ar chumas an RSA a bheith ag caidreamh le húsáideoirí de gach aois sa spás digiteach agus páirtíocht luachmhar, shásúil a chruthú i 2011.

**Chuimsigh sé seo;**

## Veisteanna Sofheicthe Saor in Aisce

In ionad iarraidh go díreach ar thomaltóirí Veisteanna Sofheicthe a chaitheamh, ba mhian leis an RSA veisteanna sofheicthe a thairiscint do leantóirí Facebook agus Twitter dá gcairde agus dá gclann saor in aisce. Tógadh feidhmchlár Facebook chun seolta poist agus méideanna riachtanacha a ghabháil dóibh siúd a d'iarr veisteanna do Dhaoine Fásta agus do Pháistí. Rinneadh breis agus 3,700 veist a sheachadadh chuig breis agus 2,500 tomhaltóir. Is sampla é seo ní amháin do scéal scéil a úsáid le feasacht faoi shábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn; ach meáin shóisialta a úsáid leis na huirlisí a choinneofaí iad sábháilte ar na bóithre a chur ar fáil do thomhaltóirí.

## Feachtas Fón Póca agus Tiomána

Rith feachtas fón póca agus tiomána an RSA ar feadh míonna na Bealtaine agus Mheáin Fhómhair. Chuimsigh sé an fógra teilifíse de 30 soicind (a bhí oiriúnaithe ón RA) ag aibhsiú na contúirtí a bhaineann le fóin phóca agus téacsáil agus taispeánadh leagan 60 soicind den fhógra céanna i bpictiúrlanna agus an fógra rathúil raidió '4 Times more Likely'.

## Lá Cuimhneacháin Domhanda

Sampla eile de nuálachta ba ea seoladh Balla Cuimhneacháin saincheaptha in ómós do Lá Cuimhneacháin Domhanda d'Íospartaigh Bhóthair, a bhí ar siúl ar 20 Samhain 2011. Úsáideann an Balla Cuimhneacháin feidhmiúlacht gréasáin sóisialta chun cur ar chumas daoine teachtaireachtaí a chomhroinnt faoi íospartaigh a d'éag ar Bhóithre na hÉireann; agus na scéalta seo a chomhroinnt chun daoine a thabhairt le chéile ar mhaithe le sábháilteacht ar bhóithre. Fuair an balla 600 iontráil go dtí seo. Ó seoladh iad go poiblí i mí Iúil 2011, bhain leathanaigh Facebook agus Twitter an RSA fás agus páirtíocht shuntasach amach. Aibhsíonn na staitisticí thíos ní amháin líon na bpáirtíochtaí, ach caighdeán na páirtíochta le príomhlucht tionchair roghnaithe freisin.






## Feachtais Raidió 2011

**Feachtas Aimsire Crua**
Ar eagla go dtiocfadh aimsir chrua arís mar an aimsir chrua gan fasach a tháinig an bhliain roimhe sin, rith an RSA forlíonadh speisialta san Irish Independent mar ullmhúchán. Chuimsigh an gné-alt mioneolas faoi céard ba cheart d'úsáideoirí bóthair a dhéanamh mar ullmhúchán d'aimsir mar seo agus céard le déanamh nuair a thiocfaidh sí.

**Leideanna ar Laethanta Saoire Bainc faoi Shábháilteacht ar Bhóithre**
Rith an RSA feachtas ar raidió áitiúil agus náisiúnta ina raibh cúig leid de 15 soicind faoi shábháilteacht ar bhóithre a rith le linn laethanta saoire bainc ag Cáisc agus i mí na Bealtaine.

**Fógra Raidio 'Harvest'**
Ritheadh comhfheachtas an RSA agus an IFA arís i 2011, ag tabhairt rabhaidh d'úsáideoirí bóthair ar an méadú a thagann ar fheithiclí talmhaíochta ar na bóithre le linn míonna an tsamhraidh. Chuimsigh sé athchraoladh ar an gcomhfhógra raidió de 30 soicind, gníomhaíocht spriocdhírithe ar scáileáin teilifíse ar fud na tíre agus eisiúint chomhráitis.

**An bhfuil do Charr Réidh don Gheimhreadh**
Chraol an RSA a eagarthóireacht raidió dar teideal'Is your vehicle ready for winter?' ar na stáisiúin raidió náisiúnta agus áitiúla i mí Dheireadh Fómhair. Craoladh sraith de shé theachtaireacht raidió '15 soicind' nó 'stoingí' freisin ar stáisiúin áitiúla raidió ag cur leideanna bunúsacha faoi thiomáint sa gheimhreadh ar fáil tar éis feasachán nuachta agus tuairiscí Tráchta.

**Soilse Reatha Lae**
Ritheadh feachtas raidió de 30 soicind an RSA, ag impí ar thiománaithe tiomáint i gcónaí le ceannsoilse maolaithe, ar feadh tréimhse coicíse i Mí na Samhna/Mí na Nollag. Bhí dhá stoing raidió (10" &15") mar chúl taca ag an bhfógra freisin agus dhírigh siad ar an mí-úsáid a bhaineann tiománaithe as soilse ceo.

**Fógra Raidió 'DIG' do Thiománaithe**
Rith an RSA fógra nua raidió de 30 soicind i Mí Feabhra agus Mí Iúil le cur i gcuimhne do thiománaithe an gá atá lena dteidlíochtaí DIG do Thiománaithe a choimeád trína n-oiliúint aonlae a chríochnú do 2011 faoin spriocdháta, 10 Meán Fómhair.

**Fógra Raidió 'TTF'**
Rith an RSA a bhfógra raidió de 30 soicind maidir le Teagascóir Tiomána Formheasta a chuireann i gcuimhne do thiománaithe nua gur cheart dóibh TTF formheasta de chuid an RSA amháin a úsáid agus ceachtanna a nglacadh acu.



**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

### Raidió um Thiomáint don Obair
Taispeánadh fógra raidió de 30 soicind de chuid an RSA, ag gríosú fostóirí chun úsáid a bhaint as Treoirlínte Sábháilteachta ar Bhóithre don láthair oibre, in Eanáir na bliana 2011.

### 'Play it Safe' Treoirlínte Sábháilteachta ar Bhóithre
Thug an RSA amach fógraí lánleathanaigh i gcláracha cluichí do na Cluichí Idirnáisiúnta Rugbaí sa Bhaile, do Chluichí Craoibhe CLG agus Cluichí Idirnáisiúnta Sacair. Chuir na fógraí, 'Play it Safe', treoirlínte nua sábháilteachta ar bhóithre de chuid an RSA d'eagrais spóirt, chun cinn. Tá na treoirlínte formhuinithe ag Rothaíocht Éireann, Cumann Rugbaí na hÉireann, Cumann Lúthchleas Gael agus an FAI.

### 'Keep the Race in its Place'
Chuaigh an RSA agus Motorsport Ireland i comhpháirtíocht chun spriocdhíriú ar na trí heachtraí railí ab iomráití i 2011 trí theachtaireachtaí sábháílteachta ar bhóithre a chur. Ba Railí Mhaigh Eo an chéad eachtra a eagraíodh ar an Domhnach, 13 Márta 2011. D'eisigh an dá eagraíocht comhtheachtaireacht sábháilteachta do leantóirí a bhí ag an eachtra spóirt seo darbh ainm "Keep the Race in its Place". Chuimsigh sé freisin fógra raidió de 30 soicind ar an raidió áitiúil agus cláir fhógraí shoghluaiste timpeall ar ionad an rása. Spriocdhíríodh ar 'Killarney Rally of the Lakes' agus ar Railí Dhún na nGall le linn 2011.

### Léarscáil Bhóithre Saor in Aisce ón RSA, AA/Daily Mail
Chuaigh an RSA i gcomhpháirtíocht leis an AA agus an Daily Mail le 90,000 Léarscáil bhóithre saor in aisce a thabhairt amach sa Daily Mail thar Dheireadh Seachtaine Saoire |Bainc na Cásca. Tá teachtaireachtaí sábháilteachta ar bhóithre san atlas.

### Coimeád Dráma ón mBóthar
Léiríodh scannán nua de 120 soicind um shábháilteacht ar bhóithre dar teideal 'Loaded Weapon' i 2011. Ba é an scannán an iontráil bhuach sa chomórtas scannán sábháilteachta ar bhóithre 'Keep Drama off the Road' de chuid an RSA/Setanta Insurance agus seoladh é mar idirghabháil sábháilteachtáilte ar bhóithre 'ar líne'. Bhreathnaigh 28,790 duine ar an scannán ar YouTube ó seoladh é.






**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

**Eisíonn an RSA agus Gardaí Comhachainí do Lá Fhéile Pádraig**
D'fhógair an RSA agus An Garda Síochána mórfhogha sábháilteachta ar bhóithre ag druidim le tréimhse ardbhaolach Lá Fhéile Pádraig.

**Drochshoilse ar Fheithiclí**
D'eisigh an tÚdarás ráiteas poiblí sa Mhárta ag cur imní thromchúiseach in iúl maidir le soilse feithiclí atá coinnithe go dona. Impíodh ar úsáideoirí bóthair a chinntiú go raibh na soilse ar a bhfeithiclí ag obair i gceart.

**Seolann an RSA Feachtas Rothaíochta Shábháilte**
Ar an Luan 28 Márta, sheol an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre feachtas fógraíochta ar raidió áisiúnta le feasacht a ardú faoi shábháilteacht ar bhóithre i measc rothaithe. Craoladh an fógra, a bhfuil sé d'aidhm aige oideachas a chur ar rothaithe conas fanacht sábháilte ar na bóithre, ar na stáisiúin raidió náisiúnta agus réigiúnta uilig thar an chéad dá sheachtain d'Aibreán.

**Deichbhliain Ghníomhaíochta na NA do Sheoladh Sábháilteachta ar Bhóithre**
Shonraigh an RSA, An Garda Síochána, Oifigí um Shábháilteacht ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil agus Grúpa Sábháilteachta ar Bhóithre PARC seoladh domhanda Deichbhliain Ghníomhaíochta do Shábháilteacht ar Bhóithre 2011-2020 na NA ar an gCéadaoin, 11 Bealtaine. Tá sé d'aidhm ag Deichbhliain Ghníomhaíochta na NA do Sheoladh Sábháilteachta ar Bhóithre 5 mhilliún beatha a shábháil ar bhóithre an domhain sa deich mbliana amach romhainn. Is laghdú iomlán de 50% é seo ar líon na mbásanna domhanda a bhí tuartha faoin mbliain 2020. Faoi láthair, cailltear 1.3 milliún beatha agus gortaítear 50 milliún de thoradh imbhuailtí ar bhóithre an domhain gach bliain. Ar leithligh sheol Uachtarán an Federation Internationale de l'Automobile (FIA), Jean Todt, tionscnamh sábháilteachta ar bhóithre ó Motorsport Ireland a fuair tacaíocht ón RSA. Tá an tionscnamh dírithe ar thiománaithe óga, go háirithe iad siúd idir 17 agus 24 atá ar na daoine is mó atá i mbaol ar bhóithre na hÉireann. Bhí sé mar pháirt freisin de ghníomhaíocht Motorsport Ireland agus an RSA don Deichbhliain Ghníomhaíochta na NA do Sheoladh Sábháilteachta ar Bhóithre.



## Dámhachtain

### Dámhachtain Siorca Chionn tSáile

Phioc an RSA Dámhachtain Siorca ‘Airgid’ dá bhfeachtas ‘Crashed Lives’ ag féile idirnáisiúnta dámhachtainí na fógraíochta cruthaithí i gCionn tSáile i 2011. Is iad na Siorcanna féile idirnáisiúnta fógraíochta na hÉireann, agus tugtar cuireadh do thogha an phobail fógraíochta domhanda le sárthaispeántas a thabhairt ar na fógraí ab fhearr ar domhan sa bhliain atá caite. Is aitheantas iontach é den obair agus tiomantas a chuaigh isteach san fheachtas seo dámhachtain airgid a bhuachan don Fheachtas Teilifíse ‘Crashed Lives’. Ceann den dá fheachtas teilifíse Éireannach é a bhuaigh, agus ní raibh aon ór i gcatagóir teilifíse na hÉireann.

### Dámhantacht d’Fhógra na Míosa de chuid Nuachtáin Náisiúnta na hÉireann (NNI)

Bhronn Nuachtáin Náisiúnta na hÉireann (NNI) ‘Dámhachtain d’Fhógra na Míosa’ gradamach ar fhógra preas de chuid an RSA a forbraíodh chun feasacht a mhéadú faoin gclár nua Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe.

### Dámhantacht d’Fhógra na Míosa de chuid IMJ

Phioc feachtas teilifíse an RSA chun teorainn tiomána faoi thionchar na dí a ísliú suas dámhantacht d’fhógra na míosa ó Iris Margaíochta Éireann. Toghann tionscal na fógraíochta an dámhachtain don fhógra a thaispeánann na caighdeáin agus na héachtaí is airde sa Tionscal.








## Oideachas

Is é polasaí an RSA ná oideachas d'úsáideoirí bóthair a chur ar fáil trí chur chuige carnach suas go dtí an tríú leibhéal sa chóras oideachais agus i bpobail áitiúla. Cinntíonn oideachas um shábháilteacht ar bhóithre go bhforbróidh úsáideoirí bóthair dearcadh cuí agus iompar sábháilte. Sa bhliain 2011, dháil an RSA na cláir oideachais seo a leanas:

## Síomóin agus a Chairde

D'fhorbair an RSA paca sábháilteachta ar bhóithre ar a dtugtar 'Simon and Friends' agus is féidir é a úsáid i réamhscoileanna ar fud na tíre. Díríonn an tsraith isteach ar cheathrar carachtar a chuireann chun cinn teachtaireachtaí aoisoiriúnacha sábháilteachta ar bhóithre do pháistí a raibh greim láimhe acu ar a chéile, ag amharc agus ag éisteacht ag tabhairt dea-shampla. Ag deireadh gach scéil tá roinnt gníomhaíochtaí sínidh gur féidir le soláthróirí réamhscoile a úsáid chun cleachtais fhoghlama eile a spreagadh le páistí.

Tá scéalta taifeadta ar CD Rom gur féidir a chur ar siúl do pháistí i dtimpeallacht do pháistí óga. Tá roinnt amhrán faoi shábháilteacht ar bhóithre ar an dlúthdhiosca. Sa phaca tá treoir do mhúinteoirí a ghabhann leis ar a dtugtar ' Hand in Hand' a chuimsíonn eolas faoi shábháilteacht ar bhóithre a chomhthathú isteach sa rannóg réamhscoile agus tá gníomhaíochtaí, cluichí agus amhráin ann a mholtar agus a thacaíonn le scéalta 'Simon and Friends'. Sa bhliain 2011 thug iomlán de 32 Choiste Contae agus Cathrach Cúram Páistí gealltanas go gcuirfidís an clár i bhfeidhm do ghréasán de 1,071 soláthróirí cúram páistí mar naíolanna agus réamhscoileanna ar fud na tíre. D'eagraigh Coistí Contae agus Cathrach seisiúin oiliúna áitiúla do sholáthróirí ar leabhair scéalta 'Simon and Friends' agus d'eagraigh siad 'Beep Beep Day' nó lá feasachta sábháilteachta ar bhóithre ina gcontae. Úsáideann soláthróirí réamhscoile acmhainní agus cluichí 'Simon and Friends' chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn le linn a'Beep Beep Day'




## 'Be Safe'


Is paca acmhainní de ghníomhaíochtaí bunaithe ar shábháilteacht ar bhóithre, sábháilteacht dóiteán agus sábháilteacht uisce é 'Be Safe' do bhunscoileanna. Le hábhair dírithe ar pháistí ó rang na naíonán go dtí rang a sé, forbraíodh go sonrach é mar pháirt de churaclam OSPS (Oideachais, Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte) agus bainteach le Snáithe OSPS, 'Myself' a phléann le Sábháilteacht agus Cosaint, Saincheisteanna Sábháilteachta agus Déanamh Cinntí. Forbraíodh 'Be Safe' i gcuideachta le múinteoirí cleachtacha. Tá fáil ag múinteoirí agus ag páistí ar phleananna ceachtanna láithreach. Cuirtear an t-ábhar i láthair i dtosach le heolas aoisoiriúnach agus ansin déantar é a chíoradh agus a fhorbairt trí phlé sa rang, gníomhaíochtaí agus bileoga oibre.

## 'Seatbelt Sheriff and Hi-Glo Silver'

Is slí ghreannmhar í 'Seatbelt Sheriff' chun páistí i rang a haon a bheith páirteach i sábháil beatha daoine. Is féidir le páistí a bheith ina Sirriamaí Criosanna Sábhála trí ghealltanas a thabhairt go mbúclálfaidh siad suas agus go gcinnteoidh siad freisin go mbeidh gach duine eile sa charr búcláilte suas. Tugtar suaitheantas sirriam dóibh mar aon le teastas a thaispeánann go bhfuil údarás acu iarraidh ar na paisinéirí uilig agus ar na tiománaithe 'Búcláil Suas' in aon fheithicil ina bhfuil siad ag taisteal.

Is é 'Hi-Glo Silver' capall Shirriam Criosanna Sábhála agus is infheictheacht a theachtaireacht. Spreagann sé páistí chun cur i gcuimhne dá dtuismitheoirí gur cheart dóibh seaicéid nó criosanna sófheicthe a chaitheamh agus iad amuigh ag siúl.Cuireadh Airgead Ardbhreo chuig páistí i rang a dó, a fuair teachtaireacht Shirriam Criosanna Sábhála an bhliain roimhe sin. Tríd an ngné seo den fheachtas, rinne an RSA 60,000 banda muinchille do pháistí saor in aisce do pháistí scoile i 2011.

Rinneadh Sirriam Criosanna Sábhála agus Airgead Ardbhreo a sheachadadh chuig gach scoil in Éirinn i 2011. Fuarthas 336 iontráil san iomlán do chomórtas Sirriam Criosanna Sábhála agus Airgead Ardbhreo i 2011. Forbraíodh suíomh idirlín do scoileanna agus do mhúinteoirí: www.seatbeltsheriff.ie **www.seatbeltsheriff.ie**



## Feachtas Ar Ais ar Scoil

**Sa bhliain 2011, rinne an RSA 3,196 ' Pacaí Sábháilteachta ar Bhóithre Ar Ais ar Scoil' a sheachadadh ar scoileanna ina raibh:**

- Veist sofheicthe a bhí comhurraithe ag an BSL do gach iontrálaí nua go bunscoil
- Scaipeadh 120,000 veist shofheicthe san iomlán
- Cóip den 3ú eagrán den Nuachlitir Scoile
- Cuireadh acmhainní a seachadadh i 2011 chun cinn arís, mar Let's Go agus Be Safe. Cuireann na hacmhainní seo eolas ar fáil d'údaráis scoile ar conas feasach faoi shábháilteacht ar bhóithre agus iad ag eagrú nó ag taisteal go himeachtaí scoile. Cuireadh cóip amháin de Let's Go go dtí gach Bunscoil i 2010
- Bileog eolais 'Going to School' d'iontrálaithe nua ar scoil
- Cóip de Dhlúthdhiosca agus de phóstaer an Chóid Shábhála, mar aon le préimheanna an Chóid Shábhála, cairt gluaiseachtaí damhsa, leabhair dhathúcháin agus teirmiméadar ón RSA agus BSL

## Oiliúint Inniúlachta Rothaíochta

Sa bhliain 2011, fuair 8,786 dalta oiliúint inniúlachta rothaíochta i 172 scoil. Is í aidhm na hoiliúna seo ná páistí a oiliúint go foirmiúil chun rothar a mharcaíocht go sábháilte agus chun dearcadh dearfa freagrach a chothú maidir le sábháilteacht phearsanta. Íocann an RSA fóirdheontas de €5.00 an dalta (leath na táille) le húdaráis áitiúla chun cabhrú le costas daltaí bunscoile a bhíonn páirteach sa scéim.





## 'Streetwise'

'Is acmhainn oideachais é 'Streetwise', atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí bainteach le sábháilteacht ar bhóithre, don Chlár Teastais Sóisialta (páistí 12-15 bliana d'aois) faoin ábhar curaclaim OSSP (Oideachas, Saoránach Sóisialta Polaitiúil). Is féidir an modúl a rith thar12 sheachtain. Clúdaítear na ceachtanna seo a leanas:

**Ceacht 1 Coisithe**
**Ceacht 2 Rothaithe**
**Ceart 3 Gluaisrothaithe**
**Ceacht 4 Criosanna Sábhála**
**Ceacht 5 Luas agus luathú**
**Ceacht 6 Guaiseacha a aithint**
**Ceacht 7 Tuirse tiománaithe**
**Ceacht 8 Tiomáint faoi thionchar na dí**
**Ceacht 9 Innealtóireacht sábháilteachta ar bhóithre**

Caithfidh na daltaí uilig tionscadal gnímh a chríochnú mar pháirt do Scrúdú an Teastais Sóisialaigh. Le gach ceann de na hábhair thuas, chuireamar moltaí ar fáil do na tionscadail ghníomh-bhunaithe seo. Fuair gach scoil in Éirinn cóip de 'Steetwise' i 2008. Cuireadh Streetwise chun cinn do gach scoil i 2011.

## 'Your Road to Safety' — A Transition Year Programme

Chomhoibrigh an RSA leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe chun clár sábháilteachta ar bhóithre a fhorbairt do scoileanna mar pháirt den Idirbhliain (IB). Spreagann an clár seo foghlaim gníomhach agus forbairt feasachta, eolas, scileanna agus scileanna a chruthóidh dúshraith d'fhorbairt úsáideoirí bóithre sábháilte anois agus amach anseo. Tá an clár le fáil bhformaid 20 uair agus 45 uair agus cuireann sé leis an gcuir chuige maidir le foghlaim gníomhach an Chláir Idirbhliana. Tá inchur sa dá chlár ó ghníomharthaí eile mar an tSeirbhís Otharcharanna, an tSeirbhís Dóiteáin agus an Garda Síochána chomh maith le forachtáil do chainteoirí ar cuairt, turais amach ón scoil, tionscnaimh agus staidéar cásanna. Mar chrann taca dó tá acmhainní digiteacha a chuimsíonn rochtain ar shuímh idirlín idirnáisiúnta faoi cheisteanna sábháilteachta ar bhóithre ó shuíomh idirlín an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre **www.rsa.ie**.


**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

Cuireann an clár réamhra ar fáil maidir le sábháilteacht ar bhóithre do choisithe, rothaithe, gluaisrothaithe agus tiománaithe, agus clúdaíonn sé ceisteanna mar criosanna sábhála, málaí aeir, tuirse ar thiománaithe, tiomáint faoi thionchar na dí/dhrugaí, innealtóireacht shábháilteacha ar bhóithre agus forfheidhmiú, garchabhair bhunúsach ag tionóisc bhóthair, seirbhísí éigeandála agus athshlánú, ceisteanna ceadúnaithe agus árachais, an TNG, ag ceannach cairr agus ag tiomáint thar lear. Tá eolas faoi Thástáil Ábhártha Teoirice Tiomána le fáil ag deireadh gach modúil. Sa bhliain 2011, ghlac 46 múinteoir nua san iomlán páirt i gclár oiliúna inseirbhíse ar an bpaca acmhainní. Ghlac 343 múinteoir i gclár oiliúna inseirbhíse, go dtí seo.



## Wrecked.ie

D'fhorbair an RSA clár dar teideal 'Wrecked.ie' atá spriocdhírithe ar na haoisghrúpaí ardriosca 17-24 bliain d'aois. Forbraíodh an clár le coiste eagarthóireachta ilghníomhaireachtaí a chuimsigh ionadaíocht ón nGarda Síochána, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Dóiteáin, Oifigí Sábháilteachta ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil, Ógtheagmháil, FÁS, agus Siceolaí Iompraíochta ó Choláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. Tá an clár curtha i láthair mar acmhainn ríomhaire-bhunaithe ar line agus as line. Ar 'Wrecked.ie' tá sraith de fhíschraolta a thaifead aisteoirí Éireannacha a aithrisíonn eachtraí meargánta tiomána – gan a n-aghaidheanna a thaispeáint. Tá na físchraolta maisithe le léaraidí ardteicneolaíochta a léiríonn na príomhphointí i bhfianaise gach cainteora. I dteannta 'Wrecked.ie' tá 'treoir do threoraithe' ina bhfuil ceisteanna breise ar gach ábhar, rud a thugann deis dóibh amharc orthu féin agus a n-iompar i dtaca le sábháilteacht ar bhóithre.Sa bhliain 2010, rinneadh 'Wrecked.ie' a phíolótadh le hÓgteagmháil, FÁS agus Cláir Athstiúrtha an Gharda Síochána ar fud na tire. Tugadh an acmhainn isteach ar fud na tire i 2011. Cuireadh oiliúint ar 206 duine san iomlán sna hacmhainní 'Wrecked.ie'. Bhí sé ar intinn ag an 206 duine seo an acmhainn seo a chur ar fáil do 5,138 duine amach anseo.




## Clár Sábháilteachta ar Bhóithre don Phobal

D'fhorbair grúpa oibre ilghníomhaireachtaí a chuimsigh ionadaíocht ón RSA, Muintir na Tíre, Fóraim Náisiúnta Pobail, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, Biúró Tráchta Náisiúnta an Gharda Síochána, Oifigí Sábháilteachta ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil agus an tSeirbhís Dóiteáin an Clár Sábháilteachta ar Bhóithre don Phobal. Díríonn an Clár Sábháilteachta ar Bhóithre don Phobal ar dhearcadh agus iompar daoine maidir le sábháilteacht ar bhóithre a athrú. Cuirfidh an RSA oiliúint ar threoraithe pobail chun an oiliúint seo a chur ar fáil do ghrúpaí pobail. Tá an paca acmhainní bunaithe ar Rialacha an Bhóthair agus díreoidh sé ar dhearcadh agus iompar tiománaithe, coisithe, gluaisrothaithe agus rothaithe a athrú.

**Díríonn sé ar cheithre phríomhábhar:**

- **Luas agus Luathú**
- **Úsáid criosanna sábhála, málaí aeir agus srianta cearta páistí**
- **Lagú(alcóil, úsáid dhleathach agus mhídhleathach drugaí, tuirse ar thiománaithe agus úsáid fón póca)**
- **Iompar contúirteach maidir le/ a bhíonn ar siúl ag úsáideoirí leochaileacha bóthair (coisithe, gluaisrothaithe, rothaithe, páistí óga agus seandaoine)**

Sa Bhliain 2011 chuir an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre oiliúint ar 75 dhuine a oibríonn le grúpaí pobail ar bhonn deonach nó gairmiúil ar conas 'Protecting Our Community – A Call to Action' a chur ar fáil ina bpobal.

Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe


## Cúrsaí Sóghluaiseachta

Sa bhliain 2011, d'fhorbair an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i gcaidreamh leis an nGarda Síochána, FSS, Cumann na nOptaiméadraithe in Éirinn, Cumann na Fisiteiripeoirí in Éirinn, Age Action Ireland agus Lucht Scoir Gníomhach Éireann an sraith straitéisí seo do dhaoine atá ag obair go díreach le seandaoine. Is í aidhm Chúrsaí Sóghluaiseachta ná seandaoine a dhéanamh inniúil maidir le heolas agus scileanna sábháilteachta ar bhóthair atá riachtanach chun a bheith ina n-úsáideoirí sóghluaiste neamhspleácha bóithre. Pléann an clár leis na hábhair eolais seo a leanas: sábháilteacht choisithe, sábháilteacht rothaithe, sábháilteacht ar bhusanna, tiomáint shábháilte, tiomáint lagaithe, ag ceannach cairr a chuimsíonn gnéithe sábháilteachta agus sócúlacht do thiománaithe, cothabháil cairr, ag pleanáil d'athrú agus ag fanacht sóghluaisteach. Tá na seisiúin an-idirghníomhach. Rinneadh DVD sainthógtha a dhearadh le dul leis an gclár. Rinneadh an clára phíolótú i 2011 agus cuirfear ar fáil é ar fud na tíre i 2012

## Imir go Cúramach – Treoirlínte Sábháilteachta ar Bhóithre d'Eagrachtaí Spóirt

D'fhorbair an RSA treoirlínte sábháilteachta ar bhóithre d'eagrachtaí spóirt i gcomhar le Cumann Rugbaí na hÉireann, CLG, FAI agus Cumann Rothaíochta na hÉireann. Cuireann na treoirlínte eolas ar fáil d'eagraíochtaí spóirt ar conas a bheith feasach faoi shábháilteacht ar bhóithre agus iad ag eagrú nó ag taisteal chuig nó ó imeachtaí spóirt. Is féidir na treoirlínte a íoslódáil ó shuíomh idirlín an RSA. Rinneadh Play it Safe a sheachadadh ar na clubanna go léir a bhí bainteach le CLG, Cumann Rugbaí na hÉireann, FAI agus Cumann Rothaíochta na hÉireann.




## 'Safe Grads' — Treoirlínte Sábháilteachta ar Bhóithre do Choláistí Tríú Leibhéal

D'fhorbair an RSA treoirlínte sábháilteachta ar bhóithre dírithe ar choláistí 3ú leibhéal chun cur a gcumas seachtain fhaisnéiseach rathúil sábháilteachta ar bhóithre a óstáil. Ghlac sé choláiste dhéag ar fud na tíre páirt sa chlár Safe Grad.

## Oifigí Sábháilteachta ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil

Rinne an RSA dhá sheimineár le hOifigí Sábháilteachta ar Bhóithre na nÚdarás Áitiúil a óstáil i 2011. Ba é aidhm na seimineár ná cur chuige níos comhtháite maidir le sábháilteacht ar bhóithre a éascú ar fud na tíre. D'fhorbair an RSA tairseach eolais d'Oifigí Sábháilteachta ar Bhóithre (OSB). Cuirtear Oifigí Sábháilteachta ar Bhóithre ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí sábháilteachta ar bhóithre uilig tríd an meán seo a chuimsíonn staitisticí seachtainiúla maidir le sábháilteachta ar bhóithre a chuireann an Garda Síochána ar fáil, preaseisiúintí, mionsonraí faoi na cláir oideachais uilig maidir le sábháilteacht ar bhóithre a chuimsíonn leibhéil réamhbhunscoile, bunscoile, meánscoile, tríú leibhéal agus leibhéal pobail.

## 'Oíche Eorpach Gan Tionóisc'

Rinne an RSA an 5ú 'Oíche Eorpach Gan Tionóisc' a óstáil ar an Satharn, 15 Deireadh Fómhair 2011 mar pháirt de 'Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre na hÉireann. Bhí sé d'aidhm ag an tionscnamh iompar freagrach a chothú ar chúl an rotha i measc dhaoine óga fásta. Daoine óga fásta deonacha a rith an tionscnamh agus spreag said grúpaí ógánach a bhí ag dul isteach i gclubanna oíche 'tiománaí ainmnithe' a cheapadh don oíche. Tugadh rostbhanda don 'tiománaí ainmnithe' chun taispeáint go raibh sé ar intinn acu staonadh ón alcól an oíche sin. Ar fhágáil an chlub oíche, tugadh cuireadh don 'tiománaí ainmnithe'séideadh go deonach isteach san anáileadán do na hoibrithe deonacha chun feiceáil ar coinníodh an gealltanas. Thaispeáin torthaí gur ghníomhaigh líon ard.

## Críonna



Is ionchur sábháilteachta ar bhóithre é 'Streetsmart' atá dírithe ar bheocht a chur i sábháilteacht ar bhóithre ar shlí ghreannmhar do pháistí óga scoile. Is léarscáil 'Streetscape' (den tomhas 9 méadar x 10 méadar), an taca lárnach agus is gnáthdhreach sráide atá ann deartha do pháistí idir 4 agus 8 mbliana d'aois. Tugtar 'carranna siúil' agus 'rothair seasaimh' do pháistí agus múintear dóibh conas an bóthar a úsáid go sábháilte. Is féidir an Streetscape a chur suas sa halla scoile. Bhí foireann an RSA ag comhoibriú le múinteoirí roimh ré chun a shocrú cad iad na gníomhaíochtaí is fearr le cur ar fáil do pháistí. Tá 'Shuttle' mar thaca ag Streetmart a chuimsíonn limistéar tiomanta do pháistí. Is féidir le páistí a bheith páirteach i réimse gníomhaíochtaí mar scéalaíocht, cluichí sábháilteachta ar bhóithre agus seisiún idirghníomhach ceisteanna agus freagraí maidir le sábháilteachta ar bhóithre. Déanann foireann RSA agus múinteoirí gníomhaíochtaí a éascú. Thug 'Streetsmart' cuairt ar 17 láthair ina raibh roinnt scoileanna i ngach láthair.

## Ionsamhlóir Tar-rollta an RSA



Sa bhliain 2011, fuair an RSA Ionsamhlóir Tar-rollta atá an-éifeachtach nuair a bhítear ag iarraidh daoine a spreagadh le criosanna sábhála a úsáid. Seo carr feistithe ar léibheann hiodrálach gur féidir leis leath nó tar-rolladh iomlán a ionshamhlú agus taispeánann sé conas a mhothófa dá mbeifeá i do thiománaí nó i do phaisinéir i gcarr a bheadh ag tiontú bunoscionn. Taispeánann seo duit na héifeachtaí ó bheith crochta le do chrios sábhála. Tar éis an taispeántais ní thaistealóidh daoine chóiche arís i gcarr gan criosanna sábhála a bheith orthu! Chuir an RSA taispeántais ar fáil agus riochtáin ar fhíormhéid a n-úsáid acu agus thaispeán seo freisin an áit a d'fhéadfá a bheith nuair nach mbíonn do chrios sábhála a chaitheamh agat. Bhí an t-ionsamhlóir tar-rollta i dteannta an tointeálaí chuig a lán imeachtaí agus thug sé cuairt ar mheánscoileanna agus ar choláistí tríú leibhéal chomh maith le himeachtaí náisiúnta. Bhí an t-ionsamhlóir tar-rollta i láthair ag breis agus 50 imeachtaí san iomlán i 2011.

## 'Tointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre'

Sa bhliain 2011 bhí an Tointeálaí i láthair ag 67 n-imeachtaí ó imeachtaí sábháilteachta ar bhóithre i meánscoileanna agus coláistí tríú leibhéal agus chuimsigh seo freisin imeachtaí náisiúnta mar Taispeántas an Eolaí Óig, agus an Chraobh Treafa. Thug tuairim is 180,000 duine cuairt ar an Tointeálaí i 2011. Is eispéireas sábháilteachta ar bhóithre í an Tointeálaí agus tá sé d'aidhm sábháilteachta ar bhóithre a thabhairt to cróilár na bpobal áitiúil ar fud na tíre. Sa Tointeálaí tá:

- Amadóirí frithghníomhaithe
- Ríomhairí feistithe leis an Tástáil Teoirice Tiománaithe, ceistneoirí, cluichí idirghníomhacha agus rochtain ar shuíomh idirlín an RSA
- Limistéir thaispeántais chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn.
- Scáileán plasma a thaispeánann sraith fógraí sábháilteachta ar bhóithre agus clárú sábháilteachta ar bhóithre;
- Ionsamhlóir gluaisrothair
- Ionsamhlóir cairr
- Ionsamhlóir rothair

## Searmanas Dámhachtan 'Soilse Stiúrtha i Sábháilteacht ar Bhóithre'

Bhí an searmanas dámhachtan ar siúl ar an gCéadaoin, 12 Deireadh Fómhair 2011 i Farmleigh, áit ar bronnadh an tArd-Dámhachtan ar na daoine leis an sártionscnamh ba nuálaí maidir le sábháilteacht ar bhóithre, agus dá gceannaireacht agus a ndíograis eiseamláireach i gcúrsaí sábháilteachta ar bhóithre. Bhuaigh Niamh Kearney agus Tadhg O'Shea ó Choláiste Pobail Bheanntraí 'Ard- Dámhachtan' an RSA do shábháilteacht ar bhóithre. Ag obair go dlúth leis na Gardaí, rinne siad monatóireacht ar luas carranna ag dul tríd an sráidbhaile thar thréimhse dhá lá agus tháinig siad ar réiteach chun tiománaithe carranna a spreagad le tiomáint níos moille. Tugadh amach Soilse Stiúrtha i Sábháilteachta ar Bhóithre i dtrí chatagóir déag a chuimsigh Oideachas (Bunscoileanna, Meánscoileanna, Coláistí Tríú Leibhéal agus Pobalscoileanna), Oifigeach Sábháilteachta ar Bhóithre, Rannóg Phobail, Na Meáin Chumarsáide Áitiúla, Lucht Gnó, Teagascóir Formheasta Tiomána, Ambasadóir Óg um Shábháilteacht ar Bhóithre agus Ambasadóir um Shábháilteacht ar Bhóithre.







## Spreagthaí/Imeachtaí

### An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Thug an RSA a dTointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre chuig an gCómórtas Náisiúnta Treabhdóireachta 2011, áit a raibh 150,000 duine i láthair. Mar pháirt dá n-iarracht sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn ag an ócáid seo, thairg an RSA 40,000 veist shofheicthe saor in aisce i gcomhcheangal le FBD Insurance agus an Irish Farmers' Journal chun sábháilteacht a chur chun cinn ar na bóithre agus ar an bhfeirm.

### Éadaí Sofheicthe Saor in Aisce

**Sa bhliain 2011, chuaigh an RSA i gcomhar le roinnt eagraíochtaí chun éadach sofheicthe a sheachadadh saor in aisce. Chuimsigh sé seo:**

- **40, 000 veist leis an Farmers Journal agus FBD Insurance**
- **120,000 veist tríd RSA/ Campa Ar Ais ar Scoil an RSA**
- **8,000 veist le Advance Pitstop**
- **60,000 banda muinchille tríd Seatbelt Sheriff agus Hi Glo Silver**
- **43,000 tríd Mionmharatón Flora**
- **25,000 veist Gluaisrothaithe le Treoirleabhar do Cheannaitheoirí Gluaisrothar**

**Tionscnaimh Eile:**

- **Seachadadh 60,000 banda muinchille mar pháirt den fheachtas Seatbelt Sheriff/Hi Glo Silver**
- **Tugadh breis agus 20,000 banda muinchille do dhaoine fásta don phobal ónár dtointeálaí idirghníomhach ag imeachtaí éagsúla ar fud na tíre agus tríd an Garda Síochána**
- **Éadach sofheicthe a seachadadh tríd an Tointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre ag 67 láthair ar fud na tíre. Chuimsigh sé seo seachadadh veisteanna, bandaí muinchille, málaí, clúdaigh cnapsac**
- **Éadaigh sofheicthe a seachadadh chuig gasóga, banghasóga, clubanna óige, naíolanna, otharlanna agus eagraíochtaí éagsúla a d'iarr iad.**

### Eolaí Óg BT agus Taispeántas Teicneolaíochta 2011

Thug an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre cuireadh do mhic léinn cuairt a thabhairt ar a dTointeálaí Idirghníomhach um Shábháilteacht ar Bhóithre greannmhar ag Eolaí Óg BT agus Taispeántas Teicneolaíochta 2011 a bhí ar siúl ag an RDS ón 12-14 Eanáir 2011. Bhí baill foirne de chuid an RSA i láthair chun comhairle agus eolas a thabhairt ar aon cheist sábháilteachta ar bhóithre agus mar pháirt dá n-iarracht sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn i measc na mac léinn ag an ócáid. Thairg an RSA:

- **Bhí scagthástáil ar fhógraí teilifíse ar siúl ar bhonn leanúnach**
- **Comórtas XBHOSCA – Bhí deis ag mic léinn XBHOSCA 360 a bhuachan gach lá trí pháirt a ghlacadh i dtráth na gceist a bhain leis na gníomhaíochtaí uilig ar an seastán**
- **Éadach an RSA – Seachadadh pacaí droime sofheicthe, bandaí muinchille agus málaí frithchaiteacha chuig mic léinn**

## Dámhantais Seatbelt Sheriff agus Hi-Glo Silver

Bhí Dámhantais Dámhantais Seatbelt Sheriff agus Hi-Glo Silver bhliantúil ar siúl ar an Luan, 21 Márta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Bhí 280 dalta scoile agus a múinteoirí as deich mbunscoil ar fud na tíre i láthair ar an ócáid seo. Bhronn an tUasal Michael Rowland, RSA agus Gabriel Mc Intyre, Ard-Cheannfort, An Garda Síochána na dámhaintí ar an lá.



## Seisiúin Fhaisnéise do Chomhordaitheoirí Scoileanna Glasa

D'eagraigh an RSA dhá sheisiún faisnéise réigiúnta do Chomhordaitheoirí Iompair Scoileanna Glasa a bhí ar siúl i nGaillimh agus i mBaile Átha Cliath ar an gcéad agus ar an dara lá de Mhárta. Bhí 24 Chomhordaitheoir Scoileanna Glasa san iomlán ó áiteanna ar fud na tíre i láthair ag na seisiúin seo. Cuireann Comhordaitheoirí Scoileanna Glasa an téama 'taisteal' chun cinn i scoileanna ar fud na tíre. Leagannn na scoileanna a bhíonn páirteach amach a spriocanna taistil féin, agus is í an aidhm is mó atá acu ná líon na ndaltaí a bhíonn ag siúl, ag rothaíocht nó ag úsáid iompair poiblí a mhéadú , rud a mhaolóidh brú tráchta trí líon na gcarranna príobháideacha a thagann go geataí na scoile a laghdú. D'fhiosraigh an RSA agus Comhordaitheoirí Scoileanna Glasa deiseanna chun oibriú níos dlúithe le chéile in shlí chomhordaitheach trí acmhainní oideachais an RSA a chur chun cinn i Scoileanna Glasa mar pháirt den téama 'taisteal'. Bhí aischothú ar na seimineáir thar barr.

## Ceistneoir Oideachais

Sheachfhoinsigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre suirbhé chun úsáid acmhainní oideachais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre a dhearbhú i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Fuair an suirbhé eolas staitistice maidir le:

- meánscoileanna atá feasach faoi acmhainní oideachais an RSA
- Líon na mbunscoileanna agus meánscoileanna a úsáideann acmhainní oideachais an RSA sa téarma scoile Meán Fómhair 2010— Bealtaine/Meitheamh 2011, Meán Fómhair 2007— Bealtaine/Meitheamh 2010
- Líon na ndaltaí a múineadh sábháilteacht ar bhóithre dóibh agus úsáid a bhaint as acmhainní oideachais an RSA Meán Fómhair 2010 —Bealtaine/Meitheamh 2011, Meán Fómhair 2007— Bealtaine/Meitheamh 2010
- Éifeacht na n-acmhainní seo chun oideachas a chur ar dhaltaí bunscoile agus meánscoile faoi shábháilteacht ar bhóithre, go ginearálta agus eolas ar leith faoi éifeacht gach acmhainne.
- Na fáthanna a d'fhéadfadh a bheith i gceist nach mbaineann scoileanna úsáid as na hacmhainní seo

Tá na sonraí a bailíodh fíorúsáideach i gcúrsaí pleanála, forbartha agus cur chun cinn clár oideachais sábháilteachta ar bhóithre in Éirinn.

## Clubanna Gan Ainm (CGA)

**Chas na Clubanna Gan Ainm agus an RSA ar a chéile go luath i 2011 chun pleananna do 2011/2012 a phlé. Aontaíodh ar phlean a chuimsigh na tionscnaimh seo a leanas:**

- •Comórtas Óráidíochta Phobail
- Comórtas Ambasadóra Óig um Shábháilteacht ar Bhóithre
- Póstaer a dhearadh le téama sábháilteachta ar bhóithre

## Seachtain na Rothar 2011

Chun Seachtain Náisiúnta na Rothar, a bhí ag rith ón Satharn 18 go Domhnach 26 Meitheamh 2011, a shonrú rinne an RSA athsheoladh ar a fhíseán ar líne a chuireann oideachas ar rothaithe agus ar thiománaithe trucailí ar conas an bóthar a roinnt go sábháilte. Léiríodh an físeán sé nóiméad go leith seo (Físeán Sábháilteachta FTE agus Rothaíochta) mar acmhainn oideachais do thiománaithe feithiclí Earraí agus do rothaithe chun a thaispeáint dóibh conas an bóthar a roinnt go sábháilte, go háirithe i limistéir uirbeacha. Rinne an RSA comhcheangal freisin le Acquired Brain Injury Ireland agus d'eisigh siad comhráiteas ag impí ar na rothaithe uilig 'a gCloigeann a Choimhéad' trí clogad a chaitheamh.

## Achainí ar Thiománaithe a bheith Foighneach le Tiománaithe faoi Oiliúint

Cathy Bacon, Cathaoirleach Irish Driving Instructors Association (IDIA) agus Sean Collopy, Ionadaí de chuid ADI Stakeholder Forum as Luimneach, achainí ag iarraidh ar thiománaithe a bheith foighneach agus tuisceanach, agus iad ag bualadh le tiománaithe faoi oiliúint ar bhóithre na hÉireann an samhradh seo.

## Féile Oxegen

Bhí láithreacht shuntasach ag an RSA ag Féile Oxegen i 2011 le fógra 'Fóin Póca agus Téacsáil' ar scáileáin na mórstáitsí, láinnéir agus fógra soghluaiste sa Charrchlós. Baineadh úsáid freisin as seifteanna meán sóisialta le Oxegan ag bíogaíl teachtaireachtaí sábháilteachta ar bhóithre, a chur an RSA ar fáil, go dtí 22,000 dá leantóirí le linn agus tar éis na féile. Tá an RSA buíoch d'eagraitheoirí fhéile Oxegen as a dtacaíocht.

## Tuirse ar Thiománaithe

hírigh feachtas Saoire Bainc Lúnasa ar cheist Tuirse ar Thiománaithe. Rith fógra raidió de 30 soicind an RSA i rith dheireadh seachtaine na saoire bainc. Rinne an RSA comhcheangal le TOPAZ chun tacaíocht lena dtairiscint ag stáisiúin roghnaithe peitril 10,000 cupán caife a thabhairt amach saor in aisce ar Aoine na saoire bainc, an 29 Iúil. Ina theannta sin, rinne an RSA comhcheangal leis an Coffee Council of Ireland chun an teachtaireacht faoi thuirse ar thiománaithe a chur chun cinn.

## Dún na nGall – Feachtas 'Do Bhóthar go Sábháilteacht'

Ar an gCéadaoin, 8 Meitheamh, sheol an RSA agus an Garda Síochána tionscnamh nua ina dtabharfaidh an dá eagraíocht cuairt ar chontaethe ar fud na tíre in iarracht cabhrú le gníomhaireachtaí áitiúla sábháilteacht ar bhóithre a threisiú sa phobal. Ba é Dún na nGall an chéad chontae ar a tugadh cuairt mar pháirt den fheachtas 'Do Bhóthar go Sábháilteacht'. Bhí an seoladh ar siúl i Leitir Ceanainn agus chuimsigh sé foilsiú tuarascála nua de chuid an RSA dar teideal 'Dún na nGall — 'Do Bhóthar go Sábháilteacht'. Léirigh sé gur tharla 6% de na básanna ar bhóithre na hÉireann i nDún na nGall, cé nach bhfuil ach 3.5% de dhaonra na hÉireann sa chontae sin.

## Seó Bóthair 'Seiceáil go Bhfuil sé Feistithe i gCeart'

Chun dul i ngleic leis an bhfadhb nach sriantar páistí i gceart i gcarranna, thug an RSA a Seó Bóthair 'Seiceáil go Bhfuil sé Feistithe i gCeart' amach ar an mbóthar arís go Deich láthair, i mBealtaine agus i nDeireadh Fómhair na bliana 2011. Ag an Seó Bóthair, tugadh an deis do thuismitheoirí, caomhnóirí agus seantuismitheoirí ligean do shaineolaí srian cairr a bpáiste a fheistiú saor in aisce. Thug Seó Bóthair' Seiceáil go Bhfuil sé Feistithe i gCeart' cuairt ar 10 láthair timpeall na tíre.

## An Ceathrú Comhdáil Idirnáisiúnta ar Shábháilteacht ar Bhóithre

TBhí comhdháil náisiúnta ar shábháilteacht ar bhóithre an RSA ar siúl ar an Déardaoin, 26 Bealtaine i gCaisleán Bhaile Átha Cliath. Ba é teideal na comhdhála ná 'Tionchar Daonna na nImbhuailtí Bóithre'. Bhí beagnach 200 duine i láthair agus ina measc seo a bhí i láthair bhí íospartaigh imbhuailtí bóithre agus baill de theaghlaigh a chaill duine muinteartha ar ár mbóithre. Ar na daoine a labhair ag an gcomhdháil bhí cainteoirí as Éirinn, an RA agus cainteoirí idirnáisiúnta atá ag plé le sábháilteacht ar bhóithre, le béim ar leith ar thacaíocht dóibh siúd a tháinig slán agus teaghlaigh íospartach imbhuailtí bóithre. Chuimsigh an chomhdháil cuir i láthair ar éifeacht shíceolaíoch na n-imbhuailtí bóithre; tionchar fadtéarmach na n-imbhuailtí bóthair ar shaol na ndaoine a thagann slán; an Uair Órga; taithí na foirne sa líne tosaigh; torthaí imbhuailtí bóithre ó thaobh athshlánaithe de; agus tionchar buan imbhuailtí bóthair ar bhaill teaghlaigh na n-íospartach. Chuir Seirbhís Bhriogáide Dóiteáin Bhaile Átha Cliath astarraingt bhréige tionóisce ar siúl le linn na comhdhála. Bhí go leor leor de na meáin i láthair, mar a léirigh an oiread tuairiscithe suntasach a rinne na meáin ar an gcomhdháil.








Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

## Seimineáir 'Ag Tiomáint don Obair' an RSA agus USS

Rinne an RSA agus an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte (USS) sraith de seimineáir leathlae 'Ag Tiomáint don Obair' a óstáil i Luimneach, Port Láirge, Gaillimh agus Baile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair na bliana 2011. Ba é aidhm na seimineár ná tábhacht tiomána don obair a aibhsiú i measc lucht gnó áitiúil. Bhí cainteoirí ón RSA, USS, an Garda Síochána agus an BSL ag na seimineáir.

## 'Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre na hÉireann' an Luan 10 go Domhnach 16 Deireadh Fómhair

Sheol an RSA agus an Irish Tyre Industry Association (ITIA) 'Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre na hÉireann' agus feachtas chun feasacht i measc thiománaithe a fheabhsú faoin ngá a mboinn a chothbháil, go háirithe le teacht an gheimhridh. Gríosadh tiománaithe chun cuairt a thabhairt ar ionaid rannpháirteacha bonn ITIA le seiceáil bonn saor an aisce a fháil le linn seachtaine sábháilteachta ar bhóithre. Craoladh fógra de 20 soicind ag cur Seachtain Sábháilteachta ar Bhóithre na hÉireann ar raidió náisiúnta agus áitiúil.

## Léacht Bhliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre an RSA

Cuireadh torthaí an tsuirbhé maidir le hiompar tiománaithe óga i láthair ag Léacht Acadúil Bhliantúil um Shábháilteacht ar Bhóithre an RSA, ar an Luan 10 Deireadh Fómhair. Ba é príomhthoradh an staidéir ná gur thuairisc 1 as 5 tiománaí fireann faoi 25 go raibh siad ag rásaíocht le tiománaí eile ar bhóthar poiblí uair éigin san am atá caite. Bhí an taighde seo, a rinne an RSA a choimisiúnú, faoi stiúir an Dr Kiran Sarma, Síceolaí Cairte agus Léachtóir le Síceolaíocht ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Labhair an tOllamh Andrew Tolmie ón Institiúid Oideachais, Ollscoil Londan freisin ag an léacht faoina pháipéar deireanach do Roinn Iompair na Ríochta Aontaithe ar 'The development of children's and young people's attitudes to driving.



## Feachtas na Maidine ina Dhiaidh Sin

Chuir an RSA i gcomhar le MEAS a dhá 'Morning After' fógraí raidió ar an aer ar raidió náisiúnta agus áitiúil sa cheathrú dheireanach de 2011. Aibhsíonn na fógraí an baol a bhaineann le tiomáint faoi thionchar na dí an mhaidin ina dhiaidh sin agus cuireann siad an teachtaireacht in iúl gur am an leigheas amháin atá ar óiche amuigh ag ól agus nach féidir le haon 'leigheas' an fhíric seo a athrú.

## Lá Cuimhneacháin Domhanda d'Íospartaigh Tráchta Bóithre

Ar an Domhnach, 20 Samhain, shonraigh an RSA, an Garda Síochána, Oifigigh áitiúla Sábháilteachta ar Bhóithre, na Seirbhísí Éigeandála agus Grúpa Sábháilteachta ar Bhóithre PARC 'Lá Cuimhneacháin Domhanda d'Íospartaigh Tráchta Bóithre' Bhí Aifrinn, seirbhísí agus imeachtaí cuimhneacháin ar siúl timpeall na tíre chun beatha na ndaoine a cailleadh ar ár mbóithre a thabhairt chun cuimhne. Chun beatha na ndaoine sin a cailleadh ar ár mbóithre a chomóradh, shuiteáil an RSA 'Balla Cuimhneacháin' ar Facebook. Tugadh cuireadh do bhaill den phobal coinneal a lasadh agus teachtaireacht a chuir suas do dhuine éigin a cailleadh ar na bóithre.

## 'Lá Náisiúnta Bí Sábháilte, Bí Feiceálach'

Chuaigh an RSA agus ESB Electric Ireland i gcomhar le chéile chun an chéad 'Lá Náisiúnta Bí Sábháilte, Bí Feiceálach' riamh a sheoladh ar an Déardaoin, 22 Nollaig, an lá in giorra agus is dorcha sa bhliain. Ba é cuspóir an lae ná cur i gcuimhne d'úsáideoirí bóthair éadaí sofheicthe a chaitheamh agus iad amuigh ag siúl nó ag rothaíocht, go háirithe leis na tráthnónta ag éirí níos dorcha.

.

## Feachtas Sábháilteachta ar Bhóithre na Nollag agus na hAthbhliana

Seoladh Comhfheachtas de chuid an Gharda/an RSA do thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana ar an 16 Nollaig.

**Spriocdhírigh an feachtas ar fhorfheidhmiú sna príomhréimsí seo:**

- Tiomáint faoi thionchar alcóil/drugaí
- Luathú
- Gan Criosanna Sábhála a chaitheamh
- Úsáid fón póca/Téacsáil agus ag Tiomáint

Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe

## Taighde Sábháilteachta ar Bhóithre

Bíonn clár oibre sonraithe i Straitéis Sábháilteachta ar Bhóithre 2007—2012 ar siúl ag an Rannóg Thaighde den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Clúdaíonn an rannóg na réimsí seo a leanas:

- **Coinneáil bunachair imbhuailtí bóthair**
- **Anailís dhomhain ar shonraí imbhuailtí**
- **Táirgeadh tuarascála staitisce ar imbhuailtí bóthair ar bhóithre na hÉireann**
- **Suirbhé luathaithe agus caitheamh criosanna sábhála ar bhóithre na hÉireann**
- **Aitheantas córasach de shuímh le líon ard d'imbhuailtí bóthair ar ghréasán bóithre náisiúnta**
- **Stiúradh taighde ildisciplíneach chun tuiscint cad is cúis le himbhuailtí ar bhóithre agus na gortuithe a bhíonn mar thoradh orthu.**
- **Moladh agus measúnú slite chun imbhuailtí agus gortuithe a chosc.**
- **Rannpháirtíocht i dtionscnaimh taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta i réimse sábháilteachta ar bhóithre**
- **Rannpháirtíocht i gcláir taighde de chuid an AE mar SARTRE, CARE, IRTAD agus EURORAP**
- **Eolas a chur ar fáil don phobal, do chomhlachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta**

Bíonn an rannóg i dteagmháil freisin le Biúró Náisiúnta Tráchta an Gharda Síochána, an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, Bord Eolaíochta Ríomhaireachta an Rialtais Áitiúil agus eagraíochtaí eile ar ghnéithe de ghníomhaíochtaí taighde sábháilteachta ar bhóithre.

## Gníomhaíocht 2011

### Bunachar Sonraí Imbhuailtí Bóthair

Seoltar sonraí a ghineann baill den Gharda Síochána ar aghaidh chuig Rannóg Taighde an Údarais um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSA) i gcomhair anailíse agus foilsithe. Déanann an rannóg sonraí na n-imbhuailtí a mhapáil agus a anailísiú. Foilsíonn an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre torthaí na hanailíse ina Leabhar Fíricí um Imbhuailtí Bóthair. Sna sonraí imbhuailtí tá eolas ginearálta, eolad faoi fheithiclí agus eolas eile mar cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis na himbhuailtí.

### Suirbhé Luathaithe Saor in Aisce

Foilsíodh an Suirbhé Luathaithe Saor in Aisce Bliantúil do 2011 ar shuíomh idirlín an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2011. San iomlán, breathnaíodh ar 12,434 carr, 1,359 feithicil altach, 2,934 feithicil dolúbtha agus 545 bus aon stóir. Fuair an suirbhé amach gur 18% an céatadán de thiománaithe carranna a chuaigh os cionn an luasteorainn ar bhóithre na tuaithe. Thairis sin, ba é céatadán de thiománaithe carranna a fuarthas ag briseadh na luasteorann de 10km/u ná 33%. Léirigh an suirbhé feabhas sonrach ar chéatadán na bhfeithiclí a chloígh le luasteorainneacha ar mhótarbhealaí, débhealaí, príomhbhóithre náisiúnta agus bóithre réigiúnta. Tá lion na dtiománaithe, áfach, a chloíonn le luasteorainneacha i gceantair uirbeacha go dona fós. Ar an meán, thiomáin 3 thiománaí as 5 os cionn an luasteorann ar taispeáint i gceantair uirbeacha.

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

## Suirbhé ar Chaitheamh Criosanna Sábhála

Sa bhliain 2011, stiúir rannóg taighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre suirbhé breathnaitheach náisiúnta ar chaitheamh criosanna sábhála ar bhóithre na hÉireann. Taifeadadh úsáid criosanna sábhála agus inscne maidir le tiománaithe ag tiomáint ar shampla roghnaithe de bhóithre. Taifeadadh sonraí faoi gach tiománaí cairr, tiománaithe feithiclí earraí éadroma agus paisinéirí fásta sna suíocháin tosaigh agus deiridh. Stiúradh suirbhéanna ar leith do pháistí bunscoile and meánscoile ag taisteal i suíocháin tosaigh agus deiridh freisin. Stiúradh an suirbhé ar 17,525 duine fásta ina suí i suíocháin tosaigh fheithiclí, 14,136 (81%) acu ina dtiománaithe. Ina theannta sin, breathnaíodh ar 1,939 duine fásta sna suíocháin deiridh. I 2011, taifeadh 93% de dhaoine fásta (tiománaithe, paisinéirí tosaigh agus deiridh) ag caitheamh criosanna sábhála — an ráta is airde a taifeadadh go dtí seo. Bhí 94% de thiománaithe a breathnaíodh ag caitheamh criosanna sábhála, feabhsú de 4 phointe céatadáin ar rátaí caite na bliana 2009. Taispeánann suirbhéanna criosanna sábhála a stiúradh i mblianta roimh sin na rátaí caite seo a leanas do thiománaithe.

- **2008 — 90%**
- **2007 — 88%**
- **2006 & 2005 — 86 %**
- **2003 — 85 %**
- **2002 — 71 %**
- **1999 — 55 %**
- **1991 — 52 %**

Ag 93%, bhí méadú de 10 bpointe céatadáin ar rátaí caite criosanna sábhála do dhaltaí meánscoile ar rátaí caite i 2009 (83%). Bhí méadú níba shuaithinsí ar rátaí na ndaltaí bunscoile le ráta caite de 94% do chriosanna sábhála i suíocháin deiridh, suas 14 phointe céatadáin ar 2009 (80%).




## Suirbhé d'Úsáid Fón Póca agus ag Tiomáint 2011

Sa bhliain 2011, stiúir rannóg thaighde an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre suirbhé breathnaitheach náisiúnanta ar úsáid fón póca ar bhóithre na hÉireann. Tá achoimre ar na torthaí thíos:

- **Bhí 10% de thiománaithe a chonacthas gan a bheith búcláilte suas ag úsáid fón póca agus ag tiomáint freisin**
- **Bhí 22% de thiománaithe a chonacthas ag úsáid fón póca nach raibh búcláilte suas**
- **Bhí 3% de na tiománaithe uilig a breathnaíodh ag úsáid fón póca agus ag tiomáint**
- **Tá tiománaithe nach gcaitheann criosanna sábhála ceithre huaire níos dóchúla ná iad siúd a chaitheann fón póca a úsáid ag tiomáint**

## 2011 Suirbhé de Chaitheamh Éadaí Sofheicthe

Stiúradh an suirbhé ar feadh 2.5 uair ar a laghad ag gach suíomh, leis na suirbhéanna ar siúl idir na huaireanta 07:00 go 10.00 &16:00 go 19:00 gach lá den tseachtain (Luan go hAoine). Bailíodh an t-eolas uilig ar fhoirm suirbhé ar bhailiú sonraí réamhshainithe, cuí don leibhéal mionsonraí riachtanach. Bailíodh an t-eolas seo a leanas do gach gluaisrothaí agus rothaí:

- Inscne
- Aoisraon (Duine Fásta nó Páiste)
- Cé acu a bhí nó nach raibh clogad a chaitheamh acu
- Cé acu a bhí nó nach raibh éadaí sofheicthe
- Cé acu a bhí nó nach raibh éadaí sofheicthe folaithe ag foirmeacha feistis eile (m.sh. paca droime)

## Caitheamh Éadaí Sofheicthe de réir Inscne 2011

| Cineál | Inscne | Ag Caitheamh Éadaí Sofheicthe | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Tá** | **Nil** | **Rátaí** |
| **Gluaisrothair** | Fireann | 1862 | 2664 | 41% |
| | Baineann | 50 | 83 | 38% |
| | **Total** | **1912** | **2747** | **41%** |
| **Rothair** | Fireann | 5877 | 8150 | 42% |
| | Baineann | 1420 | 2087 | 40% |
| | **Iomlán** | **7297** | **10237** | **42%** |

## Caitheamh Éadaí Sofheicthe de réir Aoisraoin 2011

| Cineál | Aoisraon | Ag Caitheamh Éadaí Sofheicthe | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **Tá** | **Nil** | **Rátaí** |
| **Gluaisrothair** | Duine Fásta | 1912 | 2747 | 41% |
| | Páiste (<16) | N/A | N/A | N/A |
| | **Total** | 1912 | 2747 | 41% |
| **Rothair** | Duine Fásta | 7181 | 9582 | 43% |
| | Páiste (<16) | 116 | 655 | 15% |
| | **Iomlán** | **7297** | **10237** | **42%** |

## 2011 Síceolaíocht Tiomána Rioscúla

Bhain an taighde le suirbhé a dhéanamh ar bhreis de 1500 tiománaí ag ionaid TNG timpeall na tíre agus bhí sé faoi stiúir an RSA agus an Dr. Kiran Sarma, Léachtóir le Síceolaíocht ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Chríochnaigh Amárach Research an taighde allamuigh. 'Tá a fhios ag Cleachtóirí Sábháilteachta ar Bhóithre gurb iad an príomhghrúpa atá 'i mbaol' ag imbhuailtí bóthair ná tiománaithe óga fireanna faoi 25 bliain d'aois', a deir an Dr. Sarma. D'fhéach an taighde seo ar iompar tiománaithe agus próifíl síceolaí tiománaithe óga fireanna agus chuir an grúpa seo i gcomparáid le tiománaithe óga baineanna, agus tiománaithe fireanna agus baineanna os cionn 25 bliain d'aois.' Cuireann na torthaí seo in iúl go bhfuil tiománaithe óga fireanna 3 huaire níos dóchúla a bheith ag rásaíocht le tiománaí eile ar bhóthar poiblí ná tiománaithe óga baineanna, dhá uair chomh dóchúil le tiománaithe fireanna níos sine (os cionn 25) agus 13 chomh dóchúil le tiománaithe baineanna níos sine ( os cionn 25). Chuir tiománaí fireann as 5 faoi 25 bliain d'aois in iúl go raibh sé ag rásaíocht le tiománaí eile ar bhóthar poiblí uair éigin san am a bhí caite. Chuir tiománaithe óga fireanna in iúl freisin go raibh siad ag luathú níos minice, ag tiomáint go meargánta, agus ag úsáid fón póca agus iad ag tiomáint.

## Suirbhé ar Chomhroinnt Bharaiméadair Bóithre an RSA 2011

Is é cuspóir an tsuirbhé seo ar eispéireas Thiománaithe, Gluaisrothaithe, Rothaithe agus Coisithe ag comhroinnt an bhóthair in Éirinn ná iarracht a dhéanamh dul i ngleic leis an nGníomhaíocht Tosaíochta thuas.

## Achroimre ar agus Torthaí an tSuirbhé

Tá comhsheasmhacht shuntasach sa dearcadh atá ag grúpaí úsáideoirí bóthair ar a chéile. Ceapann úsáideoirí bóthair go mbíonn dóchúlacht ar leith ag tiománaithe carranna an t-iompar diúltach seo a leanas a thaispeáint:

- Bheith ar mearú go minic trí úsáid fón póca
- Ag sárú na luasteorann go rialta
- Scoitheadh ar shlí chontúirteach
- Tiomáint ró-ghar don fheithicil rompu nó taobh leo

Tá na tiománaithe carranna féin saghas débhríoch maidir lena ndearcadh faoin tslí a mbíonn siad aireach agus tuisceanach le húsáideoirí bóthair eile. Maidir le gluaisrothaithe tá comhaontú leitheadach gur dócha go dtaispeánann siad an t-iompar diúltach seo a leanas:

- An luasteorainn a shárú
- Scoitheadh ar shlí chontúirteach
- Gan a shamhlú cé chomh deacair is atá sé iad a fheiceáil
- Tiomáint ro-ghar don fheithicil rompu nó taobh leo

Tá dearcadh beagáinín níos dearfaí ag gluaisrothaithe faoin tslí a gcaitheann siad le húsáideoirí bóthair eile, go háirithe gluaisrothaithe eile. Caitheann beagán le cois leath na ngluaisrothaithe éadaí frithchaiteacha mar seaicéid fhrithchaiteacha go rialta, ach chaithfeadh 86% iad dá mbeadh sé riachtanach ó thaobh an dlí de. Is é an príomhcháineadh a dhéantar ar iompar rothaithe ná a n-infheictheacht, le comhaontas láidir go bhfuil siad:

- Deacair a fheiceáil
- Gan samhlú go bhfuil siad chomh deacair sin a fheiceáil

**Sábháilteacht ar Bhóithre, Taighde agus Oideachas Tiománaithe**

Is i gcás rothaithe amháin atá difríochtaí tábhachtacha i ndearcadh ar bhonn déimeagrafach, le freagróirí uirbeacha i bhfad níos dóchúla a bheith cáinteach faoi iompar rothaithe. Níl na rothaithe féin chomh dearfach sin faoin aire agus tuiscint a thugann siad go ginearálta d'úsáideoirí bóthair eile. Is leisce leo, áfach, a mhothú go mbíonn siad féin ar mearú go rialta trí a bheith ag úsáid gléasanna ceoil, nó ag dul trí shoilse dearga. Timpeall rothaí as gach beirt a chaitheann éadaí frithchaiteacha agus clogaid go rialta. Chaithfeadh 90% de rothaithe éadaí sofheicthe agus clogaid dá mbeadh sé riachtanach ó thaobh an dlí de. Tá úsáideoirí bóthair an-cháinteach faoin gclaonadh atá ag coisithe a bheith ar mearú trí a bheith ag úsáid fón póca nó gléasanna ceoil. Arís, níl coisithe chomh dearfach sin faoin tslí a gcaitheann siad féin le húsáideoirí bóthair eile. Is beag an dóchúlacht, áfach, go mothaíonn coisithe go mbíonn siad féin ar mearú trí úsáid gléasanna ceoil nó fón. Comhaontaíonn gach grúpa úsáideoirí bóthair gurb í an ghluaisrothaíocht an modh tráchta is contúirtí. Ina dhiaidh sin tagann rothaíocht, le coisíocht agus tiomáint carranna go sonrach le chéile sa tríú háit maidir le leibhéal gaolmhar contúirte. Is iad tiománaithe carranna is dochúla a mhothaíonn go bhfuil rothaíocht agus coisíocht contúirteach. Maidir leis na príomhthoscaí go gceapann úsáideoirí bóthair go mbíonn modhanna taistil contúirteach, tá béim ar leith ar:

- **An luasteorainn a shárú**
- **Scoitheadh ar shlí chontúirteach**

Maidir le rothaithe agus gluaisrothaithe, tá an tuairim go bhfuil claonadh acu taisteal ró-ghar don fheithicil rompu nó taobh leo mar chúis ar leith go síltear go bhfuil baol ag baint leo.

## Suirbhé ar Thiomáint don Obair

Tugadh faoin suirbhé seo chun léargas a fháil ar chleachtas tiomána don obair i measc comhlachtaí in Éirinn. Tugann an t-eolas seo tuiscint níos fearr dúinn faoi shábháilteacht ar bhóithre na hÉireann atá bainteach le hobair go sonrach sna réimsí seo a leanas:

- **An riosca a bhraitear le sábháilteacht ar bhóithre bainteach le hobair**
- **An leibhéal reatha gníomhaíochta chun riosca ar bhóithre a íoslaghdú**
- **Rúin don todhchaí agus tionchair ar chinnteoireacht oiliúna tiománaithe**

## Leabharlann

Bhunaigh an rannóg taighde leabharlann taighde ag ceanncheathrú an RSA i mBéal an Átha. Is acmhainn thábhachtach eolais an leabharlann ar gach gné de shábháilteacht ar bhóithre.

## Sparánachtaí

Mhaoinigh an rannóg taighde ar son an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, dhá staidéar nua Phd i 2011mar aon leis na ceithre staidéar a maoiníodh i 2010 agus dhá cheann i 2009.

| | Ábhar | Foras | Maoirseoir |
|---|---|---|---|
| Tosaíodh i 2009 | Ag foghlaim faoi chontúirtí tiomána: ó aimsiú guaise to láimhseáil guaise | Roinn na Síceolaíochta Feidhme, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | An tOllamh John A Groeger |
| | Ag measúnú idirghabhálacha sábháilteachta ar bhóithre: an ról atá ag toscaí neasacha agus aimhneasacha i gcomhshamhlú difreálach ar eolas, scileanna agus dearcadh dírithe ar shábháilteacht in ógánaigh. | Scoil Síceolaíochta, Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. | An Dr Michael Gormley agus an Dr Kevin Thomas |
| Tosaíodh i 2010 | Inniúlacht chun tiomána tar éis mífheidhmithe néareolaíochta: ag comhtháthú measúnaithe tiománaithe den bhóthar, ionsamhailte agus ar an mbóthar | Scoil Síceolaíochta Feidhme, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | An tOllamh John A Groeger |
| | Anailís ar agus athchruthú tionóiscí le feithiclí dhá roth a bhain le gortú cloiginn | Scoil Leictreachais, Leictreonach agus Innealtóireachta Meicniúla, Coláiste Innealtóireachta, Matamaitice agus Eolaíochta Fisiciúla, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath | An tOllamh Michael D. Gilchrist |
| | Próifíl shíceolaíoch tiománaithe óga fireanna atá doicheallach le Feachtais um Shábháilteacht ar Bhóithre a aimsiú agus na saghsanna teachtaireachtaí a théann i bhfeidhm ar mheon na ndaoine seo chun nach nglacfaidís an oiread sin rioscanna tiomána. | Scoil Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | An Dr Kiran Sarma |
| | Togra chun Ionad Staidrimh Náisiúnta do Ghortú Trámach Inchinne agus Chorda an Dromlaigh | Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin | An Dr Áine Carroll |
| Tosaíodh i 2011 | Úsáid aipeanna fón póca mar ‘teicneolaíocht in-fheithicil’ chun monatóireacht a dhéanamh ar iompar tiomána RIOSCA: MONATÓIR | Scoil Síceolaíochta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | An Dr Kiran Sarma |
| | Daoine taghdacha agus a dtionchar ar thiomáint iomrallach. | Scoil Síceolaíochta, Coláiste na Trionóide, Baile Átha Cliath. | An Dr Michael Gormley agus an tOllamh Hugh Gavan |

## Caidreamh Idirnáisiúnta

Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do bheith rannpháirteach i dtaighde Eorpach agus do chumas taighde um shábháilteacht ar bhóithre den chaighdeán is airde a fhorbairt laistigh den Údarás. Rinne an rannóg taighde ionadaíocht ar an RSA ag cruinniú bliantúil Bhord Fhóraim Eorpach na bhForas Thaighde um Shábháilteacht ar Bhóithre (FEFSB); cruinniú bliantúil an ECFE – Fóram Iompair Idirnáisiúnta; Bunachar Sonraí Idirnáisiúnta um Thrácht ar Bhóithre agus Thionóiscí (BITBT), comhdháil leathbhliantúil na Comhdhála Idirnáisiúnta ar Alcól agus Drugaí i Sábháilteachta Iompair (CIADSI) agus cruinniú bliantúil UAP na Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa (CSIE).

## BESTPOINT

Is comhpháirtí í an rannóg taighde an Údarais um Shábháilteacht ar Bhóithre in BESTPOINT, tionscadal atá maoinithe ag Choimisiún an AE. Ar na comhpháirtithe eile tá forais sábháilteachta ar bhóithre mar: SWOV (an Ísiltír), KfT (an Ostair), CDV (Poblacht na Seice), BAST (an Ghearmáin) agus an ETSC (an Bheilg). Is é cuspóir BESTPOINT ná critéir dea-chleachtais a bhailiú, a anailísiú, a athchoimriú agus a leathadh do chórais phointí pionóis mar aon le huirlis a fhorbairt le haghaidh comhchuibhithe ar leibhéal Eorpach. Chun an sprioc seo a bhaint amach tabharfar faoi anailís liteartha chuimsitheach a bheidh mar bhunús d'uirlisí measúnaithe. Le cabhair na n-uirlisí seo agus bailiúchán sonraí ar fud an AE maidir le SÍD déanfar liosta critéar dea-chleachtais a dhíorthú a ndéanfar a thuilleadh plé air ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is é an toradh a bheidh ar seo ná treoirlínte dea-chleachtais (lámhleabhar) chun córas éifeachtach pointí pionóis a chur i bhfeidhm. Críochnóidh an tionscadal le Comhdháil Dheiridh i Meán Fómhair na bliana 2012.

## Comhdháil PIN agus Painéal na (Comhairle Sábháilteachta Iompair na hEorpa) (CSIE)

Tá ionadaíocht ag Rannóg Taighde an Údarais um Shábháilteacht ar Bhóithre ar phainéal PIN, Innéacs Feidhmíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre an CSIE. Is ionstraim beartais é PIN a chabhraíonn le Ballstáit an AE sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Trí chomparáid a dhéanamh idir fheidhmíocht na mBallstát, déanann sé Dea-Chleachtais san Eoraip a aithint agus a chur chun cinn ionas go mbeidh an cheannaireacht pholaitiúil ann atá riachtanach chun an rud atá tuilte ag an bpobal a bhaint amach – córas iompair bóthair a chuireann an uasmhéid sábháilteachta ar fáil. Foilsítear comparáidí trastíortha trí huaire sa bhliain i sraith Splancanna PIN um Shábháilteacht ar Bhóithre. Thar na trí bliana tosaigh, cuireadh 13 chomparáid trastíortha ar dheich réimse dhifriúil de shábháilteacht ar bhóithre i láthair. Seoltar Tuarascáil PIN ag Comhdháil Bhliantúil PIN i mí Mheitheamh gach bliain.

**Rinne an Rannóg Taighde athbhreithniú ar agus chuir said sonraí agus eolas ar fáil do na foilseacháin seo a leanas i 2011;**




- Ag dul i ngleic leis na trí phríomhmharfóir ar na bóithre. Tosaíocht don Chlár Gníomhaíochta Sábháilteachta ar Bhóithre an AE atá ag teacht. www.etsc.eu/documents/05.05%20 %20PIN%20Flash%2016.pdf
- Sprioc Sábháilteachta ar Bhóithre le Feiceáil: ag cúiteamh d'am amú www.etsc.eu/documents/ETSC%20PIN%20Report%202010.pdf
- Ag laghdú básanna ar bhóithre na tuaithe – tosaíocht don chéad "Deichbhliain gnímh" www.etsc.eu/documents/PIN_Flash_18.pdf

## SARTRE 4 (Dearcadh Sóisialta ar Riosca Tráchta ar Bhóithre san Eoraip)

Is comhpháirtí í an rannóg taighde an Údarais um Shábháilteacht ar Bhóithre in SARTRE 4, tionscadal atá maoinithe ag Choimisiún an AE. Ar na comhpháirtithe eile tá forais sábháilteachta ar bhóithre mar: SWOV (an Ísiltír), KfT (an Ostair), BAST (an Ghearmáin) agus an ETSC (an Bheilg). Is é cuspóir BESTPOINT ná critéir dea-chleachtais a bhailiú, a anailísiú, a athchoimriú agus a leathadh do chórais phointí pionóis mar aon le huirlis a fhorbairt le haghaidh comhchuibhithe ar leibhéal Eorpach. Chun an sprioc seo a bhaint amach tabharfar faoi anailís liteartha chuimsitheach a bheidh mar bhunús d'uirlisí measúnaithe. Le cabhair na n-uirlisí seo agus bailiúchán sonraí ar fud an AE maidir le SÍD déanfar liosta critéar dea-chleachtais a dhíorthú a ndéanfar a thuilleadh plé air ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Is é an toradh a bheith ar seo ná treoirlínte dea-chleachtais (lámhleabhar) chun córas éifeachtach pointí pionóis a chur i bhfeidhm. Críochnóidh an tionscadal le Comhdháil Dheiridh i Meán Fómhair na bliana 2012.


Tá sé bunaithe ar shuirbhé coitianta ionadaíoch atá le stiúrú i ngach ballstát atá rannpháirteach, agus ar anailís roinnte ar an bunachar mór sonraí. Beidh an t-eolas áisiúil chun comparáid a dhéanamh idir seasamh coibhneasta na mballstát ar na ceisteanna a scrúdófar. Cabhróidh sé freisin glacadh an phobail le beartais sábháilteachta ar bhóithre an AE( agus náisiúnta), laigí nó rath na dtoisí sábháilteachta ar bhóithre atá ann anois, nó tacaíocht do thoisí agus bheartais nua. Críochnaidh an tionscadal i 2012.


## Teagasc Tiomána Faofa (TTF)

Amhail ar 31 Nollaig 2011, bhí 1971 teagascóirí tiomána faofa ag obair sa tionscal.

**Líon Tástálacha TTF a rinneadh i 2011**

| | |
|---|---|
| **Céim 1** | **540** |
| **Céim 2** | **535** |
| **Céim 3** | **443** |
| **Tástálacha seiceála** | **877** |






## Bunoiliúint Tosaigh (BOT) — Gluaisrothair

Is cúrsa sainordaitheach oiliúna é Bunoiliúint Tosaigh a mhúineann bunscileanna marcaíochta do ghluaisrothaithe faoi oiliúint. Is páirt é de scéim Cheadúnaithe Céimnithe Tiománaithe (CCT) an RSA agus tá sé mar aidhm aige sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Is cúrsa 16 huaire é BOT atá leagtha amach i gceithre modúl ar leith atá le críochnú i ndiaidh a chéile.

Le linn 2011 d'éirigh le 950 gluaisrothaí nua a n-oiliúint BOT a chríochnú. Níl fáil ar chúrsaí BOT ach amháin ag ionaid oiliúna BOT atá faofa ag an RSA agus is teagascóirí faofa de chuid an RSA amháin gur féidir leo a gcur ar fáil ag ionaid fhaofa de chuid an RSA.

Tá ardú tagtha ar líon na n-ionad faofa BOT go 40 agus líon na dteagascóirí faofa ag 120 anois. Tá 54 teagascóir reatha BOT ann. Ní féidir le gluaisrothaí nua a t(h)ástáil phraicticiúil marcaíochta a dhéanamh gan cúrsa BOT a chríochnú ar dtús.

## Oiliúint Riachtanach Tiomána (ORT)

**Tiománaithe Carranna agus Veaineanna Éadroma**
De réir rialachán a rinneadh in Aibreán na bliana 2012 éilítear ar thiománaithe faoi oiliúint de Chatagóir B a fuair a gcéad ceadúnas Foghlaimeora ar nó i ndiaidh Aibreán 4 2011 cúrsa oiliúna ar a dtugtar an cúrsa Oiliúna Riachtanaí Tiomána (ORT).

Eisíonn a dTTF a tháscleabhar ORT pearsanta féin do gach foghlaimeoir a úsáideann é ansin ag deireadh gach ceachta chun aischothú ar fheidhmíocht a thaifeadadh agus sraith moltaí a dhéanamh maidir le cad a bhfuil tuilleadh staidéir nó cleachtaidh le déanamh air.

Spreagtar foghlaimeoirí le 'féin-anailís' a dhéanamh ag cur leis an dea-chleachtas foghlamtha is fearr agus a smaointe a thaifeadadh ina dtáscleabhair. Cuirtear ról an urraitheora chun cinn. Spreag an RSA urraitheoirí le bheith rannpháirteach chun a chinntiú go ndéantar cleachtadh neamhfhoirmiúil a éascú mar a mholtar i bhformhór an taighde idirnáisiúnta ar an ábhar tiomáint a fhoghlaim.

Tá leathanach ag an Urraitheoir freisin sa táscleabhar do gach ceacht ORT le sonraí faoin gcleachadh neamhfhoirmiúil a thaifeadadh agus caidreamh a chothú leis an TTF agus leis an bhfoghlaimeoir.

Agus an tuarascáil seo a ullmhú níor thug na TTFanna uilig a dtaifid ceachtanna ar ais cé gur meastachán caol a chur in iúl gur múineadh breis agus 160,000 ceacht ORT ó tugadh isteach é. Bhí an RSA tiomanta d'athbhreithniú luath den dá chlár sainordaithe (BOT & ORT) chun a chinntiú go raibh siad ag feidhmiú mar a bhí ceaptha agus go raibh siad éifeachtach. Táthar ag súil le tuarascáil deiridh ar an athbhreithniú i Lúnasa na bliana 2012.

## Deimhniú Inniúlachta Gairmiúla do Thiománaithe (DIC do Thiománaithe)

Tá sé de dhualgas ar thiománaithe gairmiúla busanna agus trucailí (iad siúd a shaothraíonn a gcuid ag tiomáint) a gcáilíocht DIC a choinneáil trí lá amháin d'oiliúint thréimhsiúil a dhéanamh gach bliain. Thug Treoir an AE 2003/59/EC isteach DIC do Thiománaithe i 2008 do thiománaithe gairmiúla busanna uilig agus i 2009 do thiománaithe gairmiúla trucailí uilig.

Tá siollabas oiliúna forbartha ag an RSA ar aon dul le treoir an AE agus scaipeadh é seo ar na soláthraithe faofa oiliúna uilig le húsáid agus oiliúint DIC do Thiománaithe a éascú acu, tá 112 sholathraí faofa oiliúna bunaithe ar fud na tíre don oiliúint seo. Tá an oiliúint uilig bunaithe sa seomra ranga agus tá sé mhodúl aonair oiliúna ann, ceithre cinn acu cineálach le ceann ar leith do bhusanna agus ceann ar leith do thrucailí. Caithfidh tiománaithe gairmiúla modúl difriúil a chríochnú gach bliain, le hoiliúint chúig lá le críochnú i ngach tréimhse chúig bliana. Caithfidh tiománaithe a bhfuil catagóir bus agus trucaile ar a gceadúnas sé lá oiliúna a chríochnú leis an dá cheann a choinneáil.

Críochnaíodh breis agus 152,000 lá oiliúna ó tugadh isteach DIC do Thiománaithe le tuairim is 56,000 lá oiliúna críochnaithe i 2011. Tá sé d'fhreagracht ar an RSA a chinntiú go bhfuil ábhar oiliúna suas chun dáta agus ábhartha le cois a chinntiú go bhfuil gach modúl oiliúna sonrach do riachtanais do thiománaí gairmiúil an lae inniu.

# 4

# Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí

Tá ceanncheathrú ag Treoir Caighdeán agus Forfheidhmithe i mBaile Locha Riach, áit a bhfuil tástáil ar fheidhmiú feithiclí tráchtála bunaithe. Tá feidhmiú Caighdeán Feithiclí i gceanncheathrú an RSA i mBéal an Átha. Cuimsíonn Treoir Caighdeán agus Forfheidhmithe na príomhréimsí agus feidhmeanna:

- Cineálcheadú agus rialúchán iontrála feithiclí nua i seirbhís agus rialúchán feithiclí in úsáid ar ár mbóithre
- Ag forfheidhmiú reachtaíochta an AE agus iompar bóithre náisiúnta ar thacagraif, rialacha tiománaithe, Treoir ar Am Oibre agus ceadúnú tarlaithe bóthair agus oibríochtaí paisinéirí
- Maoirsiú ar scéim Ródacmhainneachta Fheithiclí Tráchtála chun caighdeán agus sláine na scéime agus ag cabhrú leis an nGarda Síochána feithiclí tráchtála a sheiceáil cois bóthair maidir le ródacmhainneacht
- Clár Ródacmhainneachta Fheithiclí Tráchtála a thabharfaidh ‘athrú céime’ do chaighdeáin ródacmhainneachta feithiclí tráchtála ag oibriú ar bhóithre na hÉireann
- Seirbhís Náisiúnta Tástála Carranna a riar agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht an chonraitheora ar son an Stáit.
- Scéim eisiúna Cárta Tacagraif Dhigitigh ar son an Stáit

Is í aidhm na Treorach ar an iomlán ná a chinntiú go bhfuil caighdeáin feithiclí agus nós imeachta tástála na hÉireann ar aon dul le dea-chleachtas agus go gcomhlíonann oibritheoirí agus tiománaithe feithiclí tráchtála a ndualgias feithiclí tráchta a úsáid agus a oibriú go sábháilte. Is í a aidhm freisin ná a chinntiú go gcuirfidh obair na Treorach leis an RSA a bheith ina údarás aitheanta ag a bhfuil tionchar ar shábháilteacht ar bhóithre.



## Caighdeáin Feithiclí

Tá caighdeán feithiclí ag athrú agus ag feabhsú an t-am ar fad le forbairtí sábháilteachta, comhshaoil agus teicneolaíochta. Tá dualgas láidir dlíthiúil caighdeáin feithiclí a rialú de thoradh Achtanna um Shábháilteacht ar Bhóithre na hÉireann agus Achtanna Rialála an AE.

Déanann an RSA ionadaíocht ar Éirinn ag fóraim idirnáisiúnta agus tá siad freagrach as cur le agus cur i bhfeidhm beartas an AE maidir le cineálcheadú agus iontráil feithiclí nua isteach i seirbhís. Tá an RSA freagrach freisin as reachtaíocht nua um Thrácht ar Bhóithre a mholadh d'fheithiclí a úsáidtear ar ár mbóithre. Oibríonn an RSA go dlúth le roinnt foras eile Stáit maidir le caighdeáin fheithiclí, ar a n-áirítear an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na Coimisiúnéirí Ioncaim, an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

## Cineálcheadú Feithicle Iomlán na bPobal Eorpach (CFIPE)

Tugadh isteach Cineálcheadú Feithicle Iomlán na bPobal Eorpach (CFIPE) agus a Scéimeanna Náisiúnta gaolmhara in Éirinn in Aibreán na bliana 2009. Is é cuspóir an chórais chineálcheadaithe ná na bacanna atá ann nuair atá feithiclí bóthair a ndíol idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus a chinntiú ag an am céanna go gcomhlíonann feithiclí riachtanais coitianta sábháilteachta agus comhshaoil. Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (UCNE) an t-údarás ainmnaithe cineálcheadaithe (www.nsai.ie). Oibríonn an RSA go dlúth leis an UCNE go bhfuil an córas cineálcheadaithe ag feidhmiú go héifeachtach.

Ón 29 Deireadh Fómhair 2011, is den riachtanas go mbíonn cruthúnas deimhnithe ag na busanna agus na mionbhusanna nua uilig sula gcláraíonn na Coimisiúnéirí Ioncaim iad le húsáid ar bhóithre na hÉireann. Ón dáta sin freisin, tá deimhniú riachtanach d'FEEanna a déanamh i gcéim amháin chun go gcláraítear iad in Éirinn. Bhí an RSA i gcaidreamh leis na Coimisinéirí Ioncaim chun na toisí a chur i bhfeidhm. Scaip an RSA bileog eolais i measc pháirtithe leasmhara i mBealtaine 2011 agus arís i nDeireadh Fómhair 2011.

Shínigh an tAire Iompair Ionstraim Reachtúla Leasaitheacha do chineálcheadú agus reachtaíocht iontrála isteach i seirbhís ar an 2 Lúnasa 2011 chun éifeacht a thabhairt d'achtanna rialála de chuid an AE a glacadh le déanaí agus chun athruithe ar riachtanais teicniúla maidir le deimhniú náisiúnta chun cabhrú le haitheantas frithpháirteach a chur chun cinn i bplé leis an RA. Ba iad seo SI 421 na bliana 2011 ag leasú SI 127 na bliana 2009, SI 420 na bliana 2011 ag leasú SI 157 na bliana 2009.

## Aitheantas Frithpháirteach de Scéimeanna Ceadaithe

Sa bhliain 2011, bhí an RSA gníomhach sa tóir ar aitheantas frithpháirteach de scéimeanna ceadaithe leis an RA. Thiomsaigh an RSA Dréachmheabhrán Tuisceana agus chuir siad é faoi bhráid an RA. Tá na húdaráis ceadaithe agus na seirbhísí dlíthiúla sa dá dhlínse a athbhreithniú faoi láthair ag súil le go sínfear é i lár 2012.

## Comhliúcháin Phoiblí

**Le linn 2011, bhí na comhliúcháin phoiblí seo a leanas ar siúl ag an RSA maidir le Caighdeáin Fheithiclí:**

**Feithiclí Díscríofa**
Go déanach i 2010 agus go luath i 2011, bhí comhliúchán ann a mhol córas chun feithiclí díscríofa a rialú sa tír seo. Tar éis na tréimhse comhliúcháín, bhí cruinnithe fada ann ina dhiaidh sin le páirtithe leasmhara agus forbraíodh agus tugadh chun críche moltaí ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, cuireadh príomhreachtaíocht faoi bhráid an DTTAS (arís) i Meitheamh 2011 a thug cead don Aire córas a bhunú le feithiclí díscríofa a rialú. Ullmhaíodh tuarascáil don Roinn a leag amach na gnéithe a bheadh riachtanach chun feithiclí díscríofa a rialú sa tír seo. Chuimsigh siad seo:

- Bonneagar/córas TF chun eolas faoi fheithiclí a phróiseáil/ a bhainistiú
- Moltaí maidir le scriosadh, cigireacht agus deimhniú feithicle díscríofa
- Moltaí maidir le cáilíochtaí/creidiúnú daoine aonair/comhlachtaí ag déanamh cigireachta agus ag deisiú feithiclí díscríofa

Cuireadh an tuarascáil ina raibh na moltaí seo faoi bhráid na Roinne i Méan Fómhair na bliana 2011.






## Mótarcharbháin

Ar an 1 Márta 2012, tháinig rialacháin nua (S.I. Uimh. 58 de 2012) in éifeacht maidir le tástáil ródacmhainneachta mótarcharbhán. Ní mór mótarcharbháin a thástáil ag Ionaid Tástála Feithiclí Tráchtála ar an minicíocht chéanna is an TNG, sé sin, an chéad tástáil ar cheathrú chothrom lae an chéad chlárú agus gach dhá bliain ina dhiaidh sin go mbeidh an fheithicil deich mbliana d'aois, agus ina dhiaidh sin bíonn tástáil bhliantúil i gceist. Tá feithiclí a bhí cláraithe roimh 1 Eanáir 1980 díolmhaithe ó thástáil. Gearrfar muirear de €70.86 móide CBL ar mhótarcharbháin le dhá acastóir agus gearrfar muirear de €88.58 móide CBL ar mhótarcharbháin le acastóir nó níos mó. Tá feithiclí le cóiríocht chónaithe a úsáidtear freisin le hearraí a iompar, is é sin, feithiclí a bhféadfaí cur síos a dhéanamh orthu mar 'veain chónaithe' (iompróirí capall agus araile) do chuspóirí tástála rangaithe mar fheithiclí earraí. Rinneadh é seo a shoiléiriú sna rialacháin leasaithe. Tá tuilleadh eolais, ar an n-áirítear sonraí teagmhála na n-ionad tástála, le fáil ar shuíomh idirlín an RSA faoin táb 'Vehicle Testing' áit a bhfuil leathanach gréasáin cruthaithe maidir le tástáil ródacmhainneachta mótarcharbhán.

## Innill Shoghluaiste

Comhaontaíodh creatlach chun innill shoghluaiste a thabhairt isteach faoi raon an chórais tástála ródacmhainneachta a dhéantar a stiúradh ag Ionaid Tástála Feithiclí Tráchtála leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTAS) agus dhéanfar rialacháin nua maidir le critéir tástála do na feithiclí seo a ullmhú agus cuirfear í faoi bhráid an DTTAS le síneadh an Aire a fháil faoi dheireadh na bliana 2012.

## Frithcháitheadh

Rinneadh dul chun cinn maidir leis an tuarascáil agus moltaí a tháinig ón gcomhairleachán agus bhí rialacháin ann i dtús 2011 ionas go raibh na trucailí nua uilig thar 7.5 tona agus leantóirí thar 3.5 tona feistithe le frithcháitheadh ón 1 Meán Fómhair 2011.

## Criosanna Sábhála ar Bhusanna

Is ceanglas dlíthiúil é anois go gcaithfidh na busanna uilig a iompraíonn páistí a bheith feistithe le criosanna sábhála de chaighdeán inghlactha. Tháinig feidhm dlí leis seo le hIonstraim Reachtúil Uimhir 367 na bliana 2011. Tugadh faoi fheachtas fairsing feasachta sular cuireadh na rialacháin seo i bhfeidhm chun a chinntiú go raibh na húinéirí bus uilig agus baill den phobal ar an eolas faoi na ceanglais nua maidir le hiompar páistí.

## Coscánú

Tháinig rialacháin nua coscánaithe in éifeacht ón 1 Meitheamh 2011 agus baineann siad leis na feithiclí nua paisinéirí uilig, feithiclí earraí agus a leantóirí. Faoi na ceanglais nua, tá ar mhótarfheithiclí agus a leantóirí ceanglais teicniúla na Treorach Coscánaithe an CE. Ceann de phríomhghnéithe na rialachán nua is ea an ceanglais go mbíonn na feithiclí tráchtála uilig ( busanna agus leantóirí troma ina measc) a clárú ón 1 Meitheamh 2011 feistithe le Córas Coscánaithe Frithghlasála (CCF) agus go ndéantar cothabháil ar seo i rith shaol na feithicle. I measc na ngnéithe a bhaineann le leantóirí éadroma (>750 cileagram) a tógadh ón 1 Meitheamh 2011 tá ceanglas go mbíonn coscáin feistithe ar na rothaí uilig agus go bhfuil siad feistithe le feidhmiúlacht uathchúlaithe. Sna nuashonraí don tástáil ródacmhainneachta ar fheithiclí tráchtála, ag teacht tar éis tabhairt isteach rialacháin nua coscánaithe, tá ceanglas go mbíonn na feithiclí agus na leantóirí ábhartha uilig feistithe le córas CCF áta ag feidhmiú i gceart.

## Athbhreithniú ar Theorainneacha Meáchain do Mhótarfheithiclí agus Leantóirí in Éirinn

Thug an tAire Iompair le fios ag deireadh na bliana 2011 go méadófaí an comh-mheáchan ceadaithe uasta d'fheithiclí altacha sé acastóir go 46 tona. Tugadh le fios freisin ag an am sin go leanfadh an maolú de 42 tona d'fheithiclí altacha cúig acastóir go dtí 31 Nollaig 2014, agus go scoirfidh leis ansin. Cuireadh de chúram ar an RSA dréacht-rialacháin a chur faoi bhráid na Roinne a cheadódh d'fheithiclí altacha sé acastóir feidhmiú ag 46 tona. Cuireadh dréacht-rialacháin faoi bhráid na Roinne i Feabhra na bliana 2012 agus táthar a dtabhairt chun críche.

Tá forálacha freisin sna dréacht-rialacháin a shainordaíonn go mbeadh gléasanna ar leith feistithe ar theaglamaí feithiclí earraí troma ag oibriú ag meáchain méadaithe. Taispeánadh go bhfeabhsaíonn gléasanna mar seo sábháilteacht agus feidhmíocht feithiclí earraí troma. Cuimsíonn na forálacha breise seo: Córas Coscánaithe Leictreonach (CCL), Feidhm Chobhsaíochta Feithicle/Leictreonach Rialaithe Cobhsaíochta (LRC), leibhéil astaithe Euro V nó Euro VI, Ardchórais Coscánaithe Éigeandála (ACÉ) agus Córais Rabhaidh Fágála Lána (CRFL).

Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí

## Athbhreithniú ar Úsáid Feithiclí Talmhaíochta agus Oibre ar Bhóithre na hÉireann

Sna blianta 2008-2009, rinne an RSA athbhreithniú cuimsitheach ar úsáid feithiclí talmhaíochta agus oibre ar bhóithre na hÉireann agus, i gcomhar leis an Roinn Iompair, chuir siad tuarascáil mhionshonraithe faoi bhráid an Aire Iompair ag leagan amach ár moltaí. Tá ceadú an Aire ag na moltaí seo anois.

Tiomsaíodh an tuarascáil seo tar éis athbhreithniú mionsonraithe a dhéanamh ar rialachán, rangú agus ceisteanna sábháilteachta maidir lena n-úsáid ar bhóithre poiblí agus áibhsíodh roinnt réimsí a chaithfear a réiteach chun sábháilteacht na dtiománaithe feithiclí seo a fheabhsú, agus sábháilteacht úsáideoirí eile bóithre a d’fhéadfadh teagmáil leo agus bóithre poiblí a n-úsáid acu.

Mar achoimre, beidh an RSA ag cur feabhseachán i bhfeidhm maidir le caighdeáin fheithiclí talmhaíochta a úsáidtear ar bhóithre poiblí ag baint go sonrach le hollmheáchain feithicle agus plátáil, soilsiú agus sofheictheacht, córais coscánaithe agus cúplála agus tástáil ródacmhainneachta. Tabharfaidh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt isteach luasteorainneacha agus cuirfidh said beartas i bhfeidhm maidir le húsáid feithiclí talmhaíochta agus tarlú bóthair.

## Fóram Comhairleach Teicniúil

Le linn 2011, lean an Fóram Comhairleach Teicniúil d’inchur luachmhar a chur ar fáil maidir le caighdeáin theicniúla agus inneachar tástála acmhainneachta in Éirinn sa todhchaí. Críochnaíodh athbhreithniú ar thástáil Feithiclí Earraí Éadroma (FEE) agus chuimsigh sé nuashonraithe chun dul chun cinn i ndearadh agus in innealtóireacht feithiclí a chur san áireamh. San fhóraim tá ionadaithe ó Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, TNG, CTME, Cigireacht Feithiclí an RSA, Oifigigh Údaraithe na nÚdarás Áitiúil,An Garda Síochána, oifig na Rialtóirí Tacsaithe, Coiste Tástála GTF, an AA, Cumann Thionscal Bonn na hÉireann agus an ÚCNÉ.

## Ionadaíocht AE

Bhí an RSA rannpháirteach go gníomhach i gcruinnithe Ghasra Oibre na Comhairle. Sa bhliain 2011, ba é an sainchomhad ba thábhachtaí a cuireadh chun cinn ná an treoir chreatlaí nua do ghluaisrothair (cuadrothair san áireamh). Ar chuspóirí an tsainchomhaid tá tabhairt isteach ceanglais nua sábháilteachta mar an córas coscánaithe frithghlasála sainordaithe atá feistithe ar ghluaisrothair mheánfheidhmíochta agus ardfheidhmíochta, cosc crioscaíle gléasra cumhachta agus soilse reatha lae. Molann an sainchomhad freisin caighdeáin astuithe a threisiú, toisí faireacháin margaidh a thabhairt isteach agus an chreatlach dhlithiúil reatha a shimpliú.

## Tástáil Feithiclí

De réir Treorach 2009/40EC, tá ceanglas ar Bhallstáit an Aontais Eorpaigh socruithe a bheith i bhfearas acu don tástáil éigeantach thréimhsiúil maidir le ródacmhainneacht mhótarfheithiclí agus leantóirí atá cláraithe acu. Ón 13 Meán Fómhair 2006 i leith, tá an RSA freagrach as tástáil feithiclí, feidhmiú chonradh Seirbhíse tástála Náisiúnta (STNG) san áireamh.

## Conradh na Seirbhíse Tástála Náisiúnta Gluaisteán 2011

Cuireann Applus an tSeirbhís Tástála Náisiúnta Gluaisteán (STNG) ar fáil i 46 ionad tástála timpeall na tíre. Déanann an RSA, le cabhair ó Chonraitheoir Seirbhísí Maoirseachta (CSM), agus Conraitheoir Eilimintí Teicniúla (CET), AA Ireland Ltd, monatóireacht ar an tslí a chloíonn conraitheoir an STNG le príomh-mhéadracht feidhmíochta agus comhaontuithe seirbhíse. Cuimsíonn siad seo seiceáil rialta ar chruinneas tástálacha, treimhsí feithimh ar thástálacha , leibhéil sástachta custaiméirí, eisiúint réamhfhógraí, comhsheasmhacht trealaimh, athchigireacht neamhspleách ar charranna a tástálaíodh agus athbhreithnithe ar oibríochtaí STNG. Chomhlíon Applus na toisí feidhmíochta riachtanacha i 2011.

D’aithin an RSA i gcónaí, ina ról maoirsithe an STNG an gá atá le comhsheasmhacht maidir le hardchaighdeáin tástála feithiclí, is cuma cén t-ionad tástála ag a ndéantar an fheithicil a thástáil, nó na cúinsí ina ndéantar í a thástáil.

Le blianta beaga anuas, spreag an RSA cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí agus modhanna oibre nua le cabhrú le monatóireacht ar thástáil m.sh. TCI ar na lánaí tástála, ceamairí suite ceangailte le trealamh tástála, tabhairt isteach seiceálacha aitheantais do dhaoine a thugann feithiclí chun tástála, cianchórais ar líne chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht tástála agus ag coinneáil feithiclí chun athchigireachta neamhpleách.



## Bainistíocht Calaoise

Sa chlár Primetime Investigates de chuid RTÉ a craoladh ar an 16 Bealtaine 2011, ardaíodh ceisteanna faoi rialuithe caighdeáin agus sláine an STNG. Cé go bhfuil sé ina ábhar imscrúdaithe leanúnach ag Gardaí, le roinnt ceisteanna neamhchruthaithe fós, d'oibrigh an RSA go dlúth le foireann shinsearach bainistíochta an chonraitheora STNG agus le Conraitheoir Seirbhísí Maoirseachta (CSM) chun na cúiseanna a bhí le heachtraí ar leith a tuairisciú sa chlár a aimsiú agus chun gníomhartha a chur i bhfeidhm a dhéanfaidh a leithéidí de chúinsí a chosc nó a thabhairt faoi ndeara as seo amach.

Tá plean láidir bainistíochta frithchalaoise curtha in áit a thugann mionsonraí faoi thoisí breise atá ag feidhmiú chun gníomhaíochtaí calaoise a íoslaghdú, mar aon le céimeanna chun daoine aonair agus comhlachtaí a dhéanfadh iarracht deimhnuithe ródacmhainneachta d'fheithiclí a fháil ar shlite neamhdhleathacha a aithint. Cuimsíonn príomhghnéithe de seo, ag a bhfuil comhoibriú an phobail riachtanach, feasacht an riachtanais go mbeadh seiceáil aitheantais ann do dhaoine a thugann feithiclí chun tástála agus líne nua rúnda 'sceithire' teileafóin agus córas ríomhphoist a thabhairt isteach ag a bhfuil rochtain ag baill foirne agus an pobal araon.
**(Beolíne teileafóin rúnda: 1890 928580; Ríomhphost: integrity@ncts.ie)**

Tá an RSA tiomanta dá ról ag déanamh cigireachta agus monatóireachta ar an STNG chun córas tástála a chur ar fáil a chomhlíonann caighdeáin dea-chleachtais, atá inchurtha le tagarmharcáil idirnáisiúnta agus a bhfuil muinín ag an bpobal as. Tá siad muiníneach go bhfuil conraitheoir STNG tiomanta do dheireadh a chur le calaois. Tháinig feabhas suntasach ar chaighdeán flít carranna na hÉireann ó tugadh isteach an tástáil corradh le 10 mbliana ó shin.

## Aitheantas an Láithreora

Tá an riachtanas go dtaispeánann an té a thugann feithicil chun tástála aitheantas i bhfeidhm ó Eanáir 2010. Tá sé tábhachtach g mbíonn a fhios ag daoine go mbíonn ar dhaoine a thugann carranna chuig an TNG a gceadúnas tiomána a thaispeáint, mura dtaispeánann d'fhéadfadh an STNG diúltú an fheithicil a thástáil nó an deimhniú tástála a eisiúint go dtaispeánfar aitheantas.

## Tástáil Bhliantúil ar Charranna 10 mBliana d'Aois

Tugadh isteach tástáil bhliantúil ar charranna 10 mbliana d'aois agus níos sine i 2011 agus cuireadh tús léi ar an 1 Meitheamh. Ciallaíonn sé seo go bhfaighidh na carranna uilig a tugadh chuig TNG cothrom lae an 10ú bliain nó chuig TNG ina dhiaidh sin ar nó tar éis 1 Meitheamh 2011 deimhniú bailí suas go dtí bliain amháin. Is den riachtanas a chinntiú go ndéantar cothabháil go minic ar sheanfheithiclí agus go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm ar ár mbóithre. Tá ráta pasála TNG do charranna ceithre bliana d'aois thar 70% ach laghdaíonn sé go meánráta 33% do charranna os cionn 10 mbliana d'aois.

## Fíricí Imbhuailtí Bóthair 2010

Tá seanfheithiclí níos dóchúla a bheith páirteach i n-imbhuailtí freisin. Taispeánann Fíricí Imbhuailtí Bóthair 2010 go raibh feithiclí a bhí 10 mbliana d'aois nó níos sine páirteach i 42.9% d'imbhuailtí marfacha. Bhí feithiclí a bhí 10 mbliana d'aois nó níos sine páirteach i 36.6% de thromghortuithe.

## Líon na dTástálacha a Stiúir an STNG

- Sa bhliain 2008, stiúradh 835,802 tástáil iomlán le pasráta de 51.9% agus stiúradh 402,125 atástáil le pasráta de 86.8%
- Sa bhliain 2009, stiúradh 864,499 tástáil iomlán le pasráta de 51.5% agus stiúradh 367,467 atástáil le pasráta de 90.7%
- Sa bhliain 2010, stiúradh 893,713 tástáil iomlán le pasráta de 51.7% agus stiúradh 379,622 atástáil le pasráta de 90.6%
- Sa bhliain 2011, stiúradh 984,968 tástáil iomlán le pasráta de 50.5% agus stiúradh 464,337 atástáil le pasráta de 90.5%

## Na Nithe a Scrúdaíonn an Tástáil TNG

**Le linn an TNG, déantar míreanna sonracha a sheiceáil agus a thástáil. Cuimsíonn siad seo:**

- Coscáin
- Astuithe Sceite
- Rothaí agus Boinn
- Soilse
- Stiúradh agus crochadh
- Fonnadh agus fo-chabhail
- Córais leictreacha
- Gloine agus scátháin
- Traiseoladh
- Taobh Istigh
- Córas breosla



## Athruithe TNG ón 1 Eanáir 2012

Thug Treoir 2010/48/EU údarás d'athruithe sna tástála ródacmhainneachta tréimhsiúla. Is é cuspóir na Treorach seo ná córais tástála na mBallstát a chomhchuibhiú agus, den chéad uair, tá liosta ann de na modhanna tástála agus fáthanna teipe do na míreanna uilig. Modhnaíodh roinnt de na míreanna tástála sa tástáil TNG chun cleachtais na Treorach a chomhlíonadh. Bhí éifeacht leis na hathruithe seo ón 1 Eanáir 2012.

- Suíocháin
- Feidhmíocht ar phríomhchoscáin
- Lampaí seachtracha
- Riocht agus suíomh lampa cúnta
- Cabhailobair agus córas sceite
- Sonraíocht bonn
- Nascáil stiúrtha, crochadh agus gléasra cumhachta
- Córas leictreachais
- Cúl-lampa(í) ceo
- Táscairí mífheidhme

## Sástacht le Seirbhísí Custaiméirí TNG

Ceann de phríomhghnéithe an TNG ar a bhfuil monatóireacht rialta riachtanach is ea leibhéal sástachta custaiméirí. Rinneadh PricewaterhouseCooper (PwC) a choimisiúnú le cabhrú le cigireacht an chonartha. Déantar suirbhéanna ar shástacht custaiméirí a stiúradh go ráithiúil chun a chinntiú go bhfuil an STNG ag comhlíonadh an chaighdéain atá riachtanach. Sa bhliain 2011, bhí sástacht leis an tseirbhís iomlán a fuarthas ón STNG ag 83.7%, céatadán a bhí beagán níos airde ná mar a breathnaíodh sa bhliain 2010 (84%).



## Líon Tástálacha de réir Ionaid 2011

| Centre | Pass (Initial Test) | Fail (Initial Test) | Pass (Re-test) | Fail (Re-test) | Total Passes | Total Tests |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Mainistir na Féile | 5,969 | 4,661 | 4,093 | 358 | 10,062 | 10,630 |
| an tInbhear Mór | 7,958 | 8,224 | 7,093 | 831 | 15,051 | 16,182 |
| Baile Átha Luain | 8,191 | 7,363 | 6,524 | 679 | 14,715 | 15,554 |
| Béal an Átha | 5,636 | 6,316 | 5,400 | 499 | 11,036 | 11,952 |
| An Chathair | 10,496 | 10,161 | 8,498 | 818 | 18,994 | 20,657 |
| Cathair Saidhbhín | 1,597 | 674 | 619 | 25 | 2,216 | 2,271 |
| Ceatharlach | 9,535 | 11,323 | 9,635 | 1,103 | 19,170 | 20,858 |
| Carn Domhnach | 2,513 | 2,017 | 2,034 | 157 | 4,547 | 4,530 |
| Cora Droma Rúisc | 4,961 | 5,006 | 4,417 | 379 | 9,378 | 9,967 |
| Caisleán Riabhach | 5,596 | 5,368 | 4,535 | 439 | 10,131 | 10,964 |
| an Cabhán | 4,629 | 6,065 | 5,292 | 666 | 9,921 | 10,694 |
| Ráth Luirc | 7,486 | 4,299 | 4,068 | 298 | 11,554 | 11,785 |
| An Clochán | 1,166 | 1,717 | 1,571 | 132 | 2,737 | 2,883 |
| Corcaigh an Bhlarna | 15,916 | 14,094 | 12,000 | 1,113 | 27,916 | 30,010 |
| Corcaigh – an tOileán Beag | 29,639 | 22,385 | 20,348 | 1,696 | 49,987 | 52,024 |
| Gráinseach an Déin | 38,008 | 35,052 | 30,766 | 2,811 | 68,774 | 73,060 |
| Na Doirí Beaga | 1,998 | 1,941 | 1,862 | 113 | 3,860 | 3,939 |
| Dún na nGall | 4,885 | 3,473 | 3,083 | 289 | 7,968 | 8,358 |
| Droichead Átha | 13,510 | 11,010 | 9,400 | 878 | 22,910 | 24,520 |
| Dún Dealgan | 6,745 | 7,943 | 6,630 | 845 | 13,375 | 14,688 |
| Inis | 10,605 | 11,821 | 9,766 | 1,273 | 20,371 | 22,426 |
| Inis Córthaidh | 13,835 | 13,507 | 11,884 | 1,072 | 25,719 | 27,342 |
| Cnoc an Fhuaráin | 31,575 | 41,315 | 32,132 | 4,235 | 63,707 | 72,890 |
| Gaillimh | 20,986 | 22,207 | 19,340 | 2,227 | 40,326 | 43,193 |
| Na Glaschnoic | 14,755 | 13,703 | 13,750 | 1,468 | 28,505 | 28,458 |
| Ceanannas | 11,007 | 11,008 | 9,208 | 946 | 20,215 | 22,015 |
| Cill Chainnigh | 10,102 | 8,888 | 7,624 | 730 | 17,726 | 18,990 |
| Cill Airne | 7,592 | 5,586 | 5,182 | 424 | 12,774 | 13,178 |
| Leitir Ceanainn | 8,609 | 8,886 | 7,824 | 824 | 16,433 | 17,495 |
| Luimneach | 20,009 | 18,682 | 16,832 | 1,645 | 36,841 | 38,691 |
| An Longfort | 5,185 | 5,452 | 4,664 | 566 | 9,849 | 10,637 |
| Maigh Chromtha | 7,340 | 5,257 | 4,747 | 437 | 12,087 | 12,597 |
| Muineachán | 4,337 | 5,322 | 4,679 | 557 | 9,016 | 9,659 |
| An Muileann gCearr | 5,929 | 7,552 | 6,395 | 776 | 12,324 | 13,481 |
| an Nás | 15,703 | 15,896 | 12,748 | 1,418 | 28,451 | 31,599 |
| an tAonach | 10,473 | 8,355 | 7,557 | 555 | 18,030 | 18,828 |
| an Pointe Thuaidh 1 | 18,357 | 22,114 | 17,516 | 2,524 | 35,873 | 40,471 |
| an Pointe Thuaidh 2 | 28,687 | 33,009 | 29,347 | 3,490 | 58,034 | 61,696 |
| Port Laoise | 8,794 | 7,450 | 6,941 | 582 | 5,735 | 16,244 |
| An Sciobairín | 6,626 | 4,862 | 4,384 | 350 | 11,010 | 11,488 |
| Sligeach | 6,228 | 7,065 | 6,133 | 561 | 12,361 | 13,293 |
| Trá Lí | 9,638 | 6,722 | 5,845 | 465 | 15,483 | 16,360 |
| An Tulach Mhór | 6,537 | 7,776 | 6,265 | 881 | 12,802 | 14,313 |
| Port Láirge | 14,898 | 12,759 | 10,784 | 1,139 | 25,682 | 27,657 |
| Cathair na Mart | 8,388 | 7,222 | 6,363 | 553 | 14,751 | 15,610 |
| Eochaill | 5,931 | 4,901 | 4,343 | 389 | 10,274 | 10,832 |

## Tástáil Feithiclí Tráchtála (TFT)

Déanann breis agus 146 ionad tástála, atá oibrithe go príobháideach an tástáil bhliantúil ar fheithiclí tráchtála, agus ceapann na hÚdaráis Áitiúla iad agus déanann siad cigireacht orthu. De réir na dtuairisceán a chuir na hionaid tástála ar ais chuig an RSA, rinneadh 117,686 éigin tástálacha ar Fheithiclí Earraí Troma ( laghdú de níos lú ná 10% ar 2010) agus 395,956 tástálacha ar Fheithiclí Earraí Éadroma ( méadú de bhreis agus 2% ar 2010) sa bhliain 2011. Sa bhliain 2011, thug Cigirí Feithiclí an RSA cuairt ar 167 nIonad Tástála Feithiclí Tráchtála chun athbhreithniú a dhéanamh ar chomhlíonadh chaighdeán tástála ar fheithiclí tráchtála sna hionaid tástála agus comhsheasmhacht na tástála. Pléadh fadhbanna ar bith a aimsíodh leis na Údaráis Áitiúla atá freagrach as ceadúnú agus cigireacht ionaid tástála na bhfeithiclí tráchtála.

## Seiceálacha Cois Bóthair ar Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála

Tá na Gardaí freagrach as forfheidhmiú ródacmhainneachta feithiclí tráchtála cois bóthair. Tá tacaíocht an RSA acu san fheidhm seo. Ghlac Cigirí Feithiclí de chuid an RSA páirt i 597 ionad seiceála cois bóthair i 2011. Rinneadh seiceáil ródacmhainneachta ar 4,919 bhfeithicil agus léirigh siad seo go raibh 2,312 fheithicil nó 47.8% díobh lochtach. Bhí lochtanna chomh tromchúiseach sin ar 32% de na feithiclí seo is go raibh sé riachtanach gníomhú láithreach, mar ghaibhniú, deisiú ar an suíomh nó tástáil nua.

## Tuarascála ó Bhallstáit eile de chuis an AE ar Fheithiclí Tráchtála na hÉireann

Le linn 2011, fuair an RSA tuarascála ó Ghníomhaireacht Caighdeán Oibreoirí Feithiclí (GCOF) na RA gur stopadh 4,005 feithicil tráchtála de chuid na hÉireann sa RA le lochtanna feithicle agus go raibh 24.51% de na lochtanna rangaithe mar tromchúiseach. Leantóirí ba ea thar 50% de na feithiclí lochtacha seo a thuairiscigh an GCOF agus lochtanna tromchúiseacha ba ea 29% de lochtanna leantóirí. Sa bhliain 2011, rinne an RSA na tuarascála uilig a fuair siad a thaifeadadh agus a aithbhreithniú agus d'eisigh siad 814 litir chuig oibreoirí maidir le lochtanna tromchúiseacha a tuairisciú.

## Cothabháil Feithiclí Tráchtála

Sa bhliain 2011, lean an RSA de scaipeadh 'Treoir chun feithiclí tráchtála a choinneáil ródacmhainneach'. Tá mionsonraí sa treoir ar conas gur féidir le hoibreoir córas cothabhála coisctheach a chur i bhfeidhm go héifeachtach le móran de na gnéithe simplí, ar bheagán costais agus siosmaideach agus gur féidir leis na hoibreoirí uilig a chur i bhfeidhm go héasca. Is iomaí leas gur féidir a bhaint as córas éifeachtach cothabhála feithiclí a bheith in ionad, ar a n-áirítear méadú ar shástacht custaiméirí, laghdú ar chliseadh feithiclí, costais laghdaithe cothabhála agus méadú ar shábháiteacht ar bhóithre d'úsáideoirí bóthair uilig. D'fhéadfaí formhór na lochtanna a fuarthas cois bóthair a shonrú dá siúlfadh an tiománaí timpeall agus é ag seiceáil agus thiocfadh iad a réiteach sula cuireadh an fheithicil ar an mbóthar. Tá póstaeir maidir le seiceáil siúl timpeall sa treoir d'fheithiclí difriúla le mionsonraí na nithe ba cheart don tiománaí a sheiceáil.

## Clár Leasaithe Ródacmhainneachta Feithiclí Tráchtála (RFT)

Tá an RSA ag obair faoi láthair ar chur i bhfeidhm chlár fhairsing leasaithe maidir le Ródacmhainneacht Feithiclí Tráchtála. Tugadh isteach an clár mar thoradh ar achainí ón Aire Iompair athbhreithniú mionsonrach a dhéanamh ar thástáil ródacmhainneachta na hÉireann, comhlíonadh agus córas forfheidhmithe. Cuireadh de chúram ar an RSA na moltaí seo a chur i gcrích agus tugadh isteach clár leasaithe RFTgo foirmiúil in Iúil 2010. Tá trí dhual i gcur chuige leasaithe an RFT. Is iad seo forfheidhmiú cois bóthair, seiceálacha tréimhsiúla agus seiceálacha oibreora.

Is é an cuspóir ar an iomlán atá ag an gclár claochlaithe ná athrú céime a dhéanamh i gcaighdeán na bhfeithiclí tráchta agus dá thoradh sin cabhrú le sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú, brú tráchta a laghdú, comórtas cóir a chinntiú, feasacht i bhfad níos mó faoi cheisteanna sábháilteachta ar bhóithre agus cultúr sábháilteachta a fheabhsú laistigh de thionscal an iompair.

Trí na leasuithe seo, is é cuspóir an RSA ná iarrachtaí comhlíonta agus forfheidhmithe a dhíriú den chuid is mó ar na hoibritheoirí sin a roghnaíonn gan a bhflít a choinneáil i riocht ródacmhainneachta 365 lá sa bhliain (agus atá ina riosca sábháilteachta ar bhóithre poiblí), agus is féidir le hoibritheoirí comhlíontacha leanúint ar aghaidh lena ngnó le riosca níos ísle go gcuirfear isteach orthu. Tá an RSA ag coinne le tionchar dearfach ar shábháilteacht ar bhóithre agus ar bhrú tráchta tríd an riocht feabhsaithe ar fheithiclí a chláraítear in Éirinn agus freisin trí dhíriú isteach ar fheithiclí idirnáisiúnta in Éirinn agus ar chlú idirnáisiúnta fheithiclí Éireannacha atá ag feidhmiú i dtíortha eile. Sa bhliain 2011, d'fhorbair an RSA beartais, nósanna imeachta agus próisis a chabhróidh leo an clár CVR a sholáthar go réidh. D'aistrigh 16 bhall foirne ar an iomlán ó Údaráis Áitiúla le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt agus do sholáthar an tionscnaimh. Bhí comhliúchán poiblí ann le foirne sna hionaid tástála agus na hoibritheoirí araon maidir leis na leasaithe a bhí beartaithe. Cuireadh torthaí an chomhliúcháin le chéile agus scaipeadh cáipéis fhreagartha ar na páirtithe leasmhara uilig agus cuireadh suas í an shuíomh idirlín an RSA **www.rsa.ie**

Chuir an RSA forbairt chun cinn freisin maidir le réiteach comhtháite TFC don Chóras Faisnéise Feithicli Tráchtála (CFFT), príomhcheann tiomána agus uirlis a dhéanfaidh an RSA a úsáid chun a fhreagrachtaí a chur i bhfeidhm, monatóireacht agus forfheidhmiú a dhéanamh orthu maidir le húdarú agus maoirseacht tástála feithiclí tráchtála. Cabhróidh an CFFT leis an RSA chun a chinntiú go ndéantar tástáil ar fheithiclí go caighdeán coitianta agus tabharfaidh siad tacaíocht d'fhorfheidhmiú faisnéis-bhunaithe trí dhíriú isteach ar oibritheoirí neamhchomhlíontacha. Tabharfaidh CFFT tacaíocht do chomhtháthú iomlán de ghníomhaíochtaí forfheidhmithe uilig an RSA maidir le fheithiclí tráchtála.

Le cois ródacmhainneachta feithiclí, déanfaidh sé gníomhaíocht fhorfheidhmithe a thaifeadadh ar uaireanna tiománaí (a chuimsíonn ionchúisimh faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2008 (Iompar ar Bhóthair) (Dálaí Oibre agus Sábháilteachta ar Bhóithre) agus tarlú gan cheadúnas. Is í an aidhm ná comhéadan úsáideora amháin a chruthú ina mbíonn próifíl de gach oibritheoir agus feithicil gur féidir a úsáid chun spriocdhíriú ar oibritheoirí neamhchomhlíontacha. Sa bhliain 2011, bhí próiseas soláthair ar siúl ag an RSA don Chóras CFFT. Táthar ag tnúth go mbeidh an Córas CFFT oibríochtúil i 2013. Bhuail an grúpa feidhmithe leasaithe, ar a bhfuil ball den RSA mar chathaoirleach, le hionadaithe ó phríomhpháirtithe leasmhara mar An Roinn Iompair, An Garda Síochána agus Údaráis Áitiúla, le chéile go rialta chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmiú RFT i 2011. Tá an chéad chéim den chlár sceidealaithe faoi láthair le bheith oibríochtúil sa dara ceathrú de 2013.

Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí

**Cuimsíonn gnéithe eile:**

- Próisis agus nósanna imeachta forfheidhmithe cois bóthair feabhsaithe, a chuimsíonn áis le feithiclí neamhchomhlíontacha a dhíluailigh agus feabhas ar úsáid agus chomhordú gníomhaireachtaí forfheidhmithe.
- Caighdeán feabhsaithe de thástáil fheithiclí tráchtála agus bainistiú sruthlínithe ar an gcóras tástála trí údarú ionad tástála a aistriú go dtí an RSA
- Feabhas spriocdhírithe ar oibritheoirí feithiclí tráchtála trí theaglaim d'oideachas agus d'fhorfheidhmiú rioscabhunaithe
- Athruithe reachtacha leis na spriocanna insoláthartha thuas a chumasú
- Úsáid straitéiseach de theicneolaíocht forfheidhmithe cois bóthair a chuimsíonn cianrochtain agus gléasanna bailithe sonraí, ANPR agus WIMS

Is clár caste é an clár leasaithe a sholáthfar thar 18 mhí go dhá bhliain.

## Ceadanna Speisialta

Eisíodh ceadanna do 20 feithicil a sháraigh Rialacháin um Déanamh, Trealamh agus Úsáid, Déanamh agus Úsáid agus Soilsiú, leis sin ag ceadú iad a úsáid ar bhóithre poiblí. Bhí 18 do bhusanna, trí chead do dhaoine ina seasamh san áireamh. Eisíodh cead do chosantóir jípe a tiontaíodh go PSV mór agus eisíodh cead freisin do thraein talún úrnuachta.

## Forfheidhmiú Tarlaithe Bóthair

Tá sé de chúram ar an RSA, mar aon leis an nGarda Síochána reachtaíocht AE agus náisiúnta iompair ar bhóthar a fhorfheidhmiú maidir le tacagraif, rialacha AE faoi uaireanta tiománaithe, Treoir Ama Oibre um Iompar ar Bhóthar agus ceadúnú oibritheoirí tarlaithe bóthair agus paisinéirí chun a bheith ag gabháil d'oibríochtaí fruilithe agus luaíochta. Déanann an RSA agus an Garda Síochána forfheidhmiú cois bóthair agus déanann an RSA imscrúdú freisin agus forfheidhmíonn siad ag áitreabh na n-oibritheoirí.

Tá sé d'aidhm ag straitéis fhorfheidhmithe an RSA sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn trí fheabhas a chuir ar an tslí a gcomhlíonann oibritheoirí agus tiománaithe rialacha ama tiomána, tréimhsí sosa agus scíthe, agus riachtanais tacagraif. Tá uaireanta oibre agus scíthe na dtiománaithe rialaithe chun tuirse tiománaithe a sheachaint. Ceann de phríomhchúiseanna le himbhuailtí tráchta bóthair i measc thiománaithe feithiclí móra is ea tuirse. Ní aon ionadh é seo nuair a chuimhnítear go gcaitheann tiománaithe FET tréimhsí an-fhada ar na bóithre agus bíonn siad páirteach i sealobair agus i bpátrúin oibre neamhrialta. Is guais oibre í tuirse tiománaithe do thiománaithe feithiclí móra tráchtála, a chaitear a bhainistiú le córas sábháilte oibre, faoi dhlíthe Sábháilteachta agus Sláinte.

Níl sé ar acmhainn ag tiománaí ar bith a bheith tuirseach nó níl sé ar acmhainn ag aon duine eile go mbeadh tiománaí tuirseach. Agus iad ag aithint rioscanna sábháilteachta ar bhóithre a bhaineann le tuirse agus an toradh diúltach d'iomaíocht chóir, tá an RSA ag glacadh chucu féin an t-am ar fad straitéis rioscabhunaithe maidir le forfheidhmiú áit a bhfuil ciontóirí seasmhacha mar spriocanna le cigireacht níos minice agus níos doimhne agus cigireacht ar oibritheoirí comhlíontacha a léiríonn leibhéil mhaithe comhlíontachta a íoslaghdú chomh fada agus is féidir.

## Forbhreathnú Gníomhaíochta sa Bhliain 2011

Léiríonn gníomhaíochtaí forfheidhmithe an RSA méadú bliain i ndiaidh bliana ar chigireacht agus ionchúisimh sa Chúirt. Cuireadh roinnt nuálaíochtaí i bhfeidhm i 2011 a ceapadh chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhorfheidhmithe a fheabhsú agus ag an am céanna cur le beartas an Rialtais an t-ualach riaracháin ar ghnó a laghdú.

## Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe Cois Bóthair

Ghlac Oifigigh Iompair an RSA páirt í 596 sheiceáil cois bóthair le linn 2011 agus rinne siad cigireacht ar thaifid ama tiomána do 3,781 tiománaí. Tá seo i gcomparáid le 510 seiceáil agus 3,143 chigireacht ar thiománaithe i 2010. Bhí seiceála cois bóthair ar siúl ar raon leathan den ghréasán bóthair agus cuireadh toisí ar leith in ionad chun deis a íoslaghdú do thiománaithe agus oibritheoirí neamhchomhlíontacha seicphointí a sheachaint.

## Seiceála ar Áitribh Oibritheoirí

Rinneadh seiceáil ar 682 áitreabh oibritheoirí le linn 2011. Tugann seiceála ag áitribh deis d'Oifigigh Iompair an RSA comhairle agus treoir a thabhairt d'oibritheoirí faoi chórais le comhlíontacht a eagrú agus a bhainistiú maidir le rialacha tacagraif agus ama tiomána. D'fhreagair a lán oibritheoirí go dearfa trí chórais agus nósanna imeachta a fheabhsaíonn comhlíontacht a nuashonrú. Cé go n-oibreoidh an tÚdarás le hoibritheoirí a léiríonn tiomantas chun a mbéasaí a leasú agus comhlíontacht a fheabhsú, déanfaidh an tÚdarás ionchúisimh nuair is gá ag brath ar nádúr agus tromchúiseacht na sáruithe, ciontaíl an oibritheora agus forleithne sáruithe a tugadh faoi deara le linn imscrúduithe.

## Rath an RSA sa Chúirt — 2011

D'ionchúisigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre 201cás go rathúil sna Cúirteanna Dúiche (i gcomparáid le 74 i 2010). Baineann formhór na gcásanna a ionchúisíodh sa Chúirt le sáruithe rialacha uaireanta tiománaí, tacagraif agus ceadúnaithe oibritheoirí.

De ghnáth tugtar imeachtaí i gcoinne tiománaithe agus oibritheoirí. Tá an t-oibritheoir freagrach as gníomhaíochtaí gach tiománaí a eagrú agus as cinntiú go gcomhlíontar rialacha tacagraif agus uaireanta tiománaí. Táthar spriocdhírithe ar chiontóirí seasmhacha chun cigireacht mhinic cois bóthair agus ag áitribh araon. Bhain cuid de na cásanna a ionchúisíodh go rathúil le húsáid gléasanna ionramhála tacagraif a ceapadh chun an iomarca tiomána a "fholach" nó loiceadh scíthe nó sosanna a ghlacadh.

Tá torthaí chásanna an RSA foilsithe ar shuíomh idirlín an RSA ag **www.rsa.ie/prosecutions.**

Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí

## Gnéithe Straitéiseacha — Forfheidhmiú

Is í an straitéis iomlán fhorfheidhmithe a cuireadh in ionad maidir le seiceála cois bóthair agus áitreabh ná iarrachtaí forfheidhmithe a spriocdhíriú ar oibritheoirí neamhchomhlíontacha agus an am céanna míchaoithiúlacht oibritheoirí géilliúil don dlí a íoslaghdú.

Tá an cumas forfheidhmithe ar fud an Stáit a leathnú go sonraíoch de thoradh ar an gcóras nua íoslódála do thacagraf digiteach a fuair an Garda Síochána a cuireadh ar fáil i ngach rannán de na Gardaí. Tá an tÚdarás ag cur na n-acmhainní ganna forfheidhmithe atá ar fáil dóibh ar spriocdhíriú na n-oibritheoirí is airde riosca agus ag an am céanna a bheith le feiceáil go minic ag seiceála cois bóthair agus ag oibriú le hoibritheoirí atá tiomanta d'fheabhsú a leibhéil chomhlíontachta.

Pléann Treoir an AE 2006/22/EC le forfheidhmiú rialacha tacagraif agus uaireanta tiománaithe agus cuireann sé de dhualgas ar Bhallstáít líon íosta seiceála cois bóthair agus áitribh a dhéanamh in aghaidh na bliana. Sháraigh an Stáit an sprioc iomlán do 2009 agus 2010. Tá socruithe in ionad a chun a chinntiú go mbainfidh an Stát amach spriocanna íosta an AE do 2011 agus 2012. Tá na toisí éagsúla forfheidhmithe, oideachais agus comhleacháin atá an RSA ag cur i bhfeidhm ceaptha chun spriocanna Straitéise Sábháilteachta ar Bhóithre 2007 – 2012 a bhaint amach.

Bhí an RSA i dteagmháil leis an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt faoi dhréachtú moltaí do reachtaíocht nua a bhaineann le leasú an chórais cheadúnaithe oibritheoirí sa Stát agus go sonrach aistarraingt, fionraí ceadúnas oibritheoirí mar a bhfuil fianaise de chiontú seasmhach maidir le coireanna uaireanta tiománaí, tacagraif agus ródacmhainneachta.

Tá caidreamh leanúnach leis na comhlachais ionadaíocha éagsúla faoi fhorfheidhmiú agus cúrsaí dlí atá ag teacht chun cinn. Ghlac an RSA páirt in imeachtaí éagsúla a d'eagraigh comhlachais tráchtála a chuimsigh láithreacht ag seimineáir agus ceardlanna.

## Tuarascála ó Bhallstáit eile maidir le sáruithe tiománaithe

Fuarthas tuarascála ó Bhallstáit eile maidir le sáruithe tiománaithe a bhaineann le rialacha tacagraif agus uaireanta tiománaithe agus iad ag oibriú sna Stáit sin.Déantar an t-eolas seo a thaifeadadh agus úsáidtear é chun spriocdhíriú ar oibritheoirí. Fuarthas tuarascála faoi 828 dtiománaí i 2011. Fuarthas formhór na dtuarascála seo ón RA.

## Forbairtí Reachtacha

**Rinneadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach 2008 (SI 62 de 2008) (Iompar ar Bhóthair) (Dálaí Oibre agus Sábháilteachta ar Bhóithre) a nuashonrú trí ghlacadh le:**

- **SI 386 de 2011 maidir le haitheantas frithpháirteach d'fheithiclí áirithe iompair bóthair ag oibriú ar aicmí áirithe gníomhaíochtaí iompair idir an Stát agus an Bhreatain Mhór agus Tuaisceart Éireann ó rialacha tacagraif agus uaireanta tiománaithe an AE; agus**
- **SI 578 de 2011 maidir le hathrú táillí iníoctha do chártaí tacagraif digitigh agus táillí laghdaithe d'iarratasóirí a úsáideann áis iarratais ar líne de chuid an RSA**

San Acht um Thrácht ar Bhóithre 2010 tá forálacha do bhunú scéime um pionós socraithe do choireanna a bhaineann le hiompar ar bhóithre. Tá an RSA ag gabháil do chur i bhfeidhm na scéime leis an Roinn Turasóireachta, Iompair agus Spóirt agus an Garda Síochána.

Caighdeáin agus Forfheidhmiú Feithiclí

## Scéim Thacagraif Dhigitigh

Tá an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre freagrach freisin as an Scéim Thacagraif Dhigitigh a riar ar son an Stáit.Ón uair a thóg an RSA an fheidhm seo chucu féin i 2007, d'oibrigh sé le seirbhís do chustaiméirí den scoth a chur ar fáil d'iarratasóirí cártaí tacagraif digitigh.

I Nollaig na bliana 2011, cuirfeadh feabhas níos mó fós ar sheirbhís do chustaiméirí le teacht na háise iarratais ar líne atá ar fáil 24/7 do thiománaithe FET agus busanna go bhfuil cártaí tiománaithe tacagraif digitigh de dhíth orthu. Ligeann an córas ar líne do thiománaithe iarratas a dhéanamh go tapa agus go furasta ar chárta tiománaí ag táille laghdaithe de €45 i gcomparáid leis an ngnáth-tháille de €60 d'iarratais páipéarbhunaithe. Tugann an difríocht sa táille aitheantas don laghdú riaracháin don RSA agus don oibritheoir. Glacadh leis an gcóras nua níos fearr má mar a bhíothas ag súil agus laistigh den chéad chúpla seachtain rinneadh 62% de na hiarratais uilig ar líne.

Bhí 11,521 iarratas ann do chártaí a rinneadh a phróiseáil le linn 2011 i gcomparáid le 8,691 i 2010. Bhain beagnach 30% de na hiarratais le hathnuachan cártaí tacagraif a bhí ann cheana. Sáraíodh agaí slánúcháin spriocta do phróiseáil iarratas bailí – faigheann formhór na n-iarratasóirí cártaí anois laistigh de choicís.



# 5

# Seirbhísí Corparáideacha

**Tá an RSA tiománta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideacha a choinneáil mar chuid de chur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit. Sa bhliain 2011, thionól Bord an RSA naoi gcruinniú agus thionól an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí ceithre chruinniú. Chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an RSA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí, a chlúdaigh an tréimhse 2011. Chuir Iniúchóirí Inmheánacha an RSA (Mazars) an plean i bhfeidhm agus rinne siad tuairisciú air.**



## Achmhainní Daonna

Tá an RSA tiománta do na caighdeáin is airde de rialachas corparáideacha a choinneáil mar chuid de chur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais um Chomhlachtaí Stáit. Sa bhliain 2011, thionól Bord an RSA naoi gcruinniú agus thionól an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí ceithre chruinniú. Chomhaontaigh an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an RSA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí, a chlúdaigh an tréimhse 2011. Chuir Iniúchóirí Inmheánacha an RSA (Mazars) an plean i bhfeidhm agus rinne siad tuairisciú air.


## Soláthar Foirne

Leanann an rannóg AD de thabhairt tacaíochta do na Stiúrthóireachtaí uilig maidir le ceisteanna soláthair foirne, forbairt fheidhmíochta, bainistiú asláithreachtaí, oiliúint, sláinte agus sábháilteacht, agus caidreamh a chothú idir baill foirne, bainisteoirí agus lucht na gceardchumann.


## Bainistiú Neamhláithreachta

Tá an státseirbhísigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí le chéile ina mbaill foirne den Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Ba é an leibhéal foirne mar a bhí ar an 31 Nollaig ná 295 bhall foirne(284.69 coibhéis lánaimseartha ag obair i ngach ceann de na ceithre Stiúrthóireacht. Chuaigh ochtar san RSA ar scor i 2011..


**Taispeánann an graf seo a leanas na leibhéil saoire breoiteachta deimhnithe (líon na laethanta iarbhír a cailleadh) i 2011 i gcomparáid le leibhéil 2010:**




**Taispeánann an graf seo a leanas na leibhéil saoire breoiteachta neamhdheimhnithe (líon na laetheanta iarbhír a cailleadh) i 2011 i gcomparáid le leibhéil 2010:**



**Ba é costas saoire breoiteachta don Údarásum Shábháilteacht ar Bhóithre ná €547,659 don bhliain, agus tá dáileadh an chostais seo léirithe sa chairt seo leanas:**




## Earcaíocht

Ní raibh aon earcú oscailte ann i 2011 de bhun an mhoratóra ar earcaíocht foirne. Cuireadh an Tionscnamh Leasaithe um Fheithiclí Tráchtála de chúram, áfach, ar an RSA agus d'éirigh le 13 dhuine ag agallamh chun a bheith ar fhoireann an tionscnaimh seo agus d'aistrigh siad go buan óna nÚdaráis Áitiúla faoi seach. Leanfaidh an rannóg AD de chríochnú soláthair foirne de thionscnamh CFR i 2012 laistigh den Chreat Rialaithe Fostaíochta. Cuireadh an Tionsnamh Claochlaoithe um Cheadúnas Tiománaí (Cárta Plaisteach) de chúram ar an RSA freisin agus aistríodh cúigear ball foirne go dtí an RSA ar bhun iasachta ó Chomhairle Chontae Mhaigh Eo le bheith ina mball foirne ar an gcéad fhoireann tionscnaimh.

## Caidreamh Tionsclaíoch

Oibríonn an rannóg AD le hionadaithe ceardchumann agus foirne le dea-chaidreamh oibre a bhaint amach agus tá siad tiomanta do thimpeallacht mhaith do chaidreamh tionsclaíoch a chur chun cinn tríd an Chomhairle um Chaidreamh Tionsclaíoch (CCT) a thagann le chéile go ráithiúil. Bíonn an RSA ag idirghníomhú ar leibhéal ard go leanúnach le hionadaithe foirne go háitiúil.




## Sláinte agus Sábháilteacht

Leanann foireann an RSA de bheith a gcur faoi oiliúint agus faoi oiliúint athnuachana sna réimsí uilig de shláinte agus shábháilteacht mar sábháilteacht ó dhóiteán, ACS agus UDS, comharthaíocht, soilsiú agus gardáil (ag seicphointí cois bóthair) agus láimhsiú sábháilte. Fuair roinnt d'fhoireann an RSA oiliúint mar theagascóirí agus cuirfidh siadsan oiliúint inmheánach ar fáil don chuid eile dár bhfoireann. Bhí an t-aonad sláinte agus sábháilteachta, i gcomhar leis an gCóras Comhtháite Bainistíochta (CCB) rathúil i mbaint amach trí chaighdeán ÚCNÉ don Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre i 2011. B'iad seo ISO 9001 Bainistíocht Cáilíochta, OHSAS18001 Sláinte agus Sábháilteacht agus ISO 14001 Bainistíocht Chomhshaoil. Is é an RSA an chéad chomhlacht seirbhíse poiblí in Éirinn a fuair na trí cinn ar fad de chaighdeáin aitheanta go hidirnáisiúnta.

Seirbhísí Corparáideacha

## Airgeadas

Is í príomhfheidhm an Rannáin Airgeadais ná a chinntiú go bhfuil riarachán láidir airgeadais ag an Údarás de réir timpeallacht rialaithe inmheánaigh.

**Is iad príomhfheidhmeanna rannáin Airgeadais an RSA ná iad seo a leanas:**

- **Pleanáil gnó agus rialú buiséid**
- **Tuairisciú airgeadais agus rialála**
- **Comhlíontacht maidir le hiniúchtaí seachtracha agus inmheánacha**
- **Rialú airgeadais maidir le párolla, taisteal agus cothú, próiseáil íocaíochtaí agus soláthar**
- **Bainistíocht ciste agus airgid tirim**
- **Aitheantas ioncaim nach ioncam státchiste de chuid an Údaráis é**
- **Bainistíocht leathdháilte státchiste an Údaráis**
- **Comhlíontacht maidir le cánacha**
- **Bainistíocht ar shraith iomlán de riachtanais rialachais chorparáidigh**

**Sa bhliain 2011, bhain Rannóg Airgeadais an Údaráis iad seo a leanas amach:**

- **Críochnú Chláir Iniúchta Inmheánaigh an Údarais 2011**
- **Críochnú nuashonraithe bheartas airgeadais uilig an Údaráis ar a n-áirítear cruthú trí bheartas nua airgeadais**
- **Beartas bainistíochta taifead airgeadais**
- **Beartas bainistíochta baincéireachta agus státchiste**
- **Rialachas corparáideach boird agus beartas nósanna imeachta an bhoird**
- **Críochnú Iniúchta an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste den Ráiteas Airgeadais 2010 don bhliain go 31 Nollaig 2010 le léiriú de thuairim ghlan iniúchóra**
- **Rinne Rannóg Airgeadais an RSA a bpríomhchonarthaí seachfhoinsithe freisin a athnuachan i 2011 i gcúrsaí baincéireachta, riarachán párolla agus iniúchadh inmheánach agus tá conarthaí curtha in ionad go dtí 2016 do na seirbhísí sin.**

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

**Le linn 2011, dhírigh rannóg an TFC go príomhach ar na trí réimse seo a leanas:**

- **Tionscadail a chríochnú de réir phlean gnó**
- **An tseirbhís atá anois ann a fheabhsú do chustaiméirí an RSA laistigh agus lasmuigh den eagraíocht araon.**
- **Réitigh theicniúla a aithint agus a sholáthar le sábháil costais a éascú**

## Tionscadail a Cuireadh ar Fáil i 2011

**1. Feabhseacháin ar phróiseáil ar líne um thástáil tiománaithe**

Córas iontrála ar líne feabhsaithe a ligean d’iarratasóirí coinne a fhéin-sceidealú, a chur ar ceal nó a athsceidealú ar líne. Cloíonn an córas nua le caighdeáin idirnáisiúnta do shlándáil gréasáin agus nascleanúint.

**2. Clár Athnuachan Crua-earraí**

Trí sheanchrua-earraí a athchur agus trí fhreastalaithe a bhogadh go timpeallacht fíorúlaithe, bhí rannóg an TFC in ann freastal ar riachtanais TFC an RSA atá ag fás i gcónaí trí líon na bhfreastalithe fisiciúla a úsáidtear mar thacú don timpeallacht seo a laghdú ar a raibh mar thoradh coigilteas suntasach caiteachais caipitiúil mar aon le coigilteas laethúil ar chostais leictreachais, téimh agus aerchóiriúcháin

**3. Slándáil agus Cruachan Freastalaí**

Tá chóras uathoibrithe paisteála (SNFW), frithvíreas uasghrádaithe agus córas aimsithe ionraidh a chur ar fáil agus cuíchóiriú na comadlainne agus na dtimpeallachtaí beartas grúpa, chosnaíomar ár gcrua-earraí TFC, a chuireann ar ár gcumas na príomhchinntí atá fós le cóiriú  a chur i gcrích.

**4. Aistriú Seirbhísí Soghluaiste go O2**

Atairgeadh an conradh chun ár seirbhísí soghluaiste a bhainistiú ag baint úsáide as Creat-chomhaontú na Seirbhíse Náisiúnta Soláthair agus bhí an bua ag O2 san iomaíocht. Chomh maith le gearradh suntasach costais ar ghlór, téacs agus sonraí, spreag an t-aistriú sinn chun athbhreithniú a dhéanamh ar na seirbhísí a chuirtear ar fáil don fhoireann agus chun an tseirbhís a laghdú nuair nach bhféadfaí cás soiléir gnó a dhearbhú. Taispeánann an chomparáid mhíosúil bliain ar bhliain maidir le coigilteas ar chostas ó Dheireadh Fómhair 2011 laghdú de bhreis agus 50% (€6,611 go €3,199).

**5. Tionscadal Thacagraif Dhigitigh ar Líne**

Trí ligean do thiománaithe cárta tacagraif a iarraidh ar líne, d'éirigh leis an RSA freastal ar an méadú ar éileamh gan gá  cúigear ball foirne breise a leithdháileadh.

**6. Oiliúint Riachtanach do Thiománaithe (ORT)**

Chuir rannóg an TFC córas ar fáil a ligeann don aonad um Theagascóir Tiomána Formheasta na taifid oiliúna do thimpeall 60,000 tiománaí céaduaire a ghabháil agus a bhainistiú gan méadú suntasach i líon na mball foirne.

## Seirbhís Feabhsaithe do Chustaiméirí



**1. Custaiméir Seachtrach**


D'éascaigh TFC feabhsaithe sa tseirbhís do chustaiméirí a chur an RSA ar fáil. Bainfeadh é seo amach trí chóras taifeadta glaonna a sholáthar don Ionad Cúraim Custaiméirí rud a lig dúinn oiliúint agus monatóireacht a dhéanamh. Leathnaíomar an córas bainistíochta cumarsáide freisin agus d'feabhsaíomar bainistiú ár n-ábhar ar an ngréasán.

**2. Staitisticí Suímh Gréasáin do 2011**


| | |
|---|---|
| Líon na ndaoine a thug cuairt ar an suíomh | 863,455 |
| Líon comhlán na gcuairteanna | 511,261 |
| Amharcanna leathanaigh | 4,200,363 |
| Meánamharcanna leathanaigh de réir cuairteora | 4.86 |

## Staitisticí Ionaid Glaonna

### 1. Ionad glaonna – gníomhaíocht ghlaonna mhíosúla




### 2. Ionad glaonna – PTFanna míosúla




### 3. Miondealú glaonna bliantúil de réir rannóige

| | |
|---|---|
| Tástáil Tiománaithe | 64% |
| Ceadúnú Tiománaithe | 4% |
| Caighdeáin & Forfheidhmiú | 7% |
| TTF | 14% |
| DIG | 8% |
| Eile – Ceisteanna Ginearálta | 3% |

### 4. Comhlíonadh ár gComhaontú Leibhéal Seirbhíse (CLS)

Comhlíonadh agus/nó ghabhadh thar ár bpríomhspriocanna CLS mar atá sainmhínithe do chustaiméirí inmheánacha:

| CLS | Sprioc | Iarbhír |
|---|---|---|
| Sprioc aga fónaimh an chórais TFC | 99.9% | 99.95% |
| Dúnadh eachtraí Tosaíochta 1 | 90% laistigh de 1 lá oibre | 95% laistigh de 1 lá oibre |
| Dúnadh eachtraí Tosaíochta 2 | 75% laistigh de 3 lá oibre | 85% laistigh de 3 lá oibre |
| Dúnadh eachtraí Tosaíochta | 360% laistigh de 5 lá oibre | 75% laistigh de 3 lá oibre |

## Tionscnaimh chun Éifeachtúlacht a Fheabhsú agus Costais a Laghdú

**1. Socrú físchomhdhála**
Cuireadh suas saoráidí comhdhála seasta comhchomhairle in ionaid réigiúnta. Soláthraíodh cumais físchomhdhála ríomhairí glúine do láithreacha oibre iargúlta agus soghluaiste, rud a laghdaigh an gá le cruinnithe duine le duine.

**2. Stóráil agus roinnt sonraí feabhsaithe**
Trínár dtimpeallacht Comhphointe a leathnú, rud a chur láithreáin eislín slán agus láithreán FTP slán, chuireamar ar chumas fhoireann an RSA sonraí a roinnt idir láithreáin iargúlta agus le húsáideoirí seachtracha freisin.

**3. Éascú próisis leanúnaigh um chreidiúnú ISO**
Sholáthraigh agus leathnaigh an TFC Córas Cliste- ISO, córas foireann-dhírithe monatóireachta agus taispeána PTF, chomh maith le soláthar nuashonruithe agus eolais ábhartha maidir le tionscadail trí spárálaí scáileáin read-ama.

## Bainistiú Eastáit



**Áitribh Oifige**
Le linn 2011, bogadh an t-ionad tástála tiomána i mbaile Dhún na nGall go dtí Ionad Seirbhíse Poiblí Dhún na nGall i nDroim Lonachair sa bhaile. Leis an mbogadh seo, tá an tseirbhís tástála tiománaithe ag oibriú ó shuíomh nua-aimseartha seirbhísithe, atá in ann éilimh na gcustaiméirí a chur ar fáil.

Ina theannta sin le linn 2011, mar gheall ar fhadhbanna tromchúiseacha sláinte agus sábháilteachta ag ár n-ionad tástála tiomána i nDúchluain i gCorcaigh, aistríodh tástáil chatagóra na FETanna uilig go suíomh sealadach ag RFC Bhaile an Chollaigh. Tugann an socrú seo faoiseamh oiriúnach sealadach ó na deacrachtaí atá i nDúchluain ach is mór idir é agus réiteach foirfe. Leanann an RSA ag obair leis an OOP chun réiteach oiriúnach fadtréimhseach a fháil d'ionad cuí tástála tiomána do chathair Chorcaí.

Bhí fadhbanna sláinte agus sábháilteachta freisin ag an RSA lenár n-ionad tástála tiomána i nGuaire, Co. Loch Garman. Ba é réiteach na ndeacrachtaí seo ná an t-ionad tástála a athshuí i gClub CLG Naomh Éanna, Guaire. Tá an socrú seo ag oibriú go maith fad agus atáimid ag feitheamh le réiteach fadtréimhseach.

Mar chuid de Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh, rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt comhairleoirí a choimisiúnú chun tabhairt faoi bhreithmheas roghanna le cabhrú le cinneadh maidir le cé acu ar cheart don RSA leanúint de sholáthar na seirbhíse tástála tiomána go díreach nó ar cheart don RSA í a sheachfhoinsiú go comhpháirtí soláthair seirbhíse. Tar éis don Aire cinneadh a dhéanamh go bhfanfadh soláthar seirbhíse mar fheidhm de chuid an RSA, shocraigh seirbhís tástála tiománaithe athbhreithniú a dhéanamh ar a riachtanais agus ceanglais cóiríochta chun seirbhís níos fearr a chur ar fáil do chustaiméirí sa timpeallacht dheacair eacnamaíochta reatha seo. D'fhéach an t-athbhreithniú seo freisin ar conas a d'fhéadfadh an tseirbhís tástála tiománaithe an ceanglas le costas an Stáit a laghdú maidir le soláthar seirbhísí poiblí trína chaiteachas ar réadmhaoin. Bhí sé d'éifeacht ag a bheith ag feitheamh ar thorthaí an dá athbhreithniú seo gur cuireadh bac ar fheabhsúcháin suntasacha ar bith ar bhail foirgnimh an RSA i rith na bliana.

Le linn 2011, stiúir an RSA tionscadal maidir lenár bhfoirgnimh uilig a athbhrandáil.
Ba é an cuspóir ná comhsheasmhacht a chinntiú idir agus trasna suímh i ndearadh agus leagan amach comharthaíochta seachtrach agus inmheánach araon, chun comharthaí 'sealadacha' ar bith a cuireadh in airde agus comharthaí ar bith nár chomhlíon treoirlínte branda an RSA a dhíothú.

## Saoráil Faisnéise (SF)

Ar feitheamh fairsingiú na n-achtanna SF chun an RSA a chorprú, phléigh an RSA le gach iarratas ar fhaisnéis amhail is dá mbeadh sé clúdaithe ag an reachtaíocht. Phléigh an RSA freisin le hiarratais ar fhaisnéis a rinneadh faoi Rochtain ar Fhaisnéis ar na Rialacháin Comhshaoil, 2007.

## Cosaint Sonraí

Tá an RSA cláraithe mar Rialaitheoir Sonraí le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí. Scaip an RSA a Bheartas Cosanta Sonraí ar na baill foirne uilig agus eisíodh meabhrúcháin maidir le dualgas cúraim le faisnéis phearsanta roinnt uaireanta i rith na bliana. Le linn 2011, ní bhfuarthas iarratais rochtana ar bith faoi na hAchtanna Cosanta Sonraí.

Le linn 2011, laghdaigh an RSA méid a stórála trádstórais d'earraí tionscnaimh.Rinneadh foráil comhpháirtí marsantaithe a sheachfhoinsiú, rud a laghdaigh an méid spáis a bhí de dhíth. Mar chuid den phróiseas seo, thapaigh an RSA an deis le stóráil thirim, shábháilte agus shlán a chur ar fáil do shonraí riachtanacha. Cuireadh stóráil ar fáil laistigh d'fhoirgneamh an RSA le taifid riachtanacha a stóráil le rochtain stiúrtha agus faoi mhonatóireacht.





## Flít an RSA

Oibríonn an RSA flit d'fheithiclí chun freastal ar riachtanais oibriúcháin a stiúrthóireachtaí éagsúla. Sa bhliain 2010, cuireadh dhá veain ar fáil tríd an tSeirbhís Náisiúnta Soláthair (SNS) don Stiúrthóireacht Caighdeáin agus Forfheidhmithe mar áis d'Oifigigh Iompair agus seiceála cois bóthair ar siúl acu. Sa bhliain 2011, chuir an SNS ceithre veain breise ar fáil don RSA chun a bhflít forfheidhmithe go sé veain agus chun leibhéal méadaithe de sheiceála comhlíontacha a sholáthar.

Sa bhliain 2011, stiúir an RSA próiseas tairisceana oscailte chun 10 ngluaisrothar agus trealamh cumarsáide gaolmhar a sholáthar don tseirbhís tástála tiománaithe chun cur ar a gcumas tosú ar thástáil ar gluaisrothar-go-gluaisrothar d'iarrataseoirí tástála tiomána. Ba ghnách leis na tástálaithe tiománaí na tástála seo a stiúradh ag leanúint an ghluaisrothaí ina gcarr. Tá tús le cur le tástáil ar ghluaisrothar-go-gluaisrothar i 2012. Le linn 2011 freisin, stiúir an RSA tairiscint chun feithiclí athsholáthair a chur ar fáil dá gcuid oifigeach a chuireann sábháilteacht ar bhóithre chun cinn le cur ar a gcumas leanúint de scaipeadh teachtaireachta sábháilteachta ar bhóithre ar fud na tire. Tá na feithiclí a bhíodh a n-úsáid ag oifigigh um chur chun cinn sábháilteachta ar bhóithre roimh seo anois ina 'bhfeithiclí i bpáirt' chun úsáide ball foirne eile de chuid an RSA bunaithe sa cheanncheathrú agus iad ag taisteal ar ghnó oifigiúil. Laghdaigh an tionscnamh seo an leibhéal costas taistil a d'íoc an tÚdarás.

## Úsáid Fuinnimh

**Forbhreathnú ar úsáid fuinnimh i 2011**
Sa bhliain 2011, d'úsáid oifigí an RSA i mBéal an Átha 417.533 meigeavatuair fuinnimh, a chuimsíonn:
**413.728 meigeavatuair leictreachais**
**3.805 meigeavatuair breosla iontaise**

**Gníomhartha a rinneadh i 2011**
Sa bhliain 2011, d'fhéach an RSA lenár bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú trí:

- Athbhreithniú a stiúradh de riachtanais soilsithe, a chuimsíonn suiteáil soilsithe braiteora mar is cuí
- Chóras Bainistíochta Foirgneamh a shuiteáil i gcomhar leis an bhfeachtas 'Optimising Power at Work' an OOP
- Athbhreithniú a stiúradh de chórais TFC le súil go mbarrfheabhseofar úsáid cumhachta, go háirithe le trealamh neamhriachtanach
- Oideachas agus feasacht fuinnimh a chur chun cinn i measc bhall foirne oifige

Ní féidir na coigiltis a baineadh amach mar gheall orthu seo a mheas ach is féidir an tairbhe a fheiceáil sa mhéadú ar fheasacht fuinnimh.

**Gníomhartha beartaithe do 2012**
Sa bhliain 2011, is é rún an RSA feabhas níos mó a chur ar fheidhmíocht fuinnimh trí:

- Ceangaltas leanúnach don OOP
- Fheachtas coigilte fuinnimh 'Optimising Power at Work'
- Chóras forásach d'éifeachtúlacht fhuinnimh a chur i bhfeidhm agus oibríochtaí an RSA a 'ghlasú'
- Oideachas a mhéadú agus feasacht fhuinnimh a chur chun cinn don fhoireann uilig de thoradh dheimhniúchán 1SO 14001 a bhaint amach
- Fhéacháil le coigiltis costais a bhaint amach ar sholáthar leictreachais

## Creidiúnú ISO

Mar thoradh ar iniúchadh a stiúir an ÚCNÉ i Samhain 2011, bhain an RSA deimhniúchán amach go rathúil go na trí caighdeáin idirnáisiúnta seo a leanas maidir le seirbhísí a sholáthraigh an RSA agus feidhmeanna a tugadh dóibh:

- ISO 9001: 2008 (Córas Bainistíochta Cáilíochta)
- ISO 14001: 2004 (Córas Bainistíochta Comhshaoil)
- OHSAS 18001: 2007 (Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde)
- Córas Bainistíochta Cáilíochta ISO 9001, an caighdeán córais bainistíochta is cáiliúla in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, atá leagtha amach le leibhéil sástachta custaiméirí, éifeachtúlacht inmheánach agus comhsheasmhacht próisis a fheabhsú
- Cabhraíonn Córas Bainistíochta Comhshaoil ISO 14001 le heagraisí a ndualgais chomhshaoil a chomhlíonadh, a dtionchar ar an gcomhshaol a stiúradh agus a bhfeidhmíocht comhshaoil a fheabhsú
- Cabhraíonn Córas Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde OHSAS 18001 le heagraíochtaí a ndualgais sláinte agus sábháilteachta a chomhlíonadh, tionchar ghuaiseanna féideartha agus iarbhír a stiúradh, agus a bhfeidhmíocht sláinte agus sábháilteachta a fheabhsú

Cuimsíodh baint amach na gcreidiúnuithe seachtracha seo mar éacht mór insoláthartha faoi Chomhaontú Pháirc an Chrócaigh ( le baint amach faoi C4 2011). D'éirigh leis an RSA na creidiúnuithe a bhaint amach ar an gcéad iarracht, agus is é an RSA an chéad chomhlacht poiblí in Éirinn a bhain amach lán na dtrí gcreidiúnú mar chuid de Chóras Chomhtháite Bainistíochta (CCB). Is córas bainistíochta é an CCB a chomhtháthaíonn comhábhair uilig gnó i gcóras comhtháite amháin chun cur ar a chumas a chuspóir agus a mhisean a bhaint amach. Cinntíonn sé go bhfuil nascachtaí agus teorainneacha idir próisis leanúnach agus go bhfuil cleachtais uilig maidir le bainistíocht inmheánach comhcheangailte i gcóras amháin agus nach n-oibríonn siad as comhábhair ar leith.

Aibhsíonn tuarascáil an ECFE, 'I dtreo Seirbhíse Poiblí Comhtháite' (2008), an tábhacht a bhaineann le caighdeáin idirnáisiúnta a bhaint amach don earnáil phoiblí in Éirinn mar is féidir leo:

- Feidhmíocht agus tomhas a fheabhsú
- Tacú le cuspóirí straitéiseacha a bhaint amach
- Soláthar seirbhísí a fheabhsú
- Éifeachtúlachtaí a uasmhéadú
- Creat a chur ar fail d'fheabhsú leanúnach
- Tacú le comhlíontacht reachtúla agus rialála
- Sásamh saoránaigh, custaiméara agus páirtí leasmhar a fheabhsú

Is mór an moladh do cheangaltas agus díograis fhoireann an RSA gur éirigh linn na caighdeáin seo a bhaint am ach, dóibh siúd a bhí páirteach go díreach sa tionscadal agus dóibh siúd ar iarradh orthu cuidiú le linn don tionscadal a bheith ar siúl. Is luach saothair mór é seo don fhoireann uilig ar fud na heagraíochta a chur an oiread sin dua orthu féin ag ullmhú don iniúchadh agus ag cinntiú gur bhain an RSA amach na caighdeáin riachtanacha ar an gcéad iarracht. Tugann an RSA aitheantas do chomhoibriú agus do pháirtíocht dhearfach na foirne uilig a bhí bainteach leis an tionscadal. Taispeánann sé cad is féidir leis an earnáil phoiblí a dhéanamh agus conas is féidir lenár seirbhísí a bheith inchurtha le scrúdan seachtrach. Bhronn an Taoiseach, an tUasal Enda Kenny, deimhnithe go foirmiúil ar an RSA ag searmanas a bhí ar siúl i mBéal an Átha ar an 27 Feabhra 2012.

# Aguisín A

**Sliocht as Ráitis Airgeadais an RSA**
**An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2011**


| | |
|---|---|
| 96 | Faisnéis Ghinearálta |
| 97 | Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis |
| 97 | Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais |
| 99 | Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta |
| 101 | Cuntas Ioncaim agus Caiteachais |
| 102 | Clár Comhardaithe |
| 103 | Nótaí leis na Ráitis Airgeadais |

Aguisín

## Faisnéis Ghinearálta

**Seoladh an Údaráis**
Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín,
Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo.

**Feidhmeannach Sinsearach**
An tUasal Noel Brett — Príomhfheidhmeannach
An tUasal Simon Buckley — Stiúrthóir, Seirbhísí Corparáideacha
Denise Barry Uasal — Stiúrthóir Forfheidhmithe
An tUasal Declan Naughton — Stiúrthóir Tástála Tiománaithe
An tUasal Michael Rowland — Stiúrthóir Sábháilteachta ar Bhóithre

**Baill den Bhord**
**An Tréimhse ó 1 Eanáir 2011 go 13 Meán Fómhair 2011**
An tUasal Gay Byrne — Cathaoirleach
Áine Cornally Uasal
Myra Garrett Uasal
An tUasal Aaron Mac Hale
An tUasal Paul Haran
An tUasal Tony McNamara
Ann McGuinness Uasal
An tUasal Thomas Kelly
An tUasal John O'Gorman

**An Tréimhse ó 14 Meán Fómhair 2011 go 31 Nollaig 2011**
An tUasal Gay Byrne — Cathaoirleach
Áine Cornally Uasal
Myra Garrett Uasal
An tUasal Aaron Mac Hale
An tUasal Eddie Rock
An tUasal Ronan Melvin
Áine Carroll Uasal
An tUasal Sean Finan

**Baincéirí**
Banc na hÉireann, Sráid an Phiarsaigh, Béal an Átha, Contae Mhaigh Eo.

**Iniúchóirí**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Caisleán Bhaile Átha Cliath,
Baile Átha Cliath 2.

**www.rsa.ie**

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Údaráis

Ceanglaíonn Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 ar an bPríomhfheidhmeannach cuntais a chur le chéile agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh.

**Agus na cuntais seo á gcur le chéile, ceanglaítear ar an Údarás na nithe seo a leanas:**

- **Beartais chuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta**
- **Breitheanna agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama**
- **Cuntais a chur le chéile ar bhonn gnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an tÚdarás orthu i mbun feidhme**
- **Aon difríocht ábhair ó chaighdeáin bhainteacha cuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú**

Tá an tÚdarás freagrach as leabhair chuí chuntasaíochta a choimeád, ina nochtar, le cruinneas réasúnta, a staid airgeadais ag tráth ar bith agus a chabhraíonn leo a chinntiú go gcloíonn na cuntais le Ceanglais Reachtúla. Ina theannta sin, tá an tÚdarás freagrach as a gcuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a chur díobh le calaois, mar aon le mírialtachtaí eile, a chosc agus a aimsiú.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ar son an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, tugaim aird ar fhreagrachtaí an Údaráis a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Níl an córas ach in ann a chinntiú go réasúnta, ní go hiomlán, go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a chur i gcuntas go cuí, agus go gcuirtear cosc ar earráidí agus ar mhírialtachtaí ábhartha nó go n-aimsítear go tráthúil iad. Agus breithniú á dhéanamh ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais, beidh aird ag an Údarás agus ag a gCoiste Iniúchta ar riachtanais an Chóid Chleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit, i measc nithe eile.

**Chuir an tÚdarás roinnt céimeanna díobh chun a chinntiú gur ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:**

- **Freagrachtaí bainistíochta, údarás agus freagracht a shainmhíniú go soiléir**
- **Nósanna foirmiúla imeachta a chruthú le monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus ar chosaint sócmhainní**
- **Nós freagrachta a fhorbairt i leibhéil uilig na heagraíochta**

Tá an córas um rialú inmheánach airgeadais bunaithe ar chreatlach thuairiscithe bainistíochta agus nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas mar aon le córas toscaireachta agus freagrachta, lena n-áirítear:

- **Córas tuairiscithe airgeadais a mbaintear leas coitianta as ar fud na hearnála poiblí**
- **Creatlach fhoirmiúil bhliantúil bhuiséadaithe agus pleanála gnó**
- **Athbhreithniú an Bhoird ar chuntais bhainistíochta an Údaráis ar bhonn ráithiúil**

Aguisín

Maidir le 2011 agus ioncam an Státchiste aitheanta, chomhaontaigh an tÚdarás agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt Comhaontú Leibhéil Seirbhíse i dtaca leis na seirbhísí a sholáthraíonn an tÚdarás agus Meabhrán Tuisceana do 2011, a rialaigh tarraingt anuas ioncaim Státchiste chun a chinntiú nach dtarraingeofaí anuas é ach amháin ar bhonn riachtanas.

Braitheann monatóireacht agus athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais de chuid an Údaráis ar obair an iniúchóra inmheánaigh; ar an gCoiste Iniúchta a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúchóra inmheánaigh; agus ar na bainisteoirí feidhmiúcháin laistigh den Údarás atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe airgeadais.

Sa bhliain 2011, stiúradh na hIniúchtaí Inmheánacha seo a leanas agus tuairiscíodh iad do Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí an Údaráis:

- **Iniúchtaí ar Chóras Rialaithe Inmheánaí Airgeadais a stiúradh i Meitheamh 2011 agus iniúchadh leantach i nDeireadh Fómhair 2011**
- **Iniúchadh ar na Socruithe Rialachais Corparáideach san Údarás i Meitheamh 2011**
- **Iniúchadh ar nósanna imeachta Ama agus Tinrimh san Údarás i Meitheamh 2011**
- **Iniúchadh ar phróiseas Bhainistithe Riosca san Údarás i nDeireadh Fómhair 2011**
- **Iniúchadh ar Chonradh Tástála Náisiúnta Gluaisteán & Struchtúr Maoirseachta i nDeireadh Fómhair 2011**

I dteannta na hoibre seo, thug an tÚdarás faoi obair fhairsing maidir le fairsinge agus dóchúlacht riosca gnó i 2011. Rinne an tÚdarás a Bheartas Bainistíochta Riosca a nuashonrú agus d'athbhreithnigh siad an Clár Riosca in Aibreán agus i Meán Fómhair na bliana 2011. Thug an tÚdarás faoin obair seo le riachtanais Ailt 8 de Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2009 (Athbhreithnithe) a chomhlíonadh.

D'athbhreithnigh an tÚdarás a sraith iomlán de dhoiciméadúchán maidir le próiseas Rialaithe Airgeadais agus rinne siad na beartais uilig próisis airgeadais a bhí ann a nuashonrú. Chruthaigh an tÚdarás trí bheartas nua airgeadais i 2011 agus seo a leanas iad:

- **Beartas Bainistíochta um Thaifid Airgeadais**
- **Beartas Bainistíochta um Baincéireacht agus Cistíocht**
- **Rialachas Corparáideach an Bhoird & Beartas Nósanna Imeachta an Bhoird**

Athbhunaíodh Bord an Údaráis ar an 14 Meán Fómhair 2011 agus dhréachtaigh an tÚdarás sraith de dhoiciméadúchán maidir le Rialachas Corparáideach an Bhoird agus Beartas Nósanna Imeachta an Bhoird ionas go mbeadh sé le fáil ag na baill den Bhord a bhí ann cheana agus ag na baill nua.

Deimhním go ndearna an tÚdarás athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais i 2011.

Aguisín

## Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta

Seo a leanas iad na beartais thábhachtacha cuntasaíochta arna nglacadh sna ráitis airgeadais seo:

**Bonn na Cuntasaíochta**
Cuirtear na ráitis airgeadais le chéile de réir an mhodha fabhraithe cuntasaíochta, seachas mar a léirítear thíos, agus de réir prionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go ginearálta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Glactar le caighdeáin um thuairisciú airgeadais a mholann na comhlachtaí aitheanta cuntasaíochta agus iad ina gcaighdeáin infheidhmithe. Cuirfidh an tÚdarás na ráitis airgeadais in éineacht le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi bhráid an Aire Iompair de réir Alt 29 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006.

**Deontas an Stáit**
Léiríonn Deontas an Stáit sa Chuntas Ioncaim agus  Caiteachais an tsuim arna fáil ón Roinn Iompair sa tréimhse i gceist.

**Ioncam Eile**
Léiríonn Ioncam Eile ioncam arna ghnóthú ag an Údarás. De réir an Achta fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 agus an Ordaithe um an Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre (Feidhmeanna a Thabhairt) 2006 – Ionstraim Reachtúil 477 de 2006, is iad na príomhghnéithe Táillí ar Thástáil Tiomána, an Tobhach ar an Tástáil Náisiúnta Gluaisteán, fáltais Tacagraif Dhigitigh agus suimeanna eile a eascraíonn as feachtais agus as cláir an Údaráis. Tháinig athrú ar bheartas cuntasaíochta i 2010 maidir le Táillí ar Thástála Tiomána a bhíodh aitheanta roimh sin ar bhonn fáltas airgid ach atá aitheanta anois sa tréimhse ina ndéantar an tástáil. Aithnítear Táillí ar Thástáil Tacagraif Dhigitigh agus Tástálacha ar Theagascóirí Tiomána Formheasta ar bhonn fáltas airgid.

Léirítear an uile ioncam eile, ar a n-áirítear Táillí ar Thástálacha Tiomána faoin modh fabhraithe cuntasaíochta.

**Sócmhainní Inláimhsithe**
Sonraítear Sócmhainní Inláimhsithe de réir a gcostais stairiúil lúide dímheas carntha. Muirearaítear dímheas ar an gCuntas Ioncaim & Caiteachais ar bhonn dronlíne, ar na rátaí mar atá leagtha amach thíos, chun na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartuithe do luach iarmharach, thar a saolréanna eacnamaíocha fónta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Feabhsúcháin Léasachta | 20 bliain |
| Daingneáin agus Feistis | 5 bliana |
| Mótarfheithiclí | 5 bliana |
| Saintrealamh agus Trealamh Teileachumarsáide | 3 bliana |
| Crua-earraí | 3 bliana |
| Bogearraí Feidhmchláir | 3 bliana |

Aguisín

## Ráiteas ar Bheartais Cuntasaíochta

**Cuntas Caipitil**
Léiríonn an Cuntas Caipitil luach gan amúchadh an ioncaim a caitheadh ar fheidhmeanna caiteachais chaipitil.

**Airgeadraí Iasachtacha**
Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro i rith na tréimhse de réir an ráta a bhí i gceist lá an idirbhirt agus áirítear iad seo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadúla atá ainmnithe in airgeadraí iasachtacha a shóinseáil go euro de réir an ráta a bhí i gceist tráth dháta an chláir chomhardaithe agus déantar gnóthachain agus caillteanais a eascraíonn as seo a áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais don tréimhse i gceist.

**Pinsin Ball Foirne a Aistríodh**
Tá 162 bhall foirne ina mbaill de scéim pinsean na státseirbhíse agus ní mheastar go bhfuil sé cuí dliteanais phinsin na státseirbhísí seo a chuimsiú i ráitis airgid an Údaráis. Tá ranníocaíochtaí pinsin ball foirne inaisíochta leis an Roinn Iompair. Tá Scéim Aoisliúntais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i bhfeidhm do na baill foirne uilig eile a tháinig isteach san Údarás trí chomórtais seachtracha nó ar shlite eile. Amhail an 31 Nollaig 2011, bhí 154 bhall foirne leis an stádas seo.

**Scéim Aoisliúntais an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre**
Forálann Alt 20 den Acht fán Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, 2006 bunú Scéim Aoisliúntais ag an Údarás. Tá an scéim á feidhmiú ag an an Údarás ar bhonn riaracháin ar feitheamh a ceadaithe ag an Aire Iompair, le toiliú an Aire Airgeadais. Scéim shainithe sochair is ea an scéim a ndéantar cistiú uirthi go bliantúil ar bhonn íoctar mar a úsáidtear ó airgead a bhfuil fáil ag an scéim air, lena n-áirítear airgead a chuireann an Roinn Iompair ar fáil. Déantar dliteanais na Scéime Pinsin a thomhas ar bhonn fabhraithe agus leas á bhaint as an modh réamh-mheasta aonaid.

Léiríonn costais phinsin sochair phinsin a ghnóthaigh fostaithe sa tréimhse agus léirítear iomlán na ranníocaíochtaí pinsin atá inaisíoctha leis an Roinn. Sonraítear suim ar ionann í agus an táille ar phinsean mar ioncam sa mhéid agus go bhfuil sé inghnóthaithe agus seach-churtha ag deontais arna bhfáil sa bhliain d'fhonn íocaíochtaí pinsin a dhíscaoileadh.

Léirítear na gnóthachain nó na caillteanais achtúireacha a eascraíonn as dliteanais na scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chaillteanais Aitheanta Iomlána agus tá aird ar athrú comhfhreagrach sa tsuim inghnóthaithe ón Roinn Iompair. Léiríonn dliteanais phinsin luach reatha na n-íocaíochtaí pinsin amach anseo a ghnóthaigh baill foirne go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le gnóthú i dtréimhse amach anseo ón Roinn Iompair.

**Stoc**
Déantar luacháil ar stoic ábhair cheadúnais de réir an ghlanluacha inréadaithe agus de réir an luacha níos ísle inréadaithe.

Aguisín

## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
## An Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2011

| | 2011<br>€ | 2010<br>€ |
|---|---|---|
| Deontas Stáit | 12,039,000 | 23,825,000 |
| | | |
| Aistriú ó Chuntas Caipitil | (849,751) | 1,021,698 |
| Glanmhaoiniú Iarchurtha le haghaidh Pinsean | 1,488,000 | 1,697,000 |
| Ioncam Eile | 27,169,280 | 22,175,039 |
| | **39,846,529** | **48,718,737** |
| Costais Foirne | (17,275,026) | (17,077,079) |
| Comhairle Theicniúil | (600,917) | (824,499) |
| Costais Riaracháin | (4,041,418) | (5,423,100) |
| Costais Clár | (13,603,507) | (13,003,080) |
| Costais Phinsin | (1,651,000) | (1,761,000) |
| Dímheas | (1,189,236) | (1,474,422) |
| | **(38,361,104)** | **(39,563,180)** |
| **Barrachas don bhliain** | **1,485,425** | **9,155,557** |
| | | |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir mar a sonraíodh cheana** | **14,928,460** | **8,952,903** |
| **Coigeartú ón mBliain Roimhe** | — | **(3,180,000)** |
| **Iarmhéid amhail an 1 Eanáir mar a athsonraíodh** | — | **5,772,903** |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **16,413,885** | **14,928,460** |

Aguisín

## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre
## Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2011

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Sócmhainní Seasta** | | |
| Sócmhainní Inláimhsithe | 2,364,477 | 1,514,726 |
| | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | 22,832,616 | 23,519,193 |
| Féichiúnaithe agus Ioncam Fabhraithe | 785,679 | 606,354 |
| Stoc | 127,091 | 66,045 |
| Réamhíocaíochtaí | 188,015 | 157,045 |
| | **23,933,401** | **24,348,637** |
| | | |
| **Creidiúnaithe (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)** | | |
| Creidiúnaithe agus Fabhruithe | (7,519,516) | (9,420,177) |
| | | |
| **Glansócmhainní Reatha/(Dliteanais)** | **16,413,885** | **14,928,460** |
| | | |
| **Sócmhainní Iomlána roimh Phinsin** | **18,778,363** | **16,443,186** |
| | | |
| Maoiniú Iarchurtha Pinsin | 21,600,000 | 18,073,000 |
| Dliteanais Phinsin | (21,600,000) | (18,073,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | **18,778,362** | **16,443,186** |
| | | |
| **Léirithe sa** | | |
| **Chuntas Caipitil** | 2,364,477 | 1,514,726 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | 16,413,885 | 14,928,460 |
| | **18,778,362** | **16,443,186** |

Aguisín

## Nótaí ag gabháil leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2011

### Luach Saothair an Phríomhoifigigh Fheidhmiúcháin

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastal | 153,885 | 153,885 |
| Aoisliúntas | 10,485 | 10,485 |
| **Iomlán** | **164,370** | **164,370** |

Ní bhfuair an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Pá i gCoibhneas le Feidhmíocht i 2010 nó i 2011.

### Díolíochtaí an Stiúrthóra

Ar an 13 Meán Fómhair 2011 chuaigh téarma chéad Bhord an Údaráis in éag. Bunaíodh Bord nua an Údaráis ón 14 Meán Fómhair 2011. Tá dhá thréimhse ar leithligh maidir le Díolíochtaí an Stiúrthóra i 2011 agus tá siad leagtha amach mar seo a leanas:

**An Tréimhse ó 1 Eanáir 2011 go 13 Meán Fómhair 2011**

| **Díolíochtaí an Stiúrthóra** | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Cathaoirleach** | | |
| An tUasal Gay Byrne | 8,868 | 12,600 |
| | | |
| **Baill den Bhord** | | |
| Áine Cornally Uasal | 5,701 | 8,100 |
| Myra Garrett Uasal | 5,701 | 8,100 |
| An tUasal Thomas Kelly | 5,701 | 8,100 |
| An tUasal Aaron Mac Hale | 5,701 | 8,100 |
| Ann McGuinness Uasal | 5,701 | 8,100 |
| An tUasal Tony McNamara | 5,701 | 8,100 |
| An tUasal John O'Gorman | 5,701 | 8,100 |
| An tUasal Paul Haran | - | - |
| **Iomlán** | **48,775** | **69,300** |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2011

## An Tréimhse ó 14 Meán Fómhair 2011 go 31 Nollaig 2011

**Díolíochtaí an Stiúrthóra**

| | **2011** | **2010** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Cathaoirleach** | | |
| An tUasal Gay Byrne | 3,732 | - |
| | | |
| **Baill den Bhord** | | |
| Áine Cornally Uasal | 2,399 | - |
| Myra Garrett Uasal | 2,399 | - |
| An tUasal Aaron Mac Hale | 2,399 | - |
| An tUasal Eddie Rock | 2,399 | - |
| An tUasal Ronan Melvin | 2,399 | - |
| An tUasal Sean Finan | 2,399 | - |
| Áine Carroll Uasal | 2,399 | - |
| **Iomlán** | **18,126** | **-** |
| **Gach Rud Iomlán** | **66,901** | **69,300** |

**Costais an Stiúrthóra**

| | 2011 | 2010 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Taisteal | 5,661 | 6,065 |
| Costas Cothaithe | 1,495 | 1,653 |
| **Iomlán** | **7,156** | **7,718** |

**Taifead Tinrimh an Stiúrthóra**

Tionóladh naoi (9) gcruinniú Boird i 2011. De réir Ailt 3.8 de Chód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit 2009 (Athbhreithnithe), ba cheart tinreamh gach Baill den Bhord a bheith tuairiscithe sa Tuarascáil Bhliantúil, leagan an tábla seo a leanas amach tionramh gach Baill den Bhord i 2011 don tréimhse ó 1 Eanáir 2011 go 13 Meán Fómhair 2011 agus don tréimhse ó 14 Meán Fómhair 2011 go 31 Nollaig 2011.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2011

### An Tréimhse ó 1 Eanáir 2011 go 13 Meán Fómhair 2011

| Tinreamh an Stiúrthóra | 2011 |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | |
| An tUasal Gay Byrne | 7 |
| **Baill den Bhord** | |
| Áine Cornally Uasal | 6 |
| Myra Garrett Uasal | 6 |
| An tUasal Thomas Kelly | 6 |
| An tUasal Aaron Mac Hale | 6 |
| Ann McGuinness Uasal | 6 |
| An tUasal Tony McNamara | 7 |
| An tUasal John O'Gorman | 6 |
| An tUasal Paul Haran | 6 |

### An Tréimhse ó 14 Meán Fómhair 2011 go 31 Nollaig 2011

| Tinreamh an Stiúrthóra | 2011 |
|---|---|
| **Cathaoirleach** | |
| An tUasal Gay Byrne | 2 |
| **Baill den Bhord** | |
| Áine Cornally Uasal | 2 |
| Myra Garrett Uasal | 2 |
| An tUasal Aaron Mac Hale | 2 |
| An tUasal Eddie Rock | 2 |
| An tUasal Ronan Melvin | 2 |
| An tUasal Sean Finan | 2 |
| Áine Carroll Uasal | 2 |

## An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre ag Obair le Beatha a Shábháil

**Is mian leis an RSA buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí seo a leanas as a dtacaíocht i 2011:**

A-CEART
Advance Pitstop
An Garda Síochána
Teagascóirí Tiomána Formheasta (TTFanna)
Automobile Association
BRÍ
Bus Éireann
Coach Tourism and Transport Council
National Transport Authority
Cork University Hospital
County Childcare Committees
Cycling Ireland
Cycling.ie
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
(TY Programme)
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus
Rialtais Áitiúil
Department of the Environment (TÉ)
An Roinn Gnóthaí Eachtracha
An Roinn Iompair
DIAI
Bus Átha Cliath
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Caisleán Bhaile Átha Cliath
BSL
European Transport Safety Council (ETSC)
Fleet Magazine
Football Association of Ireland (FAI)
Scoileanna Glasa
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte
IDAI
Irish Farmers Association (IFA)
Irish Farmers Journal (IFJ)
Irish Road Haulage Association (IRHA)
Irish Rugby Football Union (IRFU)
iRadio
Údaráis Áitiúla
Local Government Computer Science Board
MEAS
Media
Medical Bureau of Road Safety (MBRS)
Met Eireann
Mid West Radio
Muintir na Tire
National Community Fora
National Rehabilitation Hospital,
Dun Laoghaire
National Roads Authority
National Standards Authority of Ireland
(NSAI)
No Names Club
O'Brien Press
Ordnance Survey Ireland
PARC
Responsible Young Drivers (YTD)
Reynolds Logistics Ltd
Oifigigh Shábháilteachta ar Bhóithre agus
Údaráis Áitiúla
Road Safety Together
Roscommon Herald
Rose of Tralee Festival
Setanta Insurance
Smarter Travel
Society for the Irish Motor Industry (SIMI)
Coláistí Tríú Leibhéal
Tony Kealy's Baby Store
Topaz
Coláiste na Trionóide
Aontas na Mac Léinn in Éirinn
Coláiste na hOllscoile Corcaigh(COC)
Volvo
Mercedes
Working Groups

Ag Obair Chun Beatha Daoine A Shábháil


Údarás Um Shábháilteacht Ar Bhóithre

Road Safety Authority

Páirc Ghnó Ghleann na Muaidhe, Cnoc an tSabhaircín,Bóthar Bhaile Átha Cliath, Béal an Átha, Co. Mhaigh Eo.
Moy Valley Business Park, Primrose Hill, Dublin Road,Ballina, Co. Mayo.
locall: 1890 50 60 80   fax: (096) 25 252   email: info@rsa.ie   website: www.rsa.ie